.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

Nótaí le Comhar na Múinteoirí Gaeilge
L. 22 agus 23

"Où est la sortie de VIP s'il vous plaît?
L. 11

Beidh sé deacair ar Éirinn an Fhrainc a chloí
L. 31

Naomh Bríd?
L. 25

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 5

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

01.02.2012

Feall!

Ní raibh sé ar intinn riamh ag Rialtas na Breataine Acht Gaeilge a reachtú d'ainneoin a bhfuil i "gComhaontú Chill Rìmhinn"

Anton Mac Cába, tuairisciú sa bhreis le hAlison Ní Dhorchaidhe

NÍ raibh rialtas na Breataine riamh dáiríre faoi reachtaíocht Ghaeilge a bhí geallta i gComhaontú Chill Rìmhinn.

Ba é Comhaontú Chill Rìmhinn (*The St. Andrew's Agreement*) a chuir tús leis na socruithe reatha sa Tuaisceart.

B'shin a scríobh Peter Hain, Stát-Rúnaí an Tuaiscirt ag an am, ina chuimhní cinn '*Outside In*,' a foilsíodh seachtain ó shin.

Nuair a bhí na cainteanna ar siúl agus an Comhaontú dá dhéanamh réidh, scríobh Hain go ndearna Gerry Adams seasamh ar son reachtaíochta Gaeilge: "*Constitutionally and politically it was nonsense. But Adams was insistent, so we put some words in anyway*."

"Constitutionally and politically it was nonsense. But Adams was insistent, so we put some words in anyway" : Peter Hain

Dar le Hain nach gcuirfí an reachtaíocht seo i bhfeidhm: "*Furthermore, in the event of devolution, responsibility would pass to the Assembly. How could the government legislate for the language over their heads? Adams still pressed hard. Apparent to all was the irony of 'the Brits' forcing the language on the Irish against the wishes of an Assembly in which the unionists had a blocking majority*."

Sula ndeachaigh sé chuig an Tuaisceart, bhí Hain ina Stát-Rúnaí sa Bhreatain Bheag. Dúirt sé go raibh Breatnais ag 20% sa Bhreatain Bheag: "In Northern Ireland, it was under one per cent." De réir dhaonáireamh 2001, bhí Gaeilge de chineál éigin ag 10.4%.

Dúirt Janet Muller, príomh-fheidhmeannach POBAL, go raibh an sliocht ón leabhar "iontach suimiúil - léiríonn sé go raibh an bharúil a bhí againne ceart, go raibh sé ag déanamh dochair do chearta na Gaeilge."

Dearbhaíonn sé seo an t-amhras go raibh an rialtas ag caitheamh leis an Ghaeilge mar liathróid peile pholaitiúil. Bhí Peter Hain i lár an aonaigh ann."

Roinnt míonna roimh Chomhaontú Chill Rìmhinn bhí Hain sásta úsáid a bhaint as an Ghaeilge mar uirlis in éadan na nAontachtach. Bhagair orthu, muna dtiocfadh siad ar shocrú le náisiúnaithe: "*The Assembly will close down, the salaries will stop, the allowances will stop...The Irish language legislation will be taken forward at Westminster*."

Thosaigh Hain amach mar radacaí. Tógadh san Afraic Theas é. Bhí a thuismitheoirí in éadan na cinedheighilte, b'éigean dóibh imeacht go Sasana. Roimhe sin, agus é 13, labhair Hain ag tórramh ghníomhairea cuireadh chun báis. I Sasana, bhí Hain ina radacaí sna Liobrálaigh Óga, gur eagraigh léirsithe in éadan na cinedheighilte agus an fhaisisteachais. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí an Anti-Nazi League. Chláraigh sé leis an Lucht Oibre in 1977. Bhí sé ag bogadh ar chlé ag an am: sna 80í, thosaigh sé ag bogadh i dtreo bhunaíocht an Lucht Oibre. Bhí air éirí as an rialtas in 2008 de bharr ceisteanna faoi mhaoiniú a fheachtais do leas-cheannaireacht an Lucht Oibre.

Tá sé ina fheisire do Castell-nedd sa Bhreatain Bheag le scór bliain. Dar le Breatnaiseoirí, níor léirigh sé riamh móran suime sa Bhreatnais, ná naimhdeas dó: go dtí gur thug sé tacaíocht don fheachtas le S4C a shábháil.

Dúirt Hain le Gaelscéal go seasann sé leis an rud a scríobh sé sa leabhar. "*BUT don't spin please! My point was then and remains that it was nonsense for UK Govt to legislate as Gerry (Adams) was demanding when this would be a devolved matter. I was then and remain a supporter of the language*."

Peter Hain MP

Spás tionscail níos saoire i mbailte móra ná sa nGaeltacht

Máirtín Ó Catháin

TÁ comhlachtaí agus tionsclóirí in ann áiteachaí a fháil ar cíos i gcathracha agus i mbailte móra anois níos saoire ná i gceantracha tuaithe Gaeltachta. Tá seo ag déanamh imní do bhainistíocht Údarás na Gaeltachta agus iad ag iarraidh postanna a thabhairt i dtreo na Gaeltachta. Tarraingíodh an cheist anuas ag cruinniú Bhord Údarás na Gaeltachta Dé hAoine seo caite ach tuigtear nár dearnadh aon athruithe fós.

Roinntear cúrsaí cíosa ina gceithre rannóg ghinearálta ar fhoirgnimh Údarás na Gaeltachta, ag brath ar an gceantar. Bíonn difríochtaí sa gcíos freisin ag brath ar chaighdeán an fhoirgnimh agus na seirbhísí a bhíonn ar fáil ann. Ach mar shlat tomhais ghinearálta seo iad na táillí cíosa bliantúla sna réigiúin éagsúla agus Conamara tógtha mar shampla:

Ar lean ar leathanach 2

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

An Cumann Sóisialta ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua ag bronnadh seic do €1080 ar Choiste Chúram Leanaí na Ceathrún Rua le déanaí.

Spás tionscail níos saoire i mbailte móra ná sa nGaeltacht

Ar lean ó leathanach a haon

* **Rannóg 1: Gar do Ghaillimh - an Spidéal agus Indreabhán mar shampla - €43 an méadar cearnach;**
* **Rannóg 2: Leath bealaigh amach - Casla mar shampla, €32 an méadar cearnach;**
* **Rannóg 3: Píosa mór siar - Carna agus Ros Muc mar shampla - €16 an méadar cearnach.**
* **Rannóg 4: Ar na hoileáin mhara - Árainn - €7.**

Cé nach raibh na táillí seo ina gceist mhór ar feadh roinnt blianta ní hionann an cás anois. Tharla sé gur fágadh go leor spás tionsclaíoch i gcathracha agus i mbailte móra nuair a tháinig lagan ar gheilleagar na hÉireann. Tá cuid de na foirgintí sin dá dtairiscint anois do thionsclóirí agus lucht gnó ar an gcios céanna leis an nGaeltacht, nó níos ísle scaití.

Tuairiscíonn Enterprise Ireland go bhfuil spás tionsclaíoch ar fáil ar phraghsanna idir €12 agus €30 an méadar cearnach in áiteacha i gcathair na Gaillimhe. Tá an rud céanna amhlaidh i mbailte móra eile san iarthar. Fágann sin go bhféadfadh duine/comhlacht margadh níos fearr a fháil ar spás sa mbaile mór agus na buntáistí seirbhíse agus taistil a bheith aige leis - seachas lonnú sa nGaeltacht.

Tá spás oifige ag imeacht ar cíos idir €30 agus €60 i nGaillimh agus i mbailte móra san iarthar, ag brath ar na seirbhísí atá ar fáil. Bheadh difríochtaí sna praghsanna ar spás oifige sa nGaeltacht ach tá costas €54 an méadar cearnach ar an Ionad Gnó nua atá tógtha (agus folamh fós) ar an Eastát Tionscail i Roisín na Mainiach i gCarna. Tá an tIonad seo i gceann de na ceantracha Gaeltachta atá i bhfad amach - Réigiún 3.

Comhlacht forbartha ón taobh amuigh ag plé le cúraimí MFG sa nGaeltacht - socrú nua molta

Máirtín Ó Catháin

BEIDH an eagraíocht Fóram i Leitir Fraic sásta dualgaisí an chláir LCDP a láimhsiú i nGaeltacht Chonamara, ag brath ar na coinníollacha a bhaineann leis.

Dheimhnigh foinsí sa bhFóram i Leitir Fraic go bhfuaireadar litir ón eagraíocht Pobal faoi seo. Tá freagra tugtha acu ar an litir ag rá go bhfuileadar sásta i bprionsabal glacadh leis na cúraimí sin. Cláracha oiliúna den chuid is mó a thagann faoi scáth an LCDP - *Local Community Development Programme*.

Bhíodh Meitheal Forbartha na Gaeltachta ag láimhsiú an chláir seo sa nGaeltacht nó gur cuireadh an comhlacht sin faoi chúram leachtaitheora. Tuigtear go mbeidh Fóram Chonamara i Leitir Fraic ag tóraíocht tuilleadh eolais sula gcuirfí aon mholadh faoi láimhsiú an chláir LCDP faoi bhráid bhord na heagraíochta.

Bíonn cruinnithe boird ag Fóram Leitir Fraic ar an gCéadaoin dheireanach den mhí; beidh an chéad cheann eile ann faoi cheann cheithre seachtainí.

Níl aon cheist curtha ar Fhóram Leitir Fraic faoi láimhsiú scéim Leader i nGaeltacht Chonamara. Bhíodh Meitheal Forbartha na Gaeltachta ag láimhsiú an chláir seo freisin. Ach neartóidh an tuairimíocht go mbeidh Fóram Leitir Fraic bainteach le láimhsiú scéim Leader sa nGaeltacht ó tharla caidéis a bheith curtha orthu faoi chlár oiliúna an LCDP.

D'fhás Fóram Leitir Fraic as gluaiseachtaí éagsúla sa gceantar sin agus cuireann ranna Stáit airgead ar fáil dóibh. Tá baill Comhairle Contae agus feidhmeannaigh ó eagraíochtaí ar nós Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Fáilte Éireann agus dreamanna eile ar an mbord stiúrtha.

Le himeacht na haimsire tugadh cúraimí d'Fhóram Leitir Fraic ar fud iar-thuaisceart Chonamara; an ceantar as an Líonán anuas chomh fada leis an gCaiseal. Déanann siad láimhsiú ar chlár Leader sa taobh sin tíre agus tá cáil bainte amach acu as éifeacht agus stuaim a gcuid oibre.

Ceaptar go bhféadfadh ceangal a bheith idir Fóram Leitir Fraic agus Údarás na Gaeltachta in obair Leader i nGaeltacht Chonamara ach níl aon bhlas deimhnithe faoi sin fós.

Idir an dá linn tuigtear go bhfuil ceist curtha ar an eagraíocht *Galway Rural Development Company* faoi láimhsiú an chláir LCDP sa nGaeltacht freisin. Meastar gurb í an chuid den Ghaeltacht taobh thoir de Ghaillimh a bheadh i gceist ansin. Déanann Galway Rural Development láimhsiú ar chlár Leader i gcuid mhór de chontae na Gaillimhe, ach is taobh amuigh den Ghaeltacht a bhí sé ag feidhmiú go dtí seo.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir
aine.nichuaig@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Clár tallainne 'difriúil' ar RTÉ a haon?

Cén fáth a raibh ar dhaoine pictiúr a chur ar fáil nuair nach bhfeiceann na moltóirí iad?

Katie McGreal

Brian Kennedy, Kian Egan, Sharon Corr agus Bressie, breithiúna an chláir

BHÍ ar iarrthóirí don chlár tallainne nua 'The Voice of Ireland' pictiúr a sheoladh isteach le cur isteach ar an gclár, cé go ndeir lucht an chláir go bhfuil 'The Voice' difriúil le cláir thallainne eile toisc nach bhfeiceann na breithiúna na daoine agus déanann siad a gcinneadh bunaithe go hiomlán ar ghuth an duine.

Bhí foirm iarratais ar líne le seoladh isteach ag na hiarrthóirí chomh maith le físeán nó mp3 díobh féin ag canadh. Deir lucht RTÉ gur i gcomhair a gcuid taifead an pictiúr sin agus go gcoimeádann an comhlacht léiriúcháin, Productions, na pictiúir.

Deir an comhlacht caidrimh phoiblí don chlár, Lindsey Holmes Publicity, nach bhfeiceann na breithiúna na pictiúir. Deir Deirdre Crookes ón gcomhlacht nach bhfuil sí cinnte cén fáth go raibh orthu na pictiúir a sheoladh isteach.

"B'fhéidir gur i gcomhair aitheantais a bhí sé," a deir sí.

Síleann sí go mb'fhéidir gurb é sin formáid an chláir atá á leanúint i dtíortha eile agus, mar sin, gur lean muintir na hÉireann freisin é.

Thosaigh smaoineamh an chláir seo san Ollainn agus sna Stáit Aontaithe agus tá daoine san Astráil, sa Ghearmáin, san India, sa Spáinn agus neart tíortha eile ag obair ar shraitheanna den chineál céanna faoi láthair.

Chuir cúpla míle duine isteach ar an gclár in Éirinn agus phioc an comhlacht léiriúcháin thart ar 150 duine don chéad chuid den chlár. Ina dhiaidh sin, piocann na breithiúna na daoine is fearr leo agus, nuair atá a gcinntí déanta, bíonn ar na hiarrthóirí seó beo a dhéanamh agus déanann muintir an phobail an cinneadh deireanach.

Bíonn 'The Voice of Ireland' ar RTÉ a haon ar an Domhnach ag 6.30in.

Todhchaí aonad Gaeilge RTÉ idir dhá cheann na meá

Colm Ó Broin

TUIGTEAR do Gaelscéal nach bhfuil cinneadh tógtha ag bainistíocht RTÉ maidir le todhchaí aonad Gaeilge teilifíse an chraoltóra. Tá ciorruithe suntasacha le cur i bhfeidhm ar an aonad i mbliana, agus beidh sé go hiomlán díomhaoin ar feadh an dara leath de 2012. Tuigtear nach bhfuil plean fadtéarmach don aonad curtha i dtoll a chéile ag an gcraoltóir ach tá imní i nDomhnach Broc go bhféadfaí fáil réidh leis go hiomlán amach anseo. Laghdóidh an méid uaireanta de chláracha Gaeilge ar RTÉ ó 43 in 2011 go 28 in 2012 agus déanfaidh aonad Gaeilge RTÉ 16 uair as sin. Tá ceathrar tuairisceoir, triúr léiritheoir agus cúntóir amháin ag obair san aonad.

Níl cinneadh tógtha faoi na cláracha a ghearrfar i mbliana ach táthar ag súil go leanfar leis an tsraith Scannal amach anseo ar aon chuma.

Faigheann an clár 15-20% den lucht féachana ag 7.30in Dé Luain, thart ar 250,000, fiú agus é in iomaíocht le Coronation Street ar TV3.

Níl dualgas soiléir ar RTÉ cláracha Gaeilge a chraoladh ach tá orthu uair a chloig in aghaidh an lae a chur ar fáil do TG4.

Is féidir athchraoltaí de chláracha Gaeilge RTÉ a chur san áireamh san ábhar a chuireann siad ar fáil do TG4, rud a chabhróidh le todhchaí an aonaid a shábháil, dar le foinsí. Ní fhaigheann RTÉ airgead do TG4 do na cláracha seo, mar sin an t-aon bhealach atá ann chun airgead a thuilleadh astu ná iad a chraoladh ar RTÉ i dtosach báire, dar le foinsí. Tuar dóchais eile do thodhchaí an aonaid, de réir foinsí, ná go mbeadh sé níos costasaí comhlachtaí neamhspleácha a fháil chun na cláracha Gaeilge ar fad a dhéanamh.

Agóid beartaithe don Dáil ag Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo

Katie McGreal

TÁ agóid á reáchtáil ag Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo (ESG) inniu taobh amuigh den Dáil i mBaile Átha Cliath ag 6in.

Tá an agóid seo mar chuid den fheachtas atá ar bun acu i gcoinne na gciorruithe a bhaineann leis na scoileanna Gaeltachta a tháinig aníos i mBuiséad 2012.

Tá sé ráite ag ESG nach gceapann siad go bhfuil an ceardchumann, Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ), ag seasamh láidir go leor ar son na mball sna ceantair Ghaeltachta.

Dar leo gur chóir go mbeidís i bhfad níos glóraí faoin leatrom atá á dhéanamh ar bhunscoileanna agus bhí cruinniú ag ESG le CMÉ ar an Déardaoin seo caite chun éifeacht na gciorruithe seo a phlé.

Phléigh siad na himpleachtaí uilig a thiocfaidh aníos de bharr na gciorruithe seo, impleachtaí oideachais agus teanga atá "fite fuaite ina chéile sa chás seo," a deir Treasa Ní Mhainín, príomhfheidhmeannach ESG.

Bhí Ní Mhainín lán-sásta leis an bpreasráiteas a sheol CMÉ amach i ndiaidh an chruinnithe áfach.

Dúirt siad go dtuigeann siad cás na scoileanna Gaeltachta agus go dtabharfar an oiread tacaíochta agus is féidir do ESG agus do na scoileanna.

Tá neart rudaí ar bun ag ESG Teo mar chuid den fheachtas seo.

D'eagraigh siad neart cruinnithe poiblí sna ceantair Ghaeltachta ar fad, táthar ag súil le cruinnithe a fháil leis an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, agus leis an Taoiseach Enda Kenny. Labhair siad le neart Teachtaí Dála éagsúla ó na ceantair Ghaeltachta éagsúla freisin.

"Tá fáilte roimh phobal na Gaeltachta uilig," a deir Ní Mhainín faoin agóid. "Baineann sé (an feachtas agus na ciorruithe) le níos mó ná tuismitheoirí sna Gaeltachtaí."

Deir sí go mbeidh neart daoine ó scoileanna beaga lasmuigh den Ghaeltacht i láthair ag an agóid inniu freisin.

Cead faighte ag Údarás na Gaeltachta príomhfheidhmeannach nua a cheapadh

Katie McGreal

FUAIR Údarás na Gaeltachta cead ón rialtas próiseas earcaíochta do phost phríomhfheidhmeannach na heagraíochta a thosú i ndiaidh bliana go leath gan phríomhfheidhmeannach.

Thug Cathaoirleach Bhord an Údaráis le fios don Bhord go bhfuaireadar an cead ag cruinniú sna Forbacha i nGaillimh ar an Aoine seo caite.

D'éirigh an príomhfheidhmeannach deireanach, Pádraig Ó hAoláin, as an bpost i mí na Nollag 2010. Tá Seán Ó Labhraí ina phríomhfheidhmeannach gníomhach san eagraíocht faoi láthair.

Thosaigh siad an próiseas earcaíochta agus tá lucht Údarás na Gaeltachta ag súil go bhfógrófar an post go luath. Fógrófar ar www.publicjobs.ie agus sna meáin náisiúnta é.

Deir na heagraíochtaí Gaeilge, Guth na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge go gcothaíonn an cinneadh seo cinnteacht faoi thodhchaí an Údaráis agus cuireann siad fáilte roimh an gcinneadh

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

NATURA 2000

FÓGRA RIALTAIS

FAOI BHRÁID ÚINÉIRÍ TALÚN AGUS/NÓ CEARTA PORTAIGH A MBEADH SUIM ACU SUÍOMHANNA A THABHAIRT D'ATHLONNÚ DAOINE A BHAINEANN MÓIN I LIMISTÉIR IN AICE LE PORTACH ARDAITHE I LIMISTÉIR CHAOMHANTAIS SPEISIALTA

Ag eascairt as an stad a cuireadh le baint móna ar 53 portach ardaithe i Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag lorg léiriú spéise ó úinéirí talún (lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, institiúidí príobháideacha etc.), nó úinéirí cearta portaigh, a mbeadh suim acu suíomhanna malartacha a chur ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo leanúint ar aghaidh ag baint móna.

D'fhéadfadh an Roinn suíomhanna oiriúnacha a cheannach nó a thógáil ar léas fadtéarmach.

Go ginearálta, ba cheart go mbeadh na suíomhanna sin laistigh d'fhad réasúnach ón bportach ardaithe san SAC a bhfuil tionchar ag an stad air.

Ní chuirfear san áireamh ach suíomhanna ar phortaigh neamhshainithe (i.e. neamhshainithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta nó Limistéar Oidhreachta Náisiúnta).

Is féidir plásóga aonair a chur san áireamh.

Más gá, lorgóidh an Roinn aon chead is gá (e.g. cead pleanála) i gcásanna ina bhfuil breith á dhéanamh ar cheannach nó léas agus beidh sí freagrach as suíomhanna a réiteach le baint más cuí.

Tá eolas maidir le suíomh na bportach ardaithe atá in SACanna le fáil ar www.npws.ie.

Is féidir sonraí (Ainm an Phortaigh, Uimhir Fóilió, Baile Fearainn, Contae, Úinéir Talún nó Ceart Portaigh agus sonraí teagmhála, Heicteáir/Acraí, Infhaighteacht Ionlaigh, agus aon eolas ábhartha eile) a bhaineann le suíomhanna athlonnaithe féideartha a chur chuig an Roinn trí ghlaoch ar Íosghlao 1890-253-147 nó (053) 9117310, ríomhphost a sheoladh chuig designated.bogs@ahg.gov.ie nó trí scríobh chuig: An tAonad Cosanta Suímh, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

Daltaí Choláiste Feirste fós ag fanacht ar a mBus

Anton Mac Cába

NÍL córas taistil ar fáil go fóill ag daltaí Choláiste Feirste atá ina gcónaí i nDún Pádraig, Co. an Dúin.

Sin ainneoin gur rialaigh an Breitheamh Seamus Treacy san Ard-Chúirt an 25 Deireadh Fómhair anuraidh go gcuirfí a leithéid ar fáil. Bíonn ar dhaltaí a dtáillí bus féin a dhíol. Tá sin costasach go maith. Is £36.50 (€43.67) sa tseachtain atá i gceist do dhaltaí thar 16, agus £18.25 (€21.84) dóibh siúd faoin aois sin.

Thosaigh feachtas sé bliana ó shin. Chuir an Comhairleoir Cadogan Enright ón gComhaontas Glas i nDún Pádraig tús leis.

Bhí iníon leis ar Choláiste Feirste ag an am. Tá sí ar an ollscoil anois. "Tá buachaill óg againn, tá sé ar an bhunscoil i nDún Pádraig, tá súil again go mbeidh sé ag dul go Coláiste Feirste," arsa Enright.

Ón dheis, an Comhairleoir Cadogan Enright, Fionntán Ó Fionnáil, Pól Graham, Deirdre Ó Fionnáil, Ruadhraí Ó Fionnáil agus Colma McKee taobh amuigh na cúirte i mBéal Feirste.

"Bíonn thart ar dheichniúr ag dul ó Dhún Pádraig go Coláiste Feirste gach lá, bheadh níos mó ann dá mbeadh bus ann."

Tá seasamh Enright bunaithe ar an líon busanna a théann ó Dhún Pádraig go scoileanna eile i mBéal Feirste. Rinne sé léarscáil de na busanna atá ar fáil ó bhailtí eile chuig scoileanna i mBéal Feirste.

Ghlac gobharnóirí Mheánscoil Feirste le feachtas Enright. Thug siad an cás chun na hArd-Chúirte. Bhí an bua soiléir. Dúirt an Breitheamh Treacy: "In my view the provision of transport facilities to schools in any sector is critical to the development of that sector and the provision of genuine parental choice. As CnaG put it in their written argument it is not possible to divorce the development of schools from the means by which students are going to get to them."

Tuigtear do Ghaelscéal go bhfuil cainteanna ar siúl. Dúirt urlabhraí thar ceann na Roinne Oideachais go raibh siad ag amharc ar an cheist, mar a d'ordaigh an chúirt dóibh a dhéanamh. Dúirt urlabhraí thar ceann Choláiste Feirste nach raibh siad le rud ar bith a rá ag an phointe seo.

Cainéal iTunes U COGG le seoladh

Katie McGreal

SEOLFAIDH Edel Ní Chuireáin ó RTÉ Raidió na Gaeltachta an acmhainn foghlama nua ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 'Cainéal iTunes U COGG' in Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna i gConamara inniu ag 2in.

Tá thart ar 300 mír foghlama ó bhunábhar i gcartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cartlann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ann. Tá idir fhuaim agus fhís sna míreanna foghlama ina bhfuil amhráin á gcasadh, dánta á n-aithris, scéalta spraíúla á n-insint, eolas á roinnt agus míreanna staire á gcur i láthair i gcanúintí éagsúla na Gaeilge. Is ar theagasc na Gaeilge agus ar an teagasc trí Ghaeilge i ranganna 5 agus 6 i mbunscoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge atá na hacmhainní seo dírithe. Tá acmhainní foghlama atá feiliúnach do spriocghrúpaí eile ar fáil ar an gcainéal freisin.



www.iTunes.cogg.ie

Faoi láthair, is cainéal píolótach é agus i ndiaidh an tseolta rachaidh lucht COGG agus lucht an Acadaimh i dteagmháil le scoileanna áirithe chun iad a chur ar an eolas faoin gcainéal. Beidh siad ag lorg mholtaí agus thuairimí na múinteoirí atá ag úsáid an chainéil freisin ionas gur féidir leo tuilleadh cainéal mar seo a fhorbairt sa todhchaí.

Thosaigh lucht an Acadaimh ag obair air in 2010 nuair a tháinig COGG i dteagmháil leo. Shíl siad go raibh easpa acmhainní Gaeilge do mhúinteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge ar fáil.

Tá tuilleadh eolais ar an gcainéal ar fáil ar shuíomh an Acadaimh, www.acadamh.ie. Insítear conas an cainéal a fháil agus conas é a úsáid chomh maith le heolas ginearálta a thabhairt duit air. Tháinig an maoiniú uilig ó COGG.

Tá fáilte roimh chách ag an seoladh agus craolfaidh RTÉ Raidió na Gaeltachta an seoladh ar fad beo ó Charna.

Ó Brolcháin dóchasach faoi réiteach ar an 'Samhail Nua'

Anton Mac Cába

TÁ an Comhalta den Tionól Reachtach Dominic Ó Brolcháin den bharúil gur féidir teacht ar shocrú sásúil maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe. Tá an plean maoinithe seo do na heagrais Ghaeilge ina ábhar conspóide le tamall.

Dúirt an Brolchánach go raibh seo de bharr teangmhála le Foras na Gaeilge le tamall anuas. Thuig go raibh ar an bhForas amharc ar dhóigheanna eile lena gcuid oibre a dhéanamh, de bharr ciorruithe sa bhuiséad. Dar leis nach amháin gurbh fhéidir teacht ar réiteach, ach go raibh sin riachtanach. "Tuigimid go bhfuil géarchéim airgeadais ann," ar seisean.

"Tá féidearthachtaí ann trí dhul i gcomhairle leis na heagrais, teacht ar bhealach le dul chun tosaigh. Níl sé ar leas na Gaeilge go mbeadh an dá thaobh in adharca lena chéile."

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Seachnaítear bearta 'nach ndéanfaidh mórán difríochta'

Taictic choitianta atá ag polaiteoirí ná maíomh a dhéanamh nach ndéanfaidh rud atá beartaithe acu mórán difríochta. Sea, nach ndéanfaidh mórán difríochta. Mar shampla nuair a rinneadh príobháidiú ar Aer Lingus dúirt an rialtas ag an am go gcoinneofaí 25% de scaireanna na haerlíne i seilbh an stáit chun leas na tíre a chosaint. Anois tá an tAire Iompair Leo Varadkar ag rá gur cheart na scaireanna a dhíol toisc nach bhfuil ann ach 25% den iomlán. Táthar ag maíomh nach ndéanfaidh an Margadh Fioscach Eorpach a aontaíodh Dé Luain mórán difríochta toisc go raibh rialacha faoi easnaimh bhuiséid i bhfeidhm ó ritheadh Conradh Maastricht. Rud suntasach faoi na tuairiscí go dtí seo faoin Austerity/Anschluss Deal ná a laghad sonraí atá iontu faoi théarmaí an chonartha agus céard a tharlóidh nuair a bhriseann tíortha na téarmaí sin.

Nuair a ritheadh Conradh Nice agus Conradh Liospóin den

An tAire Iompair Leo Varadkar, Fine Gael
[PIC : SAM BOAL/ PHOTOCALL IRELAND]

dara huair, chaith go leor de na meáin an chothromaíocht idir 'Tá' agus 'Níl' i dtraipisí agus tá gach seans go dtarlóidh sé sin arís má bhíonn reifreann ar an gconradh seo.

Duine eile atá ag maíomh nach ndéanfaidh moladh conspóideach mórán difríochta ná an tAire Oideachais Ruairí Quinn. Ag freagairt ceiste ó Joe Higgins ón bPáirtí Sóisialach, dúirt sé, maidir leis an gcinneadh deireadh a chur leis an mbuntáiste a fuair scoileanna Gaeltachta ó thaobh an méid oidí a fhaigheann siad, nach ndéanfadh sé mórán difríochta.

Tá an t-aire ag ardú líon na ndaltaí atá ag teastáil chun ceithre mhúinteoir a fháil i scoil Ghaeltachta ó 76 go 83 (agus scoileanna eile ó 81 go 83).

"Ós rud é go n-oibríonn an sceideal foirne ar bhonn bandaí rollaithe, táthar ag súil go mbeidh an líon céanna múinteoirí ranga agus atá acu faoi láthair ag formhór na scoileanna beaga, san áireamh iad siúd atá suite i gceantair Ghaeltachta, i Meán Fómhair 2012," arsa an tAire.

"Tiocfaidh méadú ar mheánmhéid na ranganna sa líon sách beag de scoileanna a mbeidh tionchar ag an mbeart buiséadach orthu. Fiú tar éis na mbeart buiséadach, áfach, beidh meánmhéideanna níos fearr ranga acu i gcónaí ná mar a bheidh go tipiciuil ag scoileanna móra nó scoileanna de mhéid mheasartha."

Ní gá do mhuintir na Gaeltachta a bheith buartha, mar dhea!

Imní faoi chosc ar fhuarchuairteanna

TÁ Seán Ó Fearghail ó Fhianna Fáil buartha go bhfuil cosc curtha ag an mBanc Ceannais ar bhróicéirí árachais cuairteanna a thabhairt ar dhaoine gan cead a fháil uathu i dtosach báire.

De réir an Teachta Dála ó Chill Dara tá baol ann go mbeidh tionchar an-diúltach ag mír nua sa Chód Cleachtais d'Aonáin Rialaithe. Dar leis tá seans ann go gcaillfí poist i mbróicéirí árachais mura bhfuil cead acu cuairt a thabhairt ar dhaoine gan

Seán Ó Fearghail, Fianna Fáil [PIC :: SASKO LAZAROV/PHOTOCALLIRELAND]

chuireadh. Mhol sé don Aire Airgeadais Michael Noonan an riail nua a aisghairm.

Dúirt an tAire gur cuireadh an cód nua i dtoll a chéile i gcomhar le bróicéirí árachais agus go raibh sé mar aidhm aige tomhaltóirí a chosaint. Dúirt sé nach raibh aon fhianaise ann go gcaillfí poist dá gcuirfí i bhfeidhm é.

Conradh iarnród do chomhlacht conspóideach

THÓG Martin Ferris ó Shinn Féin ceist sa Dáil an tseachtain seo caite faoi chonradh le hIarnród Éireann a bhain comhlacht conspóideach ón mBreatain.

Bhuaigh Balfour Beatty conradh mí na Samhna seo caite, ar luach €32 milliún de réir tuairiscí, chun cothabháil a dhéanamh ar línte iarnróid timpeall na Poblachta.



Martin Ferris, TD, Sinn Fein,
[PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Dúirt an Teachta Ferris, áfach, go bhfuil teist an chomhlachta ina ábhar imní. Gearradh fíneáil £7.5 milliún orthu in 2006 i leith thubaist iarnróid Hatfield inar maraíodh ceathrar agus inar gortaíodh 100 duine eile. An bhliain dár gcionn gearradh fíneáil £180,000 orthu de bharr timpiste leictreachais inar maraíodh duine dá bhfostaithe. Gearradh fíneáil £2.25 milliún orthu in 2008 i leith cuntasaíocht bhréagach agus £5.2 milliún in 2009 i leith caimiléireachta a bhain le conarthaí a bhuachan.

An raibh muinín ag an Aire Stáit Fergus O'Dowd sa chomhlacht, arsa Ferris. Ní raibh cur amach ag an Aire ar na sonraí a luaigh Ferris faoi Balfour Beatty. Dúirt sé áfach nach raibh ról ag an Aire Iompair Leo Varadkar in oibríochtaí Iarnród Éireann agus gurbh é an comhlacht Stáit a rinne an cinneadh an conradh a bhronnadh ar Balfour Beatty tar éis próiseas tairisceana. Dúirt sé áfach go bhféadfadh an tAire iarradh ar Iarnród Éireann an cheist a phlé ag coiste Oireachtais amach anseo.

Conas an Ghaeilge a chur chun cinn sa Dáil

RINNE Aengus Ó Snodaigh, príomh-aoire Shinn Féin, moladh an tseachtain seo go gcuirfí lá ar leataobh le linn Sheachtain na Gaeilge ina mbeadh iomlán nó tromlach ghnó na Dála, an tSeanaid agus choistí an Oireachtais as Gaeilge.

"Lá Gaeilge bheith ann, ar an bhonn céanna atá Lá na hEorpa a bhíonn ann i mí Bealtaine," arsa Ó Snodaigh.

"Mar aon le Ceisteanna don Taoiseach, Ceisteanna na gCeannairí bheith as Gaeilge, toisc Gaeilge labhartha ag na cinnirí ar fad sa Dáil, d'fheadfaí Ceisteanna don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta bheith ar an sceideal don lá céanna."

Tá sé tábhachtach nach faoin nGaeilge amháin a bheadh an plé as Gaeilge, dar le Ó Snodaigh.

Beidh príomhaoire an rialtais, Paul Kehoe, agus aoirí an fhreasúra ag plé na ceiste anocht agus de réir urlabhraí Kehoe tá an-suim sa mholadh.

An bhfuil bealaí eile chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Dáil?

Thar aon ní eile is athrú meoin atá de dhíth. Tá méadú mór tagtha ar an méid Gaeilge a chloistear ann ón toghchán deireanach.

Paul Kehoe TD, príomh-aoire Fhine Gael
[PIC : MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

An phríomhchúis leis seo ná Gerry Adams. Tá sé de nós aige abairt nó dhó a rá i nGaeilge le linn Cheisteanna na gCeannairí, agus bíonn abairt nó dhó de fhreagra Enda Kenny i nGaeilge chomh maith.

Ní raibh athrú ar rialacha ná ar chleachtais sa Dáil ag teastáil chun é seo a dhéanamh, ní raibh ann ach gur thosaigh Adams ag úsáid na teanga. Ná déan nós agus ná bris nós an dearcadh atá ag daoine eile sa Dáil is cosúil. Ainneoin go bhfuil Eamon Gilmore, Micheál Martin, Pearse Doherty, Joe Higgins agus araile níos líofa ná Adams, ní labhraíonn siad i nGaeilge mar a dhéanann seisean.

Gan amhras eispéireas nua atá ann do Adams go bhfuil duine ar an taobh eile den teach in ann Gaeilge a labhairt, murab ionann is Stormont.

Seachas an meon tá cúpla bac eile ar úsáid na teanga sa Dáil. Tá imní ar pholaiteoirí nach bhfaighidh siad clúdach sna meáin má labhraíonn siad i nGaeilge - ach níl sé seo ach leathfhíor.

Tá seirbhís ateangaireachta sa Dáil cheanna féin mar sin níl leithscéal ar bith ag na meáin chlóite gan tuairisciú a dhéanamh ar rud ar bith a deirtear i nGaeilge.

Tá faidhbín leis na meáin chraolta áfach.

Go deimhin féin chuala mé iriseoir raidió amháin ag gearán faoin méid Gaeilge a úsáideann Adams agus Kenny toisc nach bhféadfadh siad na míreanna sin a úsáid i dtuairiscí. Tá an fhadhb chéanna ag craoltóirí teilifíse faoi láthair chomh maith, ach ní fhadhb dhosháraithe atá ann.

Nuair a dhéantar tuairisciú ar ráiteas ó Angela Merkel, Nicolas Sarkozy nó ceannairí polaitiúla eile nach n-úsáideann an Béarla, cuirtear guthú ar na míreanna. Níl aon chúis nach bhféadfaí é sin a dhéanamh in Éirinn. Seans go mbeadh cuma 'mhínádúrtha' air ag an tús, ach rachadh daoine i dtaithí ar an nós nua sar i bhfad.

Cúrsa



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Scoil na síceolaíochta
Ard dioplóma sa tsíceolaíocht

Spriocdháta d'iarratais: 1 Márta 2012 ar líne ag www.pac.ie/tcd
https://psychology.tcd.ie/postgraduate

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

Neart ceisteanna ardaithe ag Scoil Gheimhridh Merriman

Meadhbh Ní Eadhra

Catherine Devine, Máire Ni Neachtain, Úna Uí Chuinn, Brian Ó Dálaigh agus Marian O'Callaghan; baíll Choiste Chumann Merriman. Bronnadh na bláthanna ar Úna, is í ag éirí as mar Rúnaí an Chumainn. [PIC : MÍCHEÁL Ó LOCHLAINN]

TÁ Scoil Gheimhridh Merriman thart anois ar feadh bliana eile, agus is cinnte go mbeidh neart daoine tuirseach traochta an tseachtain seo tar éis dóibh freastal ar imeachtaí éagsúla na scoile.

Bhí ceiliúradh speisialta ar bun i mbliana mar go raibh an Scoil Gheimhridh daichead bliain d'aois. Reáchtáladh formhór d'imeachtaí an deiridh seachtaine in Óstán Westport i gCathair na Mart agus tháinig daoine ó gach coirnéal den tír, agus níos faide i gcéin fosta, le bheith i láthair.

Cuireadh tús spleodrach le himeachtaí na scoile oíche Dé hAoine, nuair a d'oscail Cathal Goan, a bhfuil an-aithne air mar chraoltóir teilifíse agus raidió, agus atá ina Chathaoirleach ar Bhord Chomhar Teoranta, an scoil go hoifigiúil. Thug an tOllamh Alan Titley, atá ina Ollamh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, léacht bhreá uaidh ina dhiaidh sin. 'Cruthú, clampar agus conspóid: Comhar mar lárionad cointinne sa litríocht' a bhí mar ábhar na léachta.

Go deimhin, maidin Dé Sathairn, bhí an slua fós ag caint faoin léacht a thug an tOllamh Titley, agus iad ag rá go raibh 'ábhar cúig léacht éagsúla' clúdaithe ag Alan ina óráid oíche Aoine. Bhí neart craic agus spraoi ann oíche Dé hAoine ag club Merriman, agus ba é Máirtín Mac Donnchadha a bhí mar fhear an tí.

Bhí ceol iontach le Gráinne Mhaol le cloisteáil agus is cinnte go raibh neart cloigne tinne ann an mhaidin dár gcionn nuair a cuireadh tús leis an Siompóisiam, darbh ainm 'Fís na bhFocal'.

Bhíos féin, in éineacht le hÉilís Ní Dhúill ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Fionntán de Brún ó Ollscoil Uladh, fear a bhfuil aithne mhaith agam air faoin dtráth seo, ag labhairt mar chuid den siompóisiam.

Bhí an-seisiún go deo againn, agus muid go léir ag déanamh plé ar ábhair éagsúla. Labhair mé féin ar dtús, agus rinne mé plé ar mo thaithí iriseoireachta thar na blianta, agus ar chuid de na mórcheisteanna a bhaineann le hiriseoireacht na Gaeilge, dar liom féin.

Thug Éilís Ní Dhúill caint faoin ealaín a bhí le feiceáil san iris Comhar thar na blianta, agus faoi bhanealaíontóirí Chomhar ach go háirithe. Chuir Fionntán de Brún críoch leis na cainteanna agus é ag labhairt faoi ról na léirmheastóireachta. Bhí slua mór i láthair ag an siompóisiam, rud a thug ardú croí dúinn go léir, agus nuair a tháinig deireadh leis na cainteanna, bhí roinnt mhaith ceisteanna fiúntacha le cur ag an lucht féachana. Go deimhin, bhí cuid de na ceisteanna a ardaíodh an-suimiúil ar fad, agus léiríodh an-spéis i gcaighdeán na hiriseoireachta Gaeilge ach go háirithe.

Wally Ó Ciarruain, Seosamh Ó Murchú agus Ríona Nic Congáil, i láthair ag seoladh 'Comhar@70: Móreagrán Comórtha'. PIC: MÍCHEÁL Ó LOCHLAINN

Duine de na daoine a labhair ná an Dr. John Walsh, atá ag obair mar léachtóir le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag plé leis an tsochtheangeolaíocht go príomha, agus duine a chaith blianta mar iriseoir é féin. Dúirt sé go gcreideann sé go bhfuil gá le fóram ar leith chun caighdeán iriseoireachta na Gaeilge a phlé agus a mheas.

Dar leis, níl aon deis ann faoi láthair chun é sin a dhéanamh. Tarraingíodh aird freisin ar an ngá atá le tuilleadh oiliúna ar iriseoirí, go háirithe agus iad ag tosú amach sa cheird. Nó an bhfuil gá leis sin ar chor ar bith? Dar le fear a bhí ina shuí ag cúl an tseomra, níor thuig sé cad a bhí i gceist acu siúd a thagair don 'chaighdeán lag iriseoireachta'. "Céard atá ag teastáil uaibh?," ar sé. An é nach bhfuil na meáin Ghaeilge ag freastal ar bhur gcuid riachtanas?

Dar le John Walsh, tá 'ár bpáipéar féin' tuillte ag pobal na Gaeilge, agus nod a bhí ansin nach bhfuil an páipéar sin ann faoi láthair, nó gur féidir é a fhorbairt agus iarrachtaí a dhéanamh foilseacháin bheaga a thabhairt le chéile mar aon fhoilseachán amháin.

Bhí Liam Mac Amhlaigh mar Chathaoirleach ar an Siompóisiam agus tá moladh ar leith ag dul dó as an obair ar fad a rinne sé chun an Siompóisiam a reáchtáil agus chun ceisteanna spéisiúla a ardú ag an am céanna. Ba léir go raibh saineolas agus tuiscint den scoth ag Liam ar ábhar na gcainteanna go léir agus bhí sé thar a bheith gairmiúil ar fad.

Bhí an-ról ag Liam agus ag Ríona Nic Congáil in eagrú na scoile i mbliana, chomh maith leis na stiúrthóirí Máire Ní Neachtain agus Deirdre Nic Mhathúna, agus d'éirigh leo deireadh seachtaine iontach a chur ar siúl.

Bhí sé iontach an deis a fháil bualadh leis an oiread sin daoine nua ag an ócáid, agus seanchairde fosta. Níl aon amhras ach go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh an seans sin againn, mar is ag amanna mar sin a eascraíonn tograí agus smaointe nua agus fiúntacha.

Tráthnóna Dé Sathairn, seoladh taispeántas ealaíne ilmheán 'Comhar@70' in Óstán Westport, agus níos déanaí an lá sin, seoladh móreagrán comórtha den iris. Léigh scríbhneoirí óga, is iad sin Muiris Ó Meara, Caitríona Ní Chléirchín agus Ailbhe Ní Ghearbhuigh, cuid dá saothar ag an seisiún seo, agus ba dheas an rud é an ghlúin úr a fheiceáil ag léamh óna gcuid saothair féin. Ba í Ríona Nic Congáil a bhí mar reachtaire ar an seisiún seo agus b'iontach an rud é gur spreag sí do scríbhneoirí óga a bheith mar chuid den ócáid agus mar chuid den deireadh seachtaine, mé féin san áireamh.

Tar éis chaint Alan Titley oíche Dé hAoine, bhí achan duine ag tnúth go mór leis an gcéad mhórléacht eile de chuid na scoile. Ba é an scríbhneoir agus foilsitheoir ildánach Darach Ó Scolaí a thug an léacht seo. 'Na Geilt i mBun an Tí: Foilsitheoireacht agus Litríocht na Gaeilge' an teideal a bhí ar an léacht.

Bhain an lucht féachana an-sult ar fad as an léacht agus níl aon amhras ach go ndearna Darach éacht chun an slua a thabhairt leis agus plé cuimsitheach ach suimiúil a thabhairt ar ábhar na foilsitheoireachta. Deireadh seachtaine iontach spreagúil agus sultmhar a bhí ann, le go leor ceisteanna ag teacht chun cinn agus go leor freagraí fós le fáil. Bhí amhráin, rince, spleodar agus spraoi ann arís oíche Dé Sathairn, le béim faoi leith i mbliana ar cheol agus ar cheoltóirí Mhaigh Eo. Maidin Domhnaigh bhí sleachta as Comhar thar na blianta á léamh ag Gréagóir Ó Dúill, Doireann Ní Bhriain agus Liam Ó Dochartaigh. Sheinn an cruitire iomráiteach Laoise Kelly ag seisiún an Domhnaigh chomh maith.

Anois agus an deireadh seachtaine thart, beidh le feiceáil an dtarlóidh aon rud mar thoradh ar na seisiúin agus cainteanna éagsúla a tharla i gCathair na Mart. Spreag sé mise, ar aon nós, agus más amhlaidh gur spreag, is cinnte gur spreag sé neart daoine eile freisin, chun leanacht ar aghaidh leis an obair atá á déanamh.

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar chlárú mar bhall de Chumann Merriman. €25.00 an táille bhliantúil do 2012. Cabhraíonn na táillí ballraíochta leis na costais a bhaineann le reachtáil imeachtaí Chumann Merriman a ghlanadh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.merriman.ie.

Fíodóirí agus na healaíona dúchais ag Merriman

An scríbhneoir Séan Ó Duinnshléibhe ag seoladh a leabhar Párliment na bhFíodóirí (Cló Iar-Chonnacht) ag Scoil Gheimhridh Merriman i gCathair na Mart in Óstán Westport ar an Satharn 28 Eanáir. Le feiceáil sa phictiúir in éineacht leis tá, Deirdre Nic Mhathúna. [PIC : MICHEÁL Ó CONGHAILE]

Meadhbh Ní Eadhra

SEOLADH dhá leabhar nua de chuid Chló Iar-Chonnacht mar chuid d'imeachtaí Scoil Gheimhridh Merriman. Tráthnóna Dé Sathairn, i ndiaidh an tSiompóisiam, sheol Alan Titley, Ollamh Emeritus le Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, na leabhair *Párliment na bhFíodóirí* atá in eagar ag Seán Ó Duinnshléibhe, agus *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000* le Stiofán Ó Cadhla.

Súil nua ar bhrí an fhocail 'béaloideas' atá sa leabhar atá scríofa ag Stiofán Ó Cadhla, Léachtóir Sinsearach le Béaloideas i Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Díríonn an t-údar ar 'na healaíona dúchais' mar a thugann sé orthu. Déanann sé mionscrúdú ar a stair, a bhfeidhmeanna, agus a ról leanúnach in Éirinn san aonú haois is fiche. Bronnadh an chéad duais i gcatagóir an phróis i gcomórtais liteartha Oireachtas na Gaeilge ar an leabhar seo sa bhliain 2010.

Is eagrán scolártha *Párliment na bhFíodóirí*, saothar prós a chum Dáibhí de Barra (1757/8-1851), scríobhaí agus sclábhaí feirme ó Charraig Thuathail in oirthear Chorcaí, atá i leabhar Sheáin Uí Dhuinnshléibhe. Aoir ar fhíodóirí a linne, go háirithe ar an tsaint agus ar an gclaonadh chun camastaíola a chuirtí ina leith, atá ann. Foilsithe ann freisin tá an freagra ar Phárliment na bhFíodóirí a scríobh Uileag Ó Céirín, scríbhneoir Muimhneach eile, agus fíodóir taistil, ar shaothar cáinteach an Bharraigh. Tugtar léargas ar chúinsí socheacnamaíochta na linne agus ar an gcorraíl a lean iad sna saothair seo, más go hindíreach féin ar uairibh é. Is é seo an chéad uair a foilsíodh saothar seo an Bharraigh ina iomláine. I dteannta na dtéacsanna cóirithe, déantar nótaí teanga, nótaí téacs agus gluaisa sholáthar mar áis do léitheoirí.

Seoladh breá a bhí ann agus slua mór i láthair chun éisteacht le hAlan Titley agus é ag seoladh an leabhair. Is féidir na leabhair a cheannach sna siopaí anois nó iad a fháil ar líne ag www.cic.ie.

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

NATURA 2000

FÓGRA RIALTAIS

FAOI BHRÁID ÚINÉIRÍ TALÚN AGUS/NÓ CEARTA PORTAIGH I LIMISTÉIR CHAOMHANTAIS SPEISIALTA AR PHORTACH ARDAITHE

CÚITEAMH DO DHAOINE A BHAINEANN MÓIN

Tá scéim chúitimh bunaithe ag an Rialtas do dhaoine incháilithe a bhaineann móin ar shuíomhanna nach féidir móin a bhaint orthu níos mó ar chúiseanna a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Baineann an scéim chúitimh cheana féin le daoine incháilithe a bhaineann móin ar phortaigh ardaithe sna Limistéir Chaomhantais Speisialta a ainmníodh idir 1997 agus 1999. Baineann an scéim chúitimh anois leis na daoine a bhaineann móin i 24 portach ardaithe eile i Limistéir Chaomhantais Speisialta a ainmníodh suas go dtí 2002 agus a liostaítear thíos. **Ní féidir móin a bhaint ná oibreacha draenála a dhéanamh ar na suíomhanna seo gan toiliú follasach ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.**

Tá foirmeacha iarratais le bheith páirteach sa scéim agus tuilleadh eolais ar fáil ar iarratas trí ghlaoch ar Íosghlao 1890-253-147 nó (053) 9117310, ríomhphost a sheoladh chuig designated.bogs@ahg.gov.ie nó trí scríobh chuig: An tAonad Cosanta Suímh, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman.

Scríobh an Roinn chuig úinéirí talún nó cearta portaigh ainmnithe a bhfuil tionchar ag an bhfógra seo orthu. Iarrtar ar dhaoine a mheasann go bhfuil siad incháilithe don scéim seo agus nach bhfuil comhfhreagras faighte acu ón Roinn, teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ar na bealaí a liostáladh thuas.

	Site Code	Site Name	County
1	000440	Loch Rí	Ros/LD/WM
2	000595	Portach an Chalaidh	Ros Comáin
3	002298	An Mhuaidh	Maigh Eo/Ros/Sligeach
4	002331	Mouds Bog	Cill Dara
5	002332	Portach Chúil Ruáin	Laois
6	002333	Portach Knockacoller	Laois
7	002336	Portach Pháirc an Chairn	An Iarmhí
8	002337	Portach Crosswood	An Iarmhí
9	002338	Portach Dhroim an Locha	Ros Comáin
10	002339	Portach Bhaile na Móna agus Loch Corkip	Ros Comáin
11	002340	Portaigh Moneybeg agus Clareisland	An Mhí/An Iarmhí
12	002341	Portach Ard an Chuilinn	An Longfort
13	002342	Portach Mount Hevey	An Mhí/An Iarmhí
14	002343	Loch agus Portach Thulachair	An Clár
15	002346	An tEanach Donn	An Longfort
16	002347	Portach Chamdhoire	Gaillimh
17	002348	Portach an Chluainín	An Longfort
18	002349	Portach Corbo	Ros Comáin
19	002350	Portach Churrach Leitheanach	Gaillimh
20	002351	Portach Mhóin Mhínleach	Ciarraí
21	002352	Portach Mhuine Mheá	Gaillimh
22	002353	Portach Choillte Rua	Tiobraid Árann
23	002354	Portach Tullaghanrock	Ros Comáin
24	002356	Portach na hArdghráige	Gaillimh

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Mac Fhionnlaoich: "Ag iarraidh go mbeadh athrú rialtais ann!"

NÍ docha go bhfuil mórán ama ag an Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta bheith ag giolcaireacht na laethanta seo. Tá Donnchadh Mac Fhionnlaoich, fear cumasach agus ionraic mar a bheifeá ag súil leis ó iarscoláire de chuid Choláiste Íosagáin i Múscraí, róghnóthach ag déileáil le hiliomad na gceisteanna ó Ghaeil faoi 'neamhspleáchas an Choimisinéara Teanga' agus faoin Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i measc ceisteanna eile.

[Má tá amhras ort cá bhfuil Coláiste Íosagáin - an suíomh a luadh don Ionad Náisiúnta Gaeloideachais - ní gá ach fiafraí d'Fhianna Fáileach ar bith, bíodh geall go mbeidh dearúd glan déanta acu ar an gColáiste i mBaile Bhuirne agus an fód a iompaíodh ann!)

Mar sin féin d'oirfeadh dó féachaint chuig a laithreán 'twitter' anois sara ndéanfaidh iriseoir mioscaiseach éigin míléamh air. Ceist amháin a ritheann liom, mar shampla: An bhfuil Dinny, i bhfírinne, 'Looking for a change of Gov'?

Agus cad é a sheasamh ar 'NAMA'? An bhfuil sé fós ina choinnibh, ós rud é go bhfuil sé anois ina Aire Stáit?

Léiriú é seo ar an mbealach a ndeineann an chumhacht a ghabhann le bheith sa rialtas claochló ar an dTeachta Dála a bhí sa fhreasúra.

Creidim féin go bhfuil an tAire Stáit ag déanamh a dhíchill leis an gcailís nimhe a fágadh aige mar oidhreacht. Is cinnte go bhfuil sé deacair gach tráth a fhreastal gan an mhaoin aige chuige. Agus mé ag éisteacht leis sa Seanad ag plé le Seanadóirí ó Fhianna Fáil agus ó Shinn Féin, chreid mé gurbh é a ghuth an t-aon ghuth macánta sa tigh. Tá mo thuairimí i leith Oifig an Choimisinéara Teanga ar eolas agaibh - ní fheictear dom go bhfuil fiúntas leis - ach an bhfuil éinne a thuigeann go bhfuil an t-ádh dearg ar Oifig an Choimisinéara Teanga nár dúnadh ar fad é, seachas go bhfuil sé á mholadh go gcuirfí faoi dhíon Oifig an Ombudsman é? Nárbh é sin an rogha? Níl a fhios agam cén fath go bhfuil lucht Lánstad na Gaeilge chomh tógtha leis an gceist agus an oiread dua agus allais caite acu ar an ábhar i gcomparáid lena laghad atá déanta ar cheisteanna níos giorra do chnámh na huillinne - go dtiocfadh na scoileanna Gaeltachta, ar a bhfuil na pobail Ghaeltachta ag brath, slán ó thua an Aire Oideachais.

Mothaím gur teanga coimhthíoch í seo

BHÍ alt téagartha ag Pádraig Ó hAoláin i gcolún 'Tuarascáil' an Irish Times an tseachtain seo caite. Bhí sé ag caint faoin bhliain chinniúnach romhainn - pobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge - maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge.

Pádraig Ó hAoláin

Ag léamh dom alt stuama Uí hAoláin, bhí orm dul sa tóir ar 'Focal.ie' ó am go chéile. Cad é an focal seo 'idir-aghaidh' ar bhain an tAolánach feidhm as? Agus go leor focal eile dá leithéid.

Uaireanta mothaím gur teanga choimhthíoch í seo, mo theanga dhúchais, mar go bhfuil sí coilínithe anois ag an maorlathas. Go deimhin bím féin agus go leor eile nach luafá leis an maorlathas leo - an tUasal Ó hAoláin ina measc - ag úsáid na bhfocal seo i ngan fhios dúinn féin, nach mór. Sin chomh héifeachtach is atá an coilíniú seo.

B'fhéidir gurb fhiú don bhForas ordú nua a thabhairt do lucht na Foclóra nua Béarla-Gaeilge rannóg ar leith a chur ann tiomanta don mhaorlathas mar áis do ghnáthchainteoirí na Gaeilge.

Foras na Gaeilge

Chaith nó d'infhéistigh an Fhoras €1m glan ar chostaisí chomhairleoireachta

BHUAILEAS isteach ar shuíomh Fhoras na Gaeilge le déanaí. Tré thimpist, d'fhéadfá a rá. Is amhlaidh go bhfuil mo shuíomh féin, www.igaeilge.ie, nach mór ina chomharsa béal dorais ar www.gaeilge.ie.

Tá go leor ar an suíomh seo don té a mbeadh suim aige nó aici ann - agus go leor nach bhfuil. Mar shampla, bhíodh - ach níl a thuilleadh - miontuairiscí na gcruinnithe boird le fáil sa rannóg 'Foilseacháin'.

Bhí mé ag lorg na miontuairiscí seo mar go raibh mé ag iarraidh dearbhú a fháil ar scéal a chuala mé tamall ó shin, b'fhéidir ar Nuacht TG4, go raibh príomhfheidhmeannach an Fhorais, Ferdie Mac an Fhailigh, athcheaptha ina phost do thréimhse cúig bliana eile.

Ach ní raibh rian de na miontuairiscí ann. Ní raibh aon scéal ar an ábhar seo luaite i rannóg na bpreasráiteas. An preasráiteas is déanaí sa rannóg seo, foilsíodh é ar 12 Meán Fómhair anuraidh agus bhain sé le cuairt Mhéara Bhéal Feirste ar Ionad Fáilte Bhéal Feirste chun an chéad fhéilire d'imeachtaí Gaeilge ar fud chathair Bhéal Feirste a sheoladh.

I gcaitheamh an deireadh seachtaine, rinne mé scrúdú ar an dtuarascáil is déanaí ón Fhoras Teanga, an tuarascáil do 2007, atá ar fáil ar an suíomh i rannóg na bhfoilseachán. Uaireanta bíonn orm cabhair éigin sheachtrach a lorg chun codladh na hoíche a chur orm.

Ar aon nós, fuaireas go leor seoda spéisiúla ann. Mar shampla, chaith nó d'infheistigh an Foras €1m glan ar chostaisí comhairleoireachta. Anois níl a fhios agam cén chomhairle arbh fhiú €1m é a fuair an Foras in 2007. An bhfuil aon chomhairle arbh fhiú €1m é? Tá sé ait gur €1m glan an tsuim atá luaite leis - bheadh sé thar a bheith aisteach dá mbeadh níos mó ná comhairleoir amháin i gceist agus fós go dtiocfadh na táillí go léir le chéile ag an tsuim dhraíochtúil úd.

Mír eile eolais: I rith 2007 íocadh tuarastal idir €115,000 agus €120,000 leis an bpríomhfheidhmeannach. Tá 'fíorardú pinsin' idir €5,000 agus €10,000 luaite leis agus bhí ardú €10,000-€15,000 ar an bpinsean tuillte aige.

Anois is tuarastal suntasach é sin, gan amhras, agus b'fhéidir go bhfuil sé ar cheann de na tuarastail is mó luach i saol na Gaeilge. Níl a fhios agam an bhfuil ardú nó ísliú tagtha air ó shin, mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíochta. Is post tábhachtach post an phríomhfheidhmeannaigh, mar is léir ón dtuarastal seo. Agus nuair a dheintear athcheapadh ar an bpríomhfheidhmeannach, mar a tharla anuraidh is cosúil, b'fhiú, ar a laghad, go mbeadh preasráiteas ar shuíomh idirlín an Fhorais féin, ar mhaithe le trédhearcacht agus luach airgid, na saintréithe úd atá á gcur chun cinn ag an bhForas agus iad ag moladh na Samhla Nua Maoinithe dhúinn.

Dar liom féin, gur cheart go mbeadh próiseas athcheaptha ann. Go deimhin dá mbeadh an Foras ag leanúint na bprionsabal ina Samhail féin, bheadh ar an bPríomhfheidhmeannach cur isteach ar a phost féin gach bliain.

Níl a fhios agam an locht é seo ar phróisis an Fhorais maidir le ceapacháin agus athcheapacháin is a leithéid - nó an locht é ar an suíomh idirlín, nach ndeintear é a uasdátú minic go leor. Ba cheart go mbeadh uasdátú rialta á dhéanamh ar an suíomh, nó, in 2007, de réir thuarascáil an Fhorais, chosain dearadh agus cothabháil an tsuímh €94,600. Anois cheannódh sin suíomh ana-bhreá idirlín duit, fiú in 2007, agus d'fhostódh sé duine nó beirt chun bheith ag uasdátú an tsuímh go rialta. Is ait liom go bhfuil an suíomh an oiread sin as dáta nó is é ceann de na fógraí is minice a bhíonn i bhfoilseacháin Bhéarla ón bhForas ná ceann ag maíomh as 'Gaeilge.ie - the super highway to Irish' nó rud éigin cosúil leis.

Sampla eile den easpa eolais ar shuíomh an Fhorais nach bhfuil aon chur síos go fóill ar cé hiad baill nua Bhord an Fhorais. Is cuimhin liom tuairisc a fheiscint i nGaelscéal roimh an Nollaig uair éigin ag lua roinnt de na hainmneacha - ach go fóill, má bhrúnn tú ar an chnaipe do Bhord an Fhorais ar an suíomh, gheobhaidh tú an teachtaireacht seo i leith na gcomhaltaí nua: Beidh beatháisnéis ar fáil don chomhalta seo go luatha[sic].

Ag filleadh ar an tSamhail Nua Mhaoinithe agus ar an bpróiseas comhairliúcháin, is é seo atá le rá ar phríomhleathnach Gaeilge.ie:

Ba mhaith le Foras na Gaeilge tréimhse chomhairliúcháin phoiblí bhreise don "tSamhail Nua Mhaoinithe" chomh maith le Measúnacht Tionchair Chomhionannais a fhógairt.

Anois pé rud eile faoin tSamhail Nua Mhaoinithe, ní doigh liom go bhfuil sé iomlán fíor gur mhaith leis an Fhoras 'tréimhse chomhairliúcháin phoiblí bhreise' a fhógairt. Is amhlaidh gur léirigh na hAirí míshástacht leis an gcéad phróiseas agus gur iarradh ar an bhforas teanga trasteorann tréimhse bhreise a thionscnamh.

Tá súil agam nár tháinig an mhír thuas idir tusa agus codladh na hoíche, a chara léitheoir!

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Soineantacht Shinn Féin agus Fealltóirí Rialtas na Breataine

MAR a bheadh siad ag iarraidh gach '*stereotype*' fúthu a dhearbhú, léiríodh fealltóireacht rialtas na Breataine nach raibh siad ionraic agus iad i mbun cainteanna ar thodhchaí an Tuaiscirt - cé go raibh 'Acht na Gaeilge' "geallta" mar chuid de Chomhaontú Chill Rímhinn, ní raibh riamh i gceist acu ach cur i gcéill.

Is léir sin ó fhocail Peter Hain é féin, a bhí ina 'Aire Stáit' do Thuaisceart Éireann ag an am.

Ní raibh ann ach cleas chun an 'Comhaontú' seo a dhíol le Sinn Féin agus chun cabhrú le Sinn Féin chun an 'Comhaontú' seo a dhíol le lucht tacaíochta s'acu.

Ina dhiaidh sin, bhain rialtas na Breataine úsáid as mar bhagairt. In áit iarracht a dhéanamh chun an teanga a dhí-pholaitiú, agus chun ceart a teanga a chothú, bhain rialtas na Breataine úsáid as an Acht 'geallta' chun scanradh a chur ar Aontachtóirí.

D'imir an cleas seo tionchar nach beag orthu agus ba é sin ceann de na fáthanna gur ghéill siad sa deireadh agus gur ghlac siad le Sinn Féin mar chuid den rialtas.

Chuir an cleas seo go mór le seicteachas áfach agus chuir sé go mór leis an ghráin atá ag cuid mhór don phobal Aontachtach ar an teanga.

Ba dhona go leor an gníomh sin ann féin, is measa arís é nuair is léir gurb é sin an t-aon rud a bhí i gceist agus nach raibh sé riamh dáiríre faoi.

Ní raibh sé i gceist riamh gníomhú de réir a mbriathair.

Tá ceisteanna le freagairt ag rialtas na Breataine faoin ábhar seo cé gur beag ár ndóchas nach cuma sa tsioc leo.

Tá Gerry Adams le moladh as reachtaíocht Ghaeilge a bhrú ach tá cuma shoineanta ar fhoireann chainteanna Shinn Féin anois agus tá ceisteanna le freagairt acu.

Cén fáth ar chreid siad Hain agus Blair sa chéad dul síos?

Murar chreid, cén fáth ar fhógair siad 'Acht na Gaeilge' mar bhua?

Cén fáth nach bhfuil níos mó brú á chur ar Rialtas na Breataine ar an cheist seo le tamall anuas?

Anois agus is léir nach raibh rialtas na Breataine riamh ionraic ar an cheist seo, cad atá Sinn Féin dul a dhéanamh faoi?

Tá cinntí le déanamh ag lucht na Gaeilge anois chomh maith - ar cheart leanúint leis an phróiseas polaitíochta thuas ar Chnoc Stormont nó ar cheart a bheith ag agóidíocht go síochánta ar na sráideanna an athuair.

Tá pobal na Gaeilge, an Ghaeilge agus na Gaeil ligthe síos ag an phróiseas síochána seo - caithfear sin a réiteach.

Ní féidir 'síocháin' a thabhairt ar easpa foréigin amháin, tá cothrom na Féinne idir 'The Planter and the Gael' de dhíth.

Sin lá nár tháinig go fóill.

Acht Gaeilge Anois!

SÚIL SIAR na Seachtaine

Domhnach na Fola

Donncha Ó hÉallaithe

DHÁ scór bliain ó shin tharla Domhnach na Fola i nDoire Cholmcille, nuair a dúnmharaíodh ceathrar déag a bhí páirteach sa mháirseáil in aghaidh imtheorannú. Insíodh bréaga ina dhiaidh: nár scaoil Arm na Breataine ach trí urchar ar fad an lá sin agus nach raibh na saighdiúirí ach ag gníomhú chun iad féin a chosaint.

Chruthaigh fiosrúchán Saville, níos deireanaí, nach raibh bunús ar bith leis na líomhaintí ó Arm na Breataine go raibh na daoine a maraíodh armtha in aon bhealach.

Chuir ar tharla i nDoire saobhadh céille ar go leor. Bhí go leor daoine óga meallta ag an tuairim nach raibh de rogha ag náisiúnaithe ach tacú le feachtas míleata an IRA ó thuaidh. Ach ag an am bhí scoilt idir 'an IRA Oifigiúil' agus 'an IRA Sealadach'.

An Luan tar éis Dhomhnach na Fola, bhí urlabhraithe ón dá eite de 'Ghluaiseacht na Poblachta' i bpíobán a chéile ar RTÉ, faoin mbealach ar cheart gníomnú ó thuaidh i bhfianaise a raibh tarlaithe an lá roimhe sin i nDoire. Ní mó ná sásta a bhí INNIU lena raibh le rá acu agus impítear san eagarfhocal thíos ar dhaoine seasamh le chéile taobh thiar den Taoiseach Jack Lynch, a bhí ag iarraidh fearg an náisiúin a smachtú.

Inniu, 4 Feabhra, 1972

Tábhacht na hAontachta

LE roinnt lá anuas chuir muintir na Poblachta in iúl an brón agus an fhearg a tháinig orthu faoin deargár a d'imir "Dúchrónaigh" na linne seo ar shlua neamharmtha i nDoire Dé Domhnaigh. Ní go luath a dhéanfar dearmad den ghníomh gránna is deireannaí a rinne na hamhais bhrúidiúla atá fostaithe ag Tóraithe Shasana le hiarsmaí beaga fhuílleach a himpireachta a choinneáil faoi smacht.....

Tuigimid do na hógánaigh a chaith buamaí peitril le Ambasáid Shasana i mBaile Átha Cliath; tuigimid do Bhernadette Ní Dhoibhilín, a thug greadadh is stracadh is scríobadh do Mr Maudling thall, agus a scread "dúnmharfóir fimínteach" leis. Mar sin féin aithnímis an fhírinne faoin scéal seo ar fad.

In éagmais na haontachta ní féidir linn rud éifeachtach ar bith a dhéanamh, agus is lánchinnte nach féidir linn aontú le chéile mura mbíonn cuspóirí áirithe againn a nglacaimid uilig leo.....

An beartas a d'fhógair an Taoiseach Dé Luain, is beartas é ar socraíodh air i ndiaidh dhó dul i gcomhairle le cinnirí Fhine Gael agus Lucht Oibre. Lena chois sin, is ionann an méid atá á éileamh aige thar ceann an náisiúin agus an méid atá á éileamh i láthair na huaire ag Gluaiseacht Chearta Síbhialta na 6 Chontae. Is dual dúinn agus is ceart dúinn uilig dílseacht is tacaíocht a thabhairt dó mar ionadaí an náisiúin - agus an chluas bhodhar a thabhairt do na miondreamanna dásachtacha atá ag freastal an áiméir le heasumhlaíocht is easaontas a chothú ar mhaithe lena n-aidhmeanna leithleasacha féin.

Chuir "Féach" am teilifíse ar fáil d'urlabhraithe ó dhá cheann de na miondreamanna seo oíche Luain, dhá dhream a thugann "Sinn Féin" orthu féin. D'fhógair Tomás Mac Giolla gur tábhachtaí mar chuspóir, dar lena dhream "oifigiúil" féin, Rialtas Uí Loingsigh a scrios ná Rialtas Stormont a scrios! Chuaigh Seán Ó Brádaigh i bhfad níb fhaide ná sin agus dúirt go bhfuil a dhream "sealadach" siúd ag iarraidh ar mhuintir na Poblachta droim láimhe a thabhairt don Rialtas, don Dáil, don Oireachtas, atá uilig, dar leo, "ina gcuid den chóras lofa a bhunaigh Sasana leis an tír seo a rialú".

Is maith ar bhealach, gur tugadh an deis do na fir seo a meon a nochtadh go soiléir dúinn sa dóigh a dtuigfidh aos óg na tíre gur mian lena leithéid sin, díreach san am is mó a bhfuil gá le haontacht, an t-easaontas a chur chun cinn arb é a thoradh i gcónaí an scrios agus an teip.....

In ainm Dé agus sluaite na marbh, a bhfuil triúr déag an Domhnaigh curtha anois lena líon, seasaimís le chéile agus tugaimís iomlán ár dtacaíochta do na fir atá roghnaithe ag muintir na Poblachta le labhairt ar ár son.....

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

Níl na freagraí san Íoslainn

Conall Ó Móráin

IS trom an t-ualach an t-aineolas ach ní cheapfá an méid sin agus tú ag léamh tráchtairí ar chúrsaí eacnamaíochta na hÉireann. Seo a rith liom nuair a lorg mé eolas faoi céard a tharla san Íoslainn tar éis do chúrsaí eacnamaíochta na tíre sin titim go hiomlán as a chéile, díreach mar a rinne geilleagar na tíre seo ag an am céanna. Go rialta feicim tráchtairí san Irish Times agus a leithéid ag moladh gur cóir dúinne aithris a dhéanamh ar mhuintir agus ar Rialtas na hÍoslainne mar go bhfuil biseach tagtha i bhfad níos tapúla ar chúrsaí na tíre sin ná mar atá sa tír seo.

An chéad fhíric ná nach bhfuil an Íoslainn san euro agus ní ball í an tír den Aontas Eorpach (AE). Seo dhá rud bhunúsacha atá, thar na blianta, tar éis bheith an-chabhrach don tír seo. Gan iad ní dóigh go mbeadh aon rian de na comhlachtaí móra idirnáisiúnta lonnaithe sa tír seo. Tá a fhios agam go bhfuil mionlach beag glórach againn sa tír seo (agus fáilte rompu mar go gceistíonn siad an ortadocsacht) arbh fhearr leo nach mbeadh muid bainteach leis an AE ach níl mórán daoine inchreidte ina measc, go bhfios dom. Agus cinnte níl duine i measc an breis agus 100,000 duine atá ag táirgeadh Viagra nó bogearraí Microsoft a thuigfeadh focal den argóint atá acu.

Reykjavik, príomhchathair na hÍoslainne

De bharr go bhfuil muidne san AE caithfidh muid cloí le rialacha an Aontais. Ní raibh ar an Íoslainn an méid sin a dhéanamh agus gan na brúnna céanna orthu, mar gheall orthu bheith lasmuigh don chlub, bhí siad in ann a rogha féin a dhéanamh chun sárú ar a gcuid deacrachtaí. Ach, rud nach luann na tráchtairí éadroma ná go bhfuil iarratas seolta ag an Íoslainn a bheith mar bhall don AE - ballraíocht a bhí le bronnadh orthu i mbliana a dúradh ach go mb'fhéidir go gcuirfí ar athló anois go cionn tamall é de bharr nár aisíoc siad a bhfiachas idirnáisiúnta. Mar a deirtear, filleann an feall ar an bhfeallaire, agus tá infheisteoirí móra cumhachtacha ann nach bhfuil ró-shásta nach bhfuair siad a gcuid airgid ar ais nuair a chlis ar bhainc na hÍoslainne. Cloisfear a gcogair i seomraí boird na hEorpa nuair a shuíonn riarthóirí agus polaiteoirí sinsearach an AE chun béile le lucht gnó. Mura gceapann na tráchtairí ar a bhfuilim féin ag trácht nach dtarlaíonn a leithéid tá siad níos saonta ná mar a cheap mé. Ná dearmad fiú tar éis sé bliana de chogadh domhanda tháinig na baincéirí agus úinéirí sócmhainní eile ar thóir na suime a dúirt siad a bhí dlite. Níl an chuid seo de scéal na hÍoslainne críochnaithe fós creidim.

Agus céard a tharla do na hÍoslannaigh féin? Thit luach a gcuid airgid le beagach 70% i gcoinne an euro agus an dollair. Cé gur chabhraigh sé seo le cúrsaí easpórtála na tíre chiallaigh sé freisin gur chosain gach lítear ola 70% breise orthu mar a chosain gach blúire bia a allmhairíodh isteach sa tír. Bhí, agus tá, sé pianmhar. An bhfuil muidne sa tír seo, réidh chun an phian dhochreidte seo a fhulaingt, chun a thaispeáint go bhfuil muid neamhspleách go geilleagrach - rud nach bhfuil iomlán fíor faoi Stáit Aontaithe Mheiriceá agus iad ag brath ar ola an Mheánoirthir. Píosa eile den scéal casta seo ná, i rith an ré órga eacnamaíochta, gearrthéarmach, a bhí acu san Íoslainn ghlac roinnt den phobal, nach bhfuil ann ach 380,000, morgáistí ó thar lear agus go tobann, thar oíche bhí méadú suas le 70% ar mhéid na morgáistí sin freisin. Arís cén fáth nach léitear an fhíric seo sa tráchtaireacht. Is amhlaidh é le duine ag rá go mbeadh sé an-taitneamhach Corn Heineken a bhuachan sa rugbaí gan é a chur i gcomhthéacs go bhfuil cluichí crua, matáin mhillte agus cnámha briste le sárú chun teacht ar an gcorn céanna. Níl an freagra deas, bog, éasca ar an méid atá ag titim amach faoi láthair.

Is gníomhaíochtaí daonna iad seo ar fad agus níl aon philéar airgid ar fáil chun leigheas a chur ar ár gcuid deacrachtaí. Ní haon drochrud a leithéid a lorg, ar ndóigh, ach ní páistí muid agus caithfidh muid glacadh leis dá mbeadh a leithéid de philéar ann go bhfuil teacht ar gach blúire eolais anois ar an idirlíon agus bheadh polaiteoirí na hEorpa tar éis greim a fháil ar a leithéid leis an dá láimh. Ach ní ann dó. Mar is gnáth is féidir éisteacht le beirt nó deichniúir eacnamaithe agus ní aontóidh siad siúd ar an leigheas ach an oiread. Ní bheinn ag brath orthu ach an oiread mar nach bhfaca siad na deacrachtaí ag teacht inár dtreo ar an chéad dul síos. Níl aon mhuinín agam go bhfuil freagraí acu anois.

Tá an téacsleabhar faoi seo dá scríobh agus tá an tír seo sa cheannlíne, sa chéad chaibidil agus beidh muid sa chaibidil dheireanach freisin. Ach is ár réiteach féin a bheidh ann, réiteach ar na fadhbanna ar leith atá againne. Ní san Íoslainn atá na freagraí nó san Iorua ach an oiread.

Más aon chabhair é, áfach, don chéad uair le b'fhéidir trí bliana tá fuaimeanna níos dearfaí maidir leis an ngeilleagar le cloisint uathu siúd a bhfuil muinín agamsa astu. N'fheadair an bhfuil mise ceart bheith ag éisteacht leo nó an bhfuil mise saonta freisin? Feicfear amach anseo.

Is iad Seán agus Seáinín Saoránach atá lochtach - arís eile

Eoghan Ó Néill

FOCAL beag simplí é 'roinnt.'

Agus rachadh sé chun leasa Enda Uí Chionnaith is Michael Uí Nuanáin an focal beag simplí sin a fhoghlaim.

Nó tá lucht a gcosanta ag cur in iúl anois go raibh Enda ag maíomh nárbh iad na hÉireannaigh ar fad ach roinnt acu "a bhí ag dul ar mire le hiasachtaí" nuair a rinne sé díspeagadh orainn in Davos.

Agus deir lucht cosanta Michael go raibh seisean ag cur in iúl go raibh an imirice ina rogha stílbheatha ag 'roinnt de na daoine' a imíonn ón tír seo seachas ag iomlán an 70,000 duine a chuaigh ar deoraíocht anuraidh.

Mura mbeadh seanaithne agam ar Enda is ar Michael ghlacfainn le leithscéal lucht a gcosanta.

Ach má tá 'roinnt' de na daoine ina n-amadán déanta ní duine acu sin mise.

Íocann Enda is Michael os cionn €100,000 sa bhliain do chomhairleoirí speisialta chun snas a chur ar a gcuid óráidí is ráiteas.

Creidim, mar sin, gur maith a thuig Enda is Michael an rud a bhí á rá acu.

Agus ní hé caint na seachtaine seo caite amháin a mheabhraíonn dúinn fíormheon an chomhrialtais seo.

Amharc Leo Varadkar.

Dar le Leo nach bhfuil reifreann iontach daonlathach agus nár cheart faill a thabhairt do dhaoine a dtuairim faoin chonradh nua Eorpach a nochtadh i reifreann.

Bheadh sé róchasta acu dar leis. Ní thuigfeadh siad é. Níl siad cliste go leor chun idirdhealú a dhéanamh idir vótáil faoi chonradh nua Eorpach agus vótáil faoi chiorruithe DEIS sna scoileanna nó faoi tháillí teaghlaigh.

Bréagnaíonn reifrinn na bliana seo caite teoiric Leo.

Bhí dá reifreann anuraidh ann agus seachas diúltú dóibh beirt vótáil tromlach 'Tá' i reifreann amháin, 'Níl' sa reifreann eile.

Rud a thabharfadh le fios go bhfuil an pobal níos sofaisticiúla i bhfad ná mar a chuireann Leo in iúl.

Fear cothrom go maith é Simon Coveney dar leat.

Ach anuraidh dúirt Tuirceach óg Fhine Gael linn nár cheart do dhaoine a bheith ró-bhuartha faoin bhuiséad. Nó nuair a bheadh iomlán déanta, dar leis, bheadh oiread fágtha ag daoine is go dtiocfadh leo dul ar laethanta saoire!

Ná bac le caighdeán oideachais a bpáistí, cúram ceart a bheith ar fáil sna hospidéil, cailliúint a bpinsin ná an t-ardlíon daoine atá ar na sráideanna gan dídean - ar a laghad gheobhaidh siad laethanta saoire!

Shíl Joan Burton agus a cairde sóisialacha go raibh sé maith go leor acu ionsaí a dhéanamh ar na deontais bheaga a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas.

Agus ní ina gcaint amháin a léirigh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre a meon.

Bhí paisean agus éifeacht ag Michael Ó Nuanáin agus é sa fhreasúra ag maíomh nach bhfuil dualgas dá laghad, morálta ná eile, orainne, Éireannaigh, a bheith ag íoc fortúin le sealbhóirí bannaí a chaill i gcluiche cearrbhachais.

Ach a luaithe is a bhí Michael in áit na cumhachta ba dhéine ná Fianna Fáil é ag tabhairt orainn €1.2 billiún a íoc go rialta leis na sealbhóirí bannaí sin atá fós gan aithne ná ainm.

Níl lá a imíonn nach mbíonn focail dheasa ó Fhine Gael is Páirtí an Lucht Oibre faoi gach duine a bheith ag fulaingt na péine i gcuideachta a chéile.

Ach nuair a fuair Simon is Joan, Pat agus Brendan, Richard agus, sea, Leo an daonlathach, nuair a fuair siad a seans chinntigh siad nach mbeadh pian ag cur as a bharraíocht dá gcomhairleoirí siúd.

Beag beann ar a dteagasc féin faoi shrianta pá ardaíodh is ardaíodh is ardaíodh pá na gcomhairleoirí speisialta. Laghdaíodh is laghdaíodh is laghdaíodh pá an ghnáthdhuine.

Mar sin, ná bíodh iontas ar dhuine ar bith go bhfuil Enda ag díspeagadh orainn thall in Davos i gcuideachta na dtoicithe is mó ar an domhan.

In Davos bhí Enda ag caint le roinnt de na daoine a raibh ról lárnach acu i gcliseadh na heacnamaíochta domhanda.

Níor thagair Enda dó sin. Níor thagair sé don ról a bhí aige féin agus ag polaiteoirí eile in Éirinn sa chliseadh. Níor thagair sé don ról a bhí ag caomhnóirí an chaipitleachais - na baincéirí, lucht rialaithe airgeadais, na cistí fálaithe, agus eile sa chliseadh domhanda.

Seachas sin chuir Enda an locht ar Sheán agus ar Sheáinín Saoránach.

Ba é Seán agus Seáinín agus a gcíocras ar son na n-iasachtaí a d'fhág muid le fiacha de thrilliún euro nó mar sin.

Tá roinnt de na daoine atá chomh hamaideach sin is go nglacfaidh siad le caint Enda.

Bunús daoine áfach, faoi mar a léirigh pobalbhreith an Sunday Business Post, ba mhaith leo reifreann.

Agus tá an ceart ag Leo.

Seachas a bheith ag vótáil faoin chonradh Eorpach nua santaíonn bunús daoine reifreann le go dtiocfadh leo báta agus bóthar a thabhairt dó féin agus do Enda.

Nárbh fhada uainn é!

"Où est la sortie de VIP s'il vous plaît?

Páidí Ó Lionáird ar thuras 7Lá go dtí an Bhuiséil an tseachtain seo caite

TÁ an Bhruiséil casta mar chathair - saghas éiginnte fúithi féin - gan féiniúlacht dá cuid fein - a féiniúlacht goidte ag gach ballstát eile san Aontas Eorpach, cleas gadaíochta a fhágann an Bhruiséil i lár an aonaigh ach ar shlí éigin ina haonar agus fágtha ina suí nuair atá na deirfiúracha, Páras, Londain, Vín agus Beirlín, amuigh ag rince.

Bhí foireann léiriúcháin 7Lá sa Bhruiséil an tseachtain seo caite agus faoin tráth go mbeidh an colún seo léite agaibh, beidh eagrán eile feicthe ag cuid daoibh aréir ach cén dochar?

Foireann de cheathrar dínn a bhí ann - Deirdre Ní Choistín, an léiritheoir, Mairéad Ní Chonghaile, an taighdeoir, Breandán Delap, duine de bheirt eagarthóirí cláir (is é Tomás Ó Síocháin an ceann eile) agus mé fhéin. Bhí ár dturas bunaithe ar an mbunphrionsabal craolacháin phoiblí lena mbaineann TG4 agus bhí cuireadh faighte againn leas a bhaint as acmhainní stiuideó Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) atá lonnaithe i bParlaimint na hEorpa.

Ar ndóigh sna laethanta seo agus an oiread san cor is cúitimh faoi chúrsaí na hEorpa, an Euro agus gach a mbaineann leis agus linne dá bharr, bhí cúiseanna eile freisin go raibh údar againn a bheith ann. Bhí agallaimh agus ábhair roghnaithe roimh ré, aíonna curtha in áirithe, socruithe déanta leis an EBU ó thaobh áiseanna de agus an lóistíocht ar fad eagraithe go seoigh ag Deirdre agus Mairéad.

Mar sin ní bheadh le déanamh againn ach teacht ar an láthair agus suí siar agus an clár a dhéanamh mar a dheinimíd é gach Máirt? Sea is ní hea.

Bhí ár ndóthain ábhair againn le clár a líonadh mar a bhí ach nuair a chualamar go raibh an tAire Airgeadais sa chathair, i gcruinniú Airí Airgeadais na mBallstát faoi Chathaoirleacht an Choimisinéara Airgeadais Olli Rehn, d'fhiosraíomar an mbeadh seans faoin spéir go bhféadfaimís agallamh a fháil leis sara dtabharfadh sé aghaidh ar chruinniú eile le Mario Draghi in Frankfurt na Gearmáine.

Glao i ndiaidh glao agus, ar deireadh, chualathas go mbeadh an tAire ag glacadh le "ceisteanna tairsí" ag doras an Berlaymont, ceanncheathrú an Choimisiúin, i ndiaidh an chruinnithe ag am lóin.

Bhí an bealach ar eolas againn mar bhí sé siúlta againn ó stáisiún Metro Schuman chomh fada leis an bParlaimint. Comhairle anseo - nuair a bhíonn deis agat taisteal le Breandán Delap, tóg é ach bí reidh le roinnt mhaith siúlóide a dhéanamh agus caith bróga oiriúnacha dá réir.

Fuaireamar cúnamh ónár gcomhleacaithe iriseoireachta freisin - Paul Cunningham, RTÉ agus Arthur Beesley ón Irish Times - iad beirt ag glacadh le glaonna agus ag insint dúinn canad le dul agus cá mbeadh an t-agallamh á thionól.

Ghlacamar leis an gcomhairle go fonnmhar. Shíleamar gur ghlacamar leis an gcomhairle, ba chirte dom a rá, mar nuair a shroiseamar an Berlaymont, d'iarramar ag an bhfáiltiú cá mbeadh an seomra preasa seo agus ní raibh faic faoi cloiste acu.

Mar sin féin, fuaireamar pasanna iontrála - arís - tuilleadh comhairle anseo mar is iomaí geata slándála atá sa Bhruiséil agus ní mór duit allúntas na míosa foighne a thabhairt leat freisin.

Michael Noonan faoi cheist sa Bhruiséil [PIC : PÁIDÍ Ó LIONÁIRD]

Ar deireadh, agus sinn ar an nguthán le Arthur, d'fhiafraigh sé de Bhreandán an rabhamar "...inár suí nó ag seasamh sa Café du Press?" "Ag seasamh," a dúirt Breandán. "Ní fheicim sibh mar sin tá sibh sa bhfoirgneamh mícheart," a dúirt Arthur, rud a chiallaigh go mbeadh orainn rith trasna na sráide go foirgneamh Chomhairle na nAirí, pasanna preasa a fháil an athuair, rith arís agus triail a bhaint as gach cleas na fiosrachta a bhronnann ceird na hiriseoireacht ar dhuine - d'fhonn an seomra nó an doras cuí a bhaint amach.

Fuair mé cead isteach ach bhí moill ar Bhreandán de bharr nach raibh a phas leis agus nuair a chuas isteach sa seomra preasa, bhí Olli Rehn ar tí labhairt leis na céadta iriseoirí. Ar chuma éigin ní raibh sé seo ceart agus nuair a ghlaoigh Breandán orm agus é do mo lorg, dheimhnigh sé m'amhras dom.

Ar deireadh, i ndiaidh dúinn rith suas síos staighrí, doirse seomraí a oscailt agus a dhúnadh, chonaiceamar seomra preasa na hÉireann. Ritheamar chuige agus nuair a d'oscail Breandán an doras isteach - bhraithfeá a dhíomá nuair nach raibh solas ar lasadh fiú.

Dhearcamar síos an pasáiste agus chonaiceamar beirt an comhartha "Sortie de VIP". Ritheamar agus nuair a phléascamar an doras romhainn amach, cé a bheadh ann ach an tAire Noonan le clibirt iriseoirí bailithe timpeall air.

Bhí Arthur Beesley á cheistiú ag an am, bhí Paul Cunningham ann agus ceamara RTÉ faoi réir aige. Chromas mé fhéin os cionn ban-iriseora chaoil os mo chomhair (tá brón orm má bhraithis mo chuid allais a bhí ag silleadh uaim) agus d'éirigh liom aird an Aire a fháil.

Bhraitheas mar iriseoir 'ceart' nó fiú mar aisteoir i gceann de na *blockbusters* ina mbíonn scéal mór á fhiosrú - scéal ag a bhfuil an meascán dosheachanta sin, polaitíocht, scannal agus gnéas. Ok ní raibh aon ghnéas. Ní raibh ná scannal ach an oiread.

Abraimís "*All The Presidents Men*" le Robert Redford agus Dustin Hoffman mar na hiriseoirí Woodward agus Bernstein sa tóir ar scannal Watergate le hUachtarán Mheiriceá na linne sin, Tricky Dickie Nixon.

I ndáiríre níl an Bhruiséil faic cosúil le Washington DC. Nó b'fhéidir go bhfuil má tá an páipéarachas chomh dona ar Pensylvania Avenue agus atá sa Berlaymont ach, ar chúis éigin, ní dóigh liom go bhfuil.

D'fhanas le mo sheans. Nuiar a bhí freagra á chríochnú aige, shíneas agus d'iarras air, "A Aire, cad leis a bhfuileann tú ag súil in Frankfurt um thráthnóna?" D'fhéach sé orainn gan oiread is ionadh le sonrú agus bhí linn.

Thóg sé nach mór ceithre huaire an chloig de rith agus rásaíocht orainn luach dhá nóiméad teilifíse a fháil ach ar ndóigh b'fhiú é.

An oíche sin, craoladh an chéad chlár beo ón stiúideo sin go hÉirinn agus bhí téagar éigin leis. Déanfar arís é ach ní dhéanfar den gcéad uair go brách arís é agus beidh a fhios againn cá bhfaighimíd an Sortie de VIP an chéad uair eile.

Foireann 7Lá i bParlaimint na hEorpa, ón chlé, Mairéad Ní Chonghaile, Deirdre Ní Choistín, Breandán Delap agus Páidí Ó Lionáird

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Eochair an cheoil - Caoimhín Ó Raghallaigh ag tiúnáil an chruitchorda i dteannta a chomhcheoltóirí Martin Hayes agus Peadar Ó Riada, agus iad i mbun taifeadta i gCúil Aodha dá n-albam nua Triúr Arís. PIC: Ó LOINGSIGH

Na deartháireacha fiontraíochta, Ronan agus Conor McGarvey ó Loch an Iúir i nDún na nGall, le Alan Grant, an stiúrthóir margaíochta ón gcomhlacht, Expert Hardware, agus sonóg an chomhlachta, Expert Hardware Man ar shuíomh nua an chomhlachta 'Donegal Pens' i Loch an Iúir le déanaí.

Patrick Traynor agus Mervyn McNeely, bainisteoir forbartha gnó Stena Line, ag seoladh Discover Donegal 2012 i mBéal Feirste le déanaí.

Daltaí ó Rang 3 agus 4 i nGaelscoil Mhúscraí ar shiúlóid dúlra sa chearnóg sa Bhlárnan ag iniúchadh luath-chomharthaí an earraigh le déanaí.

Bhronn Sárán Ó Machail agus Pearse Ó Néill bronntanais ar an Aire Cultúir Carál Ní Chuilín le linn a cuairte ar Ard Mhacha le déanaí.

Ar an mbóthar arís - na ceoltóirí Peadar Ó Riada, Martin Hayes agus Caoimhín Ó Raghallaigh atá ar tí dul ar thuras ceoil an tseachtain seo lena n-albam nua Triúr Arís. PIC: Ó LOINGSIGH

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Socrú geall le bheith déanta faoi dhíol Arramara Teo.

Máirtín Ó Catháin

TUIGTEAR go bhfuil bainistíocht Údarás na Gaeltachta tagtha ar an intinn gurbh fhearr cuid de thionscal feamainne Arramara Teo. a dhíol le comhlacht idirnáisiúnta.

Tá trí ghrúpa gnó - péire as tíortha thar lear agus ceann as Éirinn - tar éis spéis mhór a chur in Arramara Teo. ó d'fhógair an tÚdarás go raibh siad ag iarraidh scaradh leis. Tuigtear go bhfuil an comhlacht atá curtha chun cinn ag bainistíocht an Údaráis ag trádáil i gcúrsaí éagsúla gnó go hidirnáisiúnta agus go bhfuil roinnt mílte daoine fostaithe acu. Níl sa bhfeamainn ach cuid amháin dá ngnó agus is cosúil go bhfuil siad ag iarraidh forbairt a dhéanamh air sin. Tá cinneadh Bhord an Údaráis faoin díolachán curtha siar ar feadh dhá mhí le deis a thabhairt dóibh tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an gceist.

Tá Arramara Teo. ar cheann de na tionscail is faide atá i mbun gnó sa nGaeltacht; cuireadh tús leis in 1947. Bíonn cuid mhaith de scór fostaithe sa mhonarcha i gCill Chiaráin i gConamara agus tá thimpeall is 200 duine ag cur feamainne isteach ansin; tá cuid acu siúd ag baint seasta go maith agus cuid eile acu a chuireann lámh ann anois agus aríst.

Glactar leis gur crann taca fíorthábhachtach í an fheamainn i bpobal cois cladaigh i gConamara agus ar chósta Mhaigh Eo. Cé go raibh sé ina imní nach mbeadh dóthain bainteoirí feamainne ann nuair a bhí an obair thógála láidir tá an scéal sin athraithe go hiomlán anois. Chuaigh go leor fear ar ais sa gcladach nuair a tháinig an lagtrá i dtionscal na tógála; is beag rogha eile atá ag go leor daoine anois.

Beidh go leor cur agus cúitimh le déanamh ag baill Bhord Údarás na Gaeltachta sula ndéanfaidh siad socrú sa deireadh. Tá Arramara Teo. go hiomlán faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta le beagnach naoi mbliana. Bhíodh lámh ag an Stát ann i gcomhar le comhlachtaí príobháideacha eile roimhe sin. Táthar le fada ag caint faoi fhorbairt a dhéanamh ar earraí eile bunaithe ar an bhfeamainn agus cur, dá réir, leis an líon jabanna go háitiúil. Ar an taobh eile, bheadh sé ina imní go millfí chuile shórt dá ngabhfadh comhlacht príobháideach ar mhalairt cúrsa - nó dá dtarlódh trioblóidí gnó.

Tá moltaí ann anois go gcoinneodh an tÚdarás céadatán den chomhlacht. Ach chaithfeadh na ceannaitheoirí a bheith sásta le socrú mar sin agus beidh coinníollacha dá gcuid féin acu.

Rinne Arramara Teo. brabach beag anuraidh. Ach is léir freisin nach mbíonn margadh ann seasta don fheamainn; tá roinnt de stóráilte faoi láthair i monarcha de chuid Údarás na Gaeltachta i gCarna.

Ainmniúcháin Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh le dúnadh go luath

Katie McGreal

TÁ ainmniúcháin do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, a bhíonn á reáchtáil ag an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge, ar oscailt go dtí an Déardaoin seo chugainn, 9 Feabhra.

Ní gá go mbeadh Gaeilge líofa agat chun páirt a ghlacadh sa Ghradam. Is í aidhm an Ghradaim ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí sa chathair a thaispeánann an Ghaeilge in úsáid ar bhealach 'dáiríre,' 'cruthaitheach' agus 'feiceálach' ina ngnó nó eagraíocht a léiríonn an tionchar a lean as seo ar an bhfoireann agus ar íomhá dhátheangach na Cathrach.

Bhí oíche eolais ar siúl le déanaí in Óstán an Menlo Park chun deis a thabhairt do dhaoine casadh le hiarbhuaiteoirí agus le moltóirí an Ghradaim.

Tá struchtúr nua i bhfeidhm don Ghradam i mbliana. Tá ceithre chatagóir i gceist; Miondíol, Fáilteachas agus Turasóireacht, Seirbhísí agus Comhlachtaí Eile. Roghnófar gearrliosta ón gceithre chatagóir agus roghnófar buaiteoir iomlán Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh as buaiteoirí na gcatagóirí sin.

Tá tuilleadh eolais ar an nGradam ar fáil ó Ghearoidín ag gearoidin@gleg.ie nó ar shuíomh Gaillimh le Gaeilge www.gleg.ie agus óna n-oifigí ar 091-568876.

Tiarnach agus Bríona Moran ó Mhainistir Chnoc Muaidhe ag baint suilt as an uisce ar Bhóthar na Trá i nGaillimh le déanaí.

Fógra

SAORVIEW
LEICTRŌ CHONAMARA
oifig: 091 595 092
gach seirbhís teilifíse dhigiteach
all digital television services
glaoch ar / call
John Walsh 087 235 7096
official saorview agent seirbhis SKY agus FREESAT

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ranganna Gaeilge Labhartha don Ardteist

Aideen Breathanch

TÁ Togra Mhaigh Eo de Chonradh na Gaeilge Chaisleán an Bharraigh ag reachtáil ranganna Gaeilge labhartha ag tosú 27 Feabhra 2012.

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaltaí Gaeilge a bheas ag déanamh na hArdteiste in 2012. Is cúrsa 6 seachtaine a bheas i gceist agus is é an costas a bhíos ar na ranganna seo ná €50 san iomlán.

Má tá suim agat sa chúrsa seo, cuir glaoch ar Bhrídín ag 094-90-22444/087-9781166 nó eolas@conradhmhaigheo.ie

Ceiliúradh Mór ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin

Aideen Breathnach

BHUAIGH Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, an chéad áit i gCraobh na Sóisear de chuid Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn 2012 a bhí ar siúl i dTéatar Poiblí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Dé Céadaoin seo caite.

Tá Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag ceiliúradh an bhua mhóir a bhí ag an bhfoireann de thriúir cailín, Fionnuala de Bhailís (Captaen na foirne), Síofra Ní Shé agus Clíona Ní Bhriain. Deir múinteoir sa scoil, Máirín Ní Dhomhnaill, "bhí anáthas ar na múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí ar an oíche gur bhuaigh siad Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain agus tá muid ar fad an-bhródúil as an bhfoireann".

Labhair na foirne ar fad go heolach le Gaeilge bhreá ar an rún 'Cuireann na hollmheáin chumarsáide an iomarca béime ar chúrsaí spóirt'. Dúirt an captaen Fionnuala le linn na díospóireachta go "leanann go leor daoine teoiric Bill Shankley, go bhfuil spórt níos tábhachtaí ná an saol féin. A lucht éisteachta níl dóthain spóirt sna meáin dhaoibh".

Bhí foireann Scoil Chuimsitheach Chiaráin i gcomórtas le Pobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga agus Choláiste Eoin, Co. Bhaile Átha Cliath chun an chéad áit a bhaint amach.

Bronnadh buanchorn agus duais €1,000 ar an bhfoireann agus bronnadh duais €250 ar na foirne eile a bhí rannpháirteach. Mar chuid den duais freisin, fuair foireann agus múinteoir Scoil Chuimsiteach Chiaráin cuireadh chun páirt a ghlacadh i 'Rí Scéal' in Albain san fhómhar. Féile dhíospóireachta is ea 'Rí Scéal' a réachtálann Gael Linn gach bhliain do chainteoirí óga Gaeilge as an dá thír.

Athbhreithniú á lorg ar Iarnród an Iarthair

Colm Ó Broin

TÁ moladh déanta ag an mbrúghrúpa *West On Track* go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách ar Iarnród an Iarthair.

Dar leis an ngrúpa nach an tseirbhís atá á cur ar fáil ag Iarnród Éireann ar an líne sásúil agus ba cheart é a thairiscint go dream príobháideach mura bhfuil an comhlacht stáit sásta é a fheabhsú.

"An scannal a bhaineann le hIarnród an Iarthair ná gur baineadh an bonn dó go hinmhéanach ón tús, ní gur cuireadh é ar bun sa chéad dul síos," arsa urlabhraí.

Rinne an grúpa an ráiteas tar éis don chlár Primetime maíomh a chraoladh go bhfaigheann gach paisinéir ar an mbealach liúntas €85 ón rialtas.

Dúirt *West On Track* go raibh an maíomh, a rinne an t-eacnamaí Colm McCarthy, "áiféiseach".

Deir an grúpa gur ceart d'Iarnród Éireann seirbhís den chaighdéan céanna is atá ar fáil idir cathracha eile a chur ar fáil idir Luimneach agus Gaillimh. Ghearrfadh sé seo an t-am taistil ó dhá uair go huair amháin, dar leo.

Deir siad freisin nach bhfuil figiúirí faoin méid daoine a úsáideann an tseirbhís a chuir Iarnród Éireann ar fáil, agus a luaigh *Primetime*, deir siad nach bhfuil siad iontaofa. Maíonn West On Track nach bhfuil poibliú á dhéanamh ar an tseirbhís, nach féidir ticéid a cheannach ar líne agus nach bhfuil ciall ná réasún ag baint leis na praghsanna do thicéid chomh maith.

Cháin an grúpa Primetime go géar ag rá go raibh anailís an chláir bunaithe ar líon na bpaisinéirí idir Inis agus Béal Átha an Rí amháin (na codanna den líne a ath-osclaíodh le blianta beaga anuas), agus ní ar an tseirbhís iomlán idir Luimneach agus Gaillimh. Tá sé mar aidhm ag *West On Track* go sínfí Iarnród an Iarthair go Tuaim, Clár Chlainne Mhuiris agus Sligeach amach anseo.

Síofra Ní Shé, Clíona Ní Bhriain agus Fionnuala de Bhailís, foireann Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe ag ceiliúradh a mbua i gCraobh na Sóisear de Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn 2012 i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le déanaí.

Nabeel Mahmoud Al Zarouni, Bainisteoir Margaíochta Chomhairle Turasóireachta Abú Daibí, in éineacht le Máirtín Davy ó RTÉ Raidió na Gaeltachta ag Seó Turasóireachta na Cruinne san R.D.S. ag an deireadh seachtaine

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Siollabas Nua Gaeilge le seoladh

Katie McGreal

SEOLFAIDH Neasa Ní Chinnéide, saineolaí ar an ilteangachas ó Choláiste na Tríonóide, an Siollabas Nua Gaeilge don Tríú Bliain Ollscoile sa Seomra Caidrimh i gColáiste Phádraig i nDroim Conrach ar an Luan seo chugainn, 6 Feabhra, ag 6in.

Sheol An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge Siollabas Nua Gaeilge don chéad agus don dara bliain ollscoile in 2009 agus 2010 agus seo an seoladh deireanach a dhéanfar.

Tá an siollabas nua bunaithe ar Fhráma Tagartha Chomhairle na hEorpa d'Fhoghlaim Teangacha. Fuaireadar cabhair ó Fhoras na Gaeilge agus tacaíocht ó neart institiúidí tríú leibhéal ina bhfuil an Ghaeilge á teagasc chun é a chur le chéile.

Ba iad Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bhí i mbun ceannródaíochta sa tionscadal agus ba iad an tOllamh Máirín Nic Eoin agus an Dr John Walsh a d'fheidhmigh mar chomhstiúrthóirí ar an tionscadal. Fostaíodh Ailín Ní Chonchúir mar Bhainisteoir Tionscadail agus dhear sí na siollabais agus an t-ábhar teagaisc i gcomhar le baill na meithle.

Tá na hábhair ar fad ar fáil ar líne ar www.teagascnagaeilge.ie.

Tá fáilte roimh chách ag an seoladh agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó Ailín Ní Chonchúir ar ailin.nichonchuir@spd.dcu.ie.

Maidin Chaife i mBÁC 5

Katie McGreal

BÍONN maidin chaife Ghaelach ar siúl gach Déardaoin san Ionad Pobail 'Le Chéile' in aice leis an séipéal 'Our Lady of Consolation' i nDomhnach Cearna i mBaile Átha Cliath 5 ar feadh uair an chloig ó 10.15rn.

Thosaigh Ben Mac Lochlainn an grúpa seo i mí an Mheithimh 2011 toisc go bhfuil neart daoine sa cheantar sin a bhfuil Gaeilge acu agus bhí sé ag iarraidh deis a thabhairt dóibh í a labhairt.

Tá sé ag súil leis an maidin chaife seo a leathnú amach go ceantair éagsúla.

De ghnáth, bíonn thart ar chúigear nó seisear i láthair ach tá fáilte roimh chách, is cuma cé mhéad Gaeilge atá agat. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Ben ag maclochlainnbp@hotmail.com.

'Bookworms' ar ais i mBÁC

Katie McGreal

TÁ an dráma '*Bookworms*' le Bernard Farrell ar ais in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath an mhí seo. Tá lucht na hAmharclainne ag iarraidh tréimhse saoil na ndrámaí ar thug siad coimisiún dóibh a leathnú amach.

Is dráma é seo faoi bhean atá ag iarraidh oíche chlub leabhar fhoirfe a chur ar siúl, ach athraíonn sí na rialacha agus tugann sí cuireadh do na fir chéile.

Seachtar iarrthóir don déagánacht Chaitliceach

Colm Ó Broin

GLACADH le seachtar fear pósta mar iarrthóirí oifigiúla don déagánacht i nDeoise Caitliceach Chill Dara agus Leithghlinne le déanaí.

Is é seo an chéad uair le breis is míle bliain gur tharla searmanas dá leithéid sa deoise.

Tá cead ag déagánaigh seirbhísí áirithe a dhéanamh san Eaglais Chaitliceach, ina measc, sochraidí, bainiseacha agus baistí. Tá dualgas orthu chomh maith cúnamh a thabhairt do dhaoine bochta agus daoine atá ag fulaingt.

Clúdaíonn Deoise Chill Dara ags Leithghlinne codanna de Laois, Uíbh Fhailí, Ceatharlach, Loch Garman, Cill Mhantáin agus Cill Dara.

Ag caint dó ag an tseirbhís in Ardeaglais Cheatharlach, dúirt an tAthair Ruairí Ó Domhnaill go raibh déagánaigh coitianta sa chéad mhílaois, ach fuarthas réidh leis an ról thart ar 1,000 AD. D'athbhunaigh an Pápa Pól VI an déagánacht bhuan in 1967 agus táthar ag ceapadh go mbainfear níos mó úsáide astu sna blianta amach romhainn.

Tá laghdú mór tagtha ar líon na sagart Caitliceach in Éirinn le blianta beaga anuas agus bíonn an fhadhb ag cur isteach ar sheirbhísí timpeall na tíre go rialta.

De réir an Athar Uí Dhomhnaill is 'fathach ina chodladh' iad tuataí Caitliceacha na tíre. Mhaígh sé chomh maith go raibh eagla ar shagairt roimh ról níos suntasaí san Eaglais Chaitliceach do thuataí toisc go raibh an baol ann nach bhféadfadh siad smacht a choimeád orthu. Tá an seachtar, Patrick Roche, David O'Flaherty, Joe O'Rourke, Fergal O'Neill, Gary Moore, John Dunleavy agus Jim Stowe, ag tosú na bliana deireanaí dá gcuid traenála mar dhéagánaigh.

Tá David O'Flaherty mar phríomoide ar Ghairmscoil Mhuine Beag i gCeatharlach agus dúirt sé go raibh sé an-ghnóthach san Eaglais sular fhógair an deoise go raibh siad ag lorg déagánach.

"Beidh an méid a bheas ar bun againn mar dhéagánaigh ag brath ar go leor cúinsí, na dualgais atá orainn inar saol pearsanta ó thaobh teaghlaigh agus oibre de agus an bealach a nglacann an pobal leis an ról nua."

Tá an deoise ag beartú athbhreithniú a dhéanamh ar an bproiséas nuair a oirnítear an seachtar sula nglacfar le níos mó déagánach. Níl cead ag mná a bheith ina ndéagánaigh faoi láthair.

Eoghan Mac Diarmada, an láithreoir teilifíse ar an gclár 'The Voice', an t-aisteoir ar an gclár 'Seacht' agus an DJ raidió ar XFM i Londain atá mar phearsa Sheachtain na Gaeilge i mbliana chun daoine ar fud na cruinne a spreagadh chun cainte i nGaeilge. Beidh Seachtain na Gaeilge ar siúl ón 5 - 17 Márta i mbliana.

Tosóidh '*Bookworms*' ar an Déardaoin, 9 Feabhra agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh cúig seachtaine. Beidh réamhamharc ar siúl ar an Máirt, 7 Feabhra agus ar an gCéadaoin, 8 Feabhra. Beidh sé ar siúl ag 7.30in gach oíche agus beidh dá sheó ar siúl ar an Satharn ag 2in agus 7.30in.

Bhí an dráma seo ar siúl in 2010 agus tá sé ar an 21ú dráma don stáitse a scríobh Farrell. An chéad dráma le Farrell a chuir Amharclann na Mainistreach i láthair ná, 'I do not like thee, Dr Fell' in 1982.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.abbeytheatre.ie nó 01-8787222 agus tá ticéid ar fáil ó €13 go €40.

Ceatharlach

Ciorcal Comhrá Iarscoile

TOSÓIDH Ciorcal Comhrá Iarscoile do mhic léinn na hArdteistiméireachta i gCeatharlach ar an gCéadaoin, 22 Feabhra ag 4.30in in Ionad Pobail Dharach Úir. Tá Glór Cheatharlach á eagrú chun cleachtadh breise i nGaeilge labhartha a thabhairt do na mic léinn ionas gur féidir leo cleachtadh agus ullmhúcháin a dhéanamh i mbealach neamhfhoirmiúil taobh amuigh den seomra ranga don bhéaltriail Ghaeilge.

Beidh sé ar siúl ar feadh sé seachtaine, uair an chloig in aghaidh na seachtaine, agus tá costas €15 ar an tréimhse ar fad. Is féidir áiteanna a chur in áirithe agus tabharfar tús áite don chéad fhiche iarratas. Is féidir clárú trí oifig Glór Cheatharlach ar Shráid an Choláiste ar ar 085 1340047 nó eolas@glorcheatharlach.ie.

Beidh fáilte roimh mhic léinn shinsir ó iar-bhunscoileanna uile an cheantair.

Gaeilge le Chéile

BEIDH Gaeilge le Chéile na míosa seo ar siúl amárach, Déardaoin, 2 Feabhra ag 9in i dteach tábhairne Reddys i gCeatharlach.

Tugann an oíche seo deis do dhaoine a bhfuil suim acu sa Ghaeilge, í a labhairt lena chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí. Cuirfear fáilte roimh chách, go háirithe daoine atá ag freastal ar chúrsaí Gaelchultúr an earraigh.

Is imeacht saor in aisce atá ann.

Éigse na Tríonóide 2012

Katie McGreal

THOSAIGH an fhéile bhliantúil Ghaeilge i gColáiste na Tríonóide, Éigse na Tríonóide 2012, ar an Luan seo agus críochnóidh sé ar an Aoine, 3 Feabhra.

Tá bricfeasta Gaelach ar siúl ó 8.50rn gach maidin agus beidh Aifreann Córúil ar siúl inniu sa séipéal ag 1.05in agus tabharfar léacht ar Ghairmeacha le Gaeilge ag 2in i Léachtlann Hoey.

Ar an Déardaoin, beidh rang Gaeilge do ghlantosaitheoirí ar siúl sa Léachtlann Emmet ag 1in agus, ina dhiaidh sin, beidh deis ag daoine an scannán 'Harry Potter and the Order of the Phoenix' a fheiceáil sa Hist as Gaeilge. Tá na himeachtaí sin saor in aisce agus ní gá duit a bheith i do mhac léinn sa Choláiste chun freastal orthu.

Ar an oíche sin, seinnfidh Aslan ag ceolchoirm mhór na hÉigse a bheidh ar siúl sa Workman's Club ar Ché Wellington ó 8in. Tá costas €10 ar an doras.

Cuirfear deireadh leis an bhféile ar an Aoine le léacht ó Ghabriel Rosenstock agus Máirín Nic Eoin sa Hist. Seolfaidh Rosenstock neart leabhar agus labhróidh sé faoin obair atá ar bun aige faoi láthair.

Ina dhiaidh sin, imreoidh Cumann Gaelach an Choláiste sacar i gcoinne Cumann Gaelach ón gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath ag 3in. Beidh seisiún ceoil thraidisiúnta ar siúl sa Pav ag 5in agus cuirfear ceoldráma a scríobh mac léinn de chuid an Choláiste go hiomlán as Gaeilge ar siúl ag 8in freisin.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Grúpa tuismitheoirí ó Ghaelscoil Mhúscraí ag léamh an tionscadail a rinne Rang 4. Bhailigh siad eolas faoin Sean-Mhuilleann sa Bhlárnan trí labhairt le daoine a d'oibrigh ann fadó. Thug na páistí cuireadh do na tuismitheoirí teacht isteach agus an tionscadail a léamh.

An Rinn

Tionól Niocláis Tóibín

Katie McGreal

BEIDH Tionól Niocláis Tóibín ar siúl 10 - 12 Feabhra agus tá muintir Ghaeltacht na Rinne ag eagrú imeachtaí ceoil, amhránaíochta agus neart eile don deireadh seachtaine speisialta seo.

Osclófar an Tionól go hoifigiúil Dé hAoine 10 Feabhra ag 9in i dTigh an Cheoil agus bronnfar Gradam Niocláis ar an amhránaí Johnny Mháirtín Learaí Mac Donnchadha as Conamara ar an oíche. Ina dhiaidh sin, beidh ceolchoirm le Cór Fear na nDeise agus seisiún ceoil.

Cuirfear ranganna ceoil ar siúl ar an Satharn i Meánscoil San Nioclás ó 10rn agus beidh Ceadal Ceoil idir múinteoirí agus daltaí ar siúl tar éis na ranganna ag 1in. Baileoidh cairde Niocláis Tóibín le chéile ag 3.30in an tráthnóna sin i gColáiste na Rinne chun súil a chaitheamh ar a shaol agus ar a shaothar. Beidh ceolchoirm an Tionóil ar siúl i Meánscoil San Nioclás ag 7.30in ar an oíche sin freisin le cead isteach ag €10.

Craolfaidh RTÉ Raidió na Gaeltachta le Cór Fear na nDéise Aifreann beo ó Shéipéal San Nioclás ag 11.30rn agus beidh teacht le chéile ceolmhar ar siúl i dTigh Mhuirithe, Heilbhic, ina dhiaidh chun deireadh a chur leis an Tionól.

Tá fáilte roimh chách ag na himeachtaí uilig.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Fear Ghorta Dubha ceapaithe mar oifigeach oiliúna

IS é Tomás Ó Muircheartaigh ós na Gorta Dubha, Baile an Fhirtéaraigh atá ceapaithe mar oifigeach oiliúna do scéim múineadh scileanna caide agus iománaíochta i scoileanna agus clubanna i gCorca Dhuibhne, scéim a bhí aontaithe ag Roinn na Gaeltachta agus CLG. Ní aon stróinséir Tomás i saol na caide mar gur imir sé ar feadh scata blianta fé aois agus do shinsir caide CLG na Gaeltachta. Le cúpla bliain bhí sé ina bhainisteoir ar Shinsir na Gaeltachta agus, más fíor a gcloisim, bhí na himreoirí ana-shásta leis.

Club Leabhar ar an mBuailtín

BEIDH An Club Leabhar ag tosnú arís sara fada. "Is é atá ann ná go mbuaileann daoine gur suim leo leabhra agus litríocht na Gaolainne le chéile uair sa mhí ar an mBuailtín. Bíonn leabhar roghnaithe níos luaithe agus is gnáthach go mbíonn tuairimíocht éagsúil fé pé leabhar a bhíonn á mhionscagadh. Is é an leabhar 'An Lúb ar Lár' le Feargal Mac Amhlaoibh [Foil. Coiscéim] a bheidh á mheas an mhí seo. Leabhar é seo ina dtugann an t-údar cuntas ar eachtraí éagsúla a bhain lena shaol go dtí seo. Tá ainm Fheargail in airde mar bheileadóir agus mar ghníomhaí pobail.

Dada do Dhún Chaoin

NÍ ró-shásta a bhí go leor de phobal Dhún Chaoin an tseachtain seo leis an scéala a fuaireadar ar a n-iarratas maidir le cabhair a chur ar fáil le feabhsaithe a chur i gcrích ar roinnt áiteanna sa pharóiste a bhí thíos leis an scrios a dhein an tuile mhór roinnt míonna ó shoin. Dúirt urlabhraí go bhfaca an saol mór an scrios a dhein madhma talún a scior anuas ar dhá bhaile agus an mórdhamáiste a dhein an tuile sa pharóiste. Dar leis go mba aisteach é mar scéal gur chuir an tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich in iúl do Brendan Ó Grifín TD, i bhfreagra Dála, ná raibh aon soláthar airgid ag a roinn sa chás seo.

Tuigeadh d'fhear Dhún Chaoin go mbíonn fóirithint éigin ar fáil i gcásanna ina mbíonn daoine thíos le mór-thuilte, sneachta, dianshioc, nó gálaí, rud ba cheart, ach ná raibh dada ar fáil ón Stát do ghátar Dhún Chaoin.

400 i láthair do chruinniú ar Scoileanna

Breandán Mac Gearailt

BHÍ breis agus ceithre chéad duine i láthair i bPobalscoil Chorca Dhuibhne ag cruinniú a d'eagraigh craobh áitiúil Chumann Múinteoirí Éireann [INTO] agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar an Máirt seo caite.

Is iad a bhí i bhfeighil an chruinnithe ná na Príomhoidí Seán Ó Catháin agus Seanchán mac Gearailt, agus Treasa Ní Mhainín, Príomhfheidhmeannach Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Cinnte bhí Treasa lánsásta leis an dtinreamh. Go deimhin dhein sí gach dícheall tabhairt ar dhaoine bheith i láthair le go mbeadh siad ar an eolas fé chás bhunscoileanna an cheantair.

Bhí gach polaiteoir gurbh fhiú tagairt dhó i gCiarraí ar an láthair don ócáid agus gan amhras a bhformhór mór ag cur in iúl go mbeadh siad go huile agus go hiomlán ag cabhrú le mianta na dtuistí agus a múinteoirí.

Ba bheag acu a labhair i nGaeilge ach dhein na comhairleoirí contae Mícheál Ó Glíosáin, Neamhspleách [N] agus Toiréasa Ní Fhearíosa, Sinn Féin [SF] a gcúram go slachtmhar.

Thugadar beirt aitheantas agus aird fé leith don dteanga agus an tábhacht a bhí le cosaint a thabhairt dos na scoileanna Gaeltachta.

Labhair bean óg ón Ghailís sa Spáinn i nGaolainn agus dúirt gur dhócha go mbeadh deireadh leis na ranganna Spáinise a thugadh sí i mbunscoileanna an cheantair. Dúirt sí gurb í Éire an t-aon tír san Eoraip ná múineann teanga Eorpach sa bhunscoil.

Tháinig Lucia Atencia go Corca Dhuibhne tamall beag de bhlianta ó shoin agus tá Gaolainn mhaith aici agus is minic í ag canadh amhrán ar an sean-nós.

Mheas an teachta Martin Ferris, SF go raibh beartais an rialtais i leith na scoileanna 'náireach'. Chuir an TD Breandán Ó Grífín, Fine Gael (FG) in iúl go mbeadh sé ag tabhairt lán tacaíochta d'fheachtas na dtuismitheoirí agus na múinteoirí.

Mheas Michael Healy-Rae, N gur fastaím a bhí ar bun ag an nGrífíneach mar, ar sé, gur sheas sé leis an rialtas an tseachtain roimhe sin nuair a bhí polasaí na scoileanna agus na gciorruithe á phlé. "Ní féidir leat a bheith ag bhótáil do pholasaí an rialtais 'thuas' i mBaile Átha Cliath agus port éagsúil a bheith agat anseo, mar atá," arsa Healy-Rae. Ba léir go raibh an Grífíneach gortaithe mar dúirt sé go raibh sé ag iarraidh an scéal a réiteach 'ón dtaobh istigh'.

Caint san aer dar le Healy Rae ba ea é seo. Dúirt an TD Arthur Spring, Lucht Oibre [LO] go mba thrua agus go mba ait é mar scéal go raibh a chuid Fraincíse níos líofa ná a chuid Gaeilge, ach go ndéanfadh sé a mhíle dícheall tabhairt ar an Aire Oideachais teacht ar athrú poirt. Mheas an Seanadóir Marie Moloney, LO go raibh cúrsaí casta agus ainnis fé láthair, ach go raibh sé deacair mórán a dhéanamh mar go raibh 80% den mbuiséad á chaitheamh ar phá múinteoirí.

Bhí scéal phá na múinteoirí mar ábhar imní ag an Seanadóir Tom Sheehan, FG agus dúirt go neamhbhalbh go raibh na múinteoirí ag seasamh go diongbhálta le hAontas Pháirc an Chrócaigh rud a chruthaigh mórdheacrachtaí don Aire de thoradh easpa airgid. Mheas an TD N, Tom Fleming, go raibh tábhacht fé leith leis an nGaeltacht mar thobar na teanga agus an chultúir agus gur cheart go mbeadh an tuiscint sin ag an rialtas.

Mhol sé obair Threasa Ní Mhainnín agus Chearta Sibhialta na Gaeltachta as a n-iarrachtaí blianta ó shoin nuair a bhí bagairt scoileanna sa Ghaeltacht a chómhnascadh agus, dar leis, a scriosadh, "díreach," ar sé, "mar atá á bheartú anois breis agus daichead bliain níos déanaí.

Labhair na comhairleoirí Michael O'Shea, Séamus 'Cosaí' Mac Gearailt agus Matt Griffin agus chuir a dtacaíocht in iúl. Bhuail an coiste níos luaithe sa lá leis an Aire Jimmy Deenihan TD, FG. Thug an Seanadóir Marcas Ó Dalaigh, FF le tuiscint go raibh agus go mbeadh sé ag tacú leo. Bhí cruinniú eile i leith na scoileanna tar éis teacht salach ar an gceann sa Daingean an oíche sin. "Más gábhadh tiocfadh chugaibh aon uair ," a dúirt sé.

Thug Treasa Ní Mhainnín cuntas mionsoiléir ar chás na scoileanna agus dúirt go raibh méadú 2% ar an gcóimheas daltaí le múinteoir i scoileanna dhá agus trí oide sa Ghaeltacht agus go mbeadh an bhearna 7% do scoileanna ceithre oide sa Ghaeltacht, mar gur chuir an rialtas an córas a bhí aontaithe le fada sa chás seo, ar leataobh.

Dar léi go raibh sé meáite 250 post a scor sna trí bliana romhainn, céad ceann sa bhliain 2012, a mbeadh 12% acu san sa Ghaeltacht. "Beam ag dul go Baile Átha Cliath," ar sí agus í ag súil go mbeadh sluaite as gach Gaeltacht ag tarrac ar an Ardchathair ar ball.

Tugadh aitheantas agus moladh fé leith dá raibh le rá ag iar-Uachtarán do CBE , Jim Higgins ó Shligeach. Chuir sé tábhacht na Gaeltachta, na teanga, an chultúir agus chothrom na Féinne chun cinn mar chuid d'aon socrú i leith cúrsaí oideachais. D'fhéadfaí scrios a dhéanamh ar scoileanna beaga in aon cheantar tuaithe, mheas sé, ach go luífeadh an bhróg níos déine ar an nGaeltacht dar leis.

Gan amhras bhí Treasa Ní Mhainnín agus a cairde ana-shásta le hobair na hoíche, tinreamh, freastal ionadaithe poiblí agus dearcadh dearfach fhormhór na gcainteoirí. "Romhainn is baolach atá," ar sí, "ach tá súil agam ná teipfidh ar mhisneach aon duine."

Triúr ar an mbóthar arís le halbam nua

Seán Ó Loingsigh

TÁ na ceoltóirí Gaelacha Peadar Ó Riada, Martin Hayes agus Caoimhín Ó Raghallaigh ar an mbóthar arís le halbam nua atá ag dul ar an margadh an tseachtain seo.

Do thaifead na ceoltóirí aitheanta a n-albam Triúr sa Draighean i gCúil Aodha dhá bhliain ó shin le poirt air a bhí cumtha ag Peadar Ó Riada le 25 bliain anuas.

Triúr Arís is ainm don albam nua ar a bhfuil píosaí ceoil nua-chumtha de chuid an Riadaigh.

Ba i dtigh mhuintir Uí Riada – an Draighean – a deineadh an taifeadadh i rith sheachtain Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin i dtús mhí na Nollag anuraidh.

Tá an t-albam ceoil tiomnaithe do laoch na gceoltóirí, Muiris Ó Rócháin, stiúrthóir Scoil Samhraidh Willie Clancy a fuair bás anuraidh. 'Maith thú a Mhuiris' is ainm do pholca nuachumtha i gcuimhne a gcara.

Tugtar chun cuimhne Margaret Uí Chonaill nó 'Margartet Batt' atá imithe ar shlí na fírinne chomh maith. Duine den ngrúpa ealaíontóirí aosta Tacaois i Múscraí ab ea Margaret.

Tá scéal éigin ag baint le gach port, a lán acu a chum Peadar Ó Riada ar an dtoirt. Insíonn an port 'Cá bhfuil an Solas' faoi eachtra ina raibh an cumadóir ag lorg coinnle i rith bhriseadh cumhachta sa bhaile i gCúil Aodha le déanaí.

'Sé loch agus bean a' tí atá ag rince le 'The Mouse's Reel' agus tá tionchar ag an aimsir ar an gcumadóireacht leis an gcornphíopa 'The Winter Hornpipe' agus an port An Braon Báistí.

Is ceoltóir domhanda é Peadar Ó Riada atá préamhaithe go daingean ina cheantar dúchais – 'Ceantar Glas Mhúscraí' is ea fonn a chum sé do thionscadal mílaoise a bhí ar bun ag cara leis sa tSeapáin, agus a chuir sé le dán a chum stairí Chúil Aodha, Dónal Ó hÉalaithe, le déanaí.

An consairtín agus an cairdín le Peadar Ó Riada agus na veidhlíní le Martin Hayes agus Caoimhín Ó Raghallaigh atá le cloisint sa chuid is mó ar an albam, ach tá an cruitchorda á sheinnt ag an Riadach chomh maith ar an dtraic 'Harpsichord Louise'. Aintín le Peadar ab ea Louise agus deirfiúr lena athair, Seán Ó Riada. Agus scéal a bhaineann leis an gceol ná gur ar ceant a cheannaigh Louise Verling an cruitchorda tamaillín sar a d'éirigh sí tinn, agus a bhronn sí ar Pheadar nuair a bhí sí ar leaba an bháis.

Is iad eachtraí an tsaoil agus eiliminti na cruinne bunús na cumadóireachta so atá i dtiúin le tuiscint cheoil Uí Aodha agus Uí Raghallaigh. 'Esmaralda' is ea port atá cumtha ag an Riadach mar chuid de thionscadal cheol na Tine atá ar bun aige faoi láthair, saothar a leanann téama na n-albam 'Earth - Amidst These Hills' agus 'Wind's Gentle Whisper.' Tá ceol an uisce le teacht amach anso.

Tá tús á chur inniu ag an dtriúr le turas lena n-albam nua – anocht (Dé Céadaoin) beidh siad le cloisint i gceolchoirm i Halla Carnegie i Neidín, Co Chiarraí, agus oíche Dé hAoine seinnfidh siad i gceolchoirm sa Scoil Cheoil i gCorcaigh.

Oíche Dé Sathairn beidh siad ag seinnt i dTigh na Cúirte ar an dTulach, Co an Chláir, agus ar an nDomhnach an 12ú beidh siad ar stáitse in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath.

Múscraí

Tús á chur le séasúr an Earraigh san Ionad Cultúrtha

Seán Ó Loingsigh

CUIRFEAR tús le séasúr an Earraigh san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne Dé hAoine (3 Feabhra) le taispeántas ealaíne agus ceolchoirm ina dhiaidh le triúr ceoltóirí aitheanta.

Is é an t-amhránaí Ger Wolfe a sheolfaidh an taispeántas dar teideal Foinsí – 29 saothar de chuid dhaltaí na hidirbhliana i gColáiste Ghobnatan.

"Usáideadh focail agus scríbhneoireacht mar chuid den aistear cruthaitheach chun saothair éagsúla, indibhidiúlacha a chruthú," a dúirt Stiúrthóir an Ionaid, Bríd Cranitch.

Osclófar an taispeántas ar 7.00in agus ar 8.30in cuirfear tús leis an gceolchoirm leis na ceoltóirí Laoise Kelly, Breandán Ó Beaglaoich agus Tommy Peoples.

Táthar ag súil go mór leis an gcruitire Laoise teacht ar ais go Gaeltacht Mhúscraí tar éis do bhean Mhaigh Eo dul i bhfeidhm go mór ar oíche úd na hAeríochta i rith Fhéile na Laoch i gCúil Aodha ar 1 Lúnasa seo caite.

Tá an boscadóir Breandán Ó Beaglaoich ó Bhaile na bPoc i gCorca Dhuibhne imithe i bhfeidhm go mór chomh maith le halbam nua dá chuid a heisíodh le déanaí, agus aithnítear Tommy Peoples mar mháistir an veidhlín ina chontae dúchais, Tír Chonaill, agus níos faide i gcéin.

Beifear ag súil le hamhrán nó dhó ón mBeaglaoich agus ceann b'fhéidir ón veidhleadóir Peoples a bhfuil véarsaí cumtha aige le blianta beaga anuas.

Na babhlálaithe Conor Ó Críodáin, Conchubhar Ó Murchú, Marie Ní Loingsigh, Ríona Ní Ghríofa, Seán Ó Laoire agus Aoife De Róiste a bhuaigh babhtaí trialacha i réigiún na Gaeltachta de Bhól-Chumann na hÉireann chun dul san iomaíocht i gcomórtas foirne faoi aois Chontae Chorcaí Dé Domhnaigh seo chugainn. PIC: Ó LOINGSIGH

Foireann babhlála na Gaeltachta roghnaithe do chomórtas Chontae Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

I MBAILE Fhinín in Iarthar Chorcaí Dé Domhnaigh seo chugainn, beidh seisear babhlálaí óg ó Ghaeltacht Mhúscraí in iomaíocht i gcomórtas foirne faoi aois an chontae ina mbeidh an naoi réigiún babhála i gCo Chorcaí ag glacadh páirte ann.

Ar chúrsa babhlála bóthair Chluain Droichead i mBaile Bhúirne Dé Domhnaigh seo caite, bronnadh trófaithe ar an seisear babhlálaí óg a bhuaigh babhtaí cáilíochta i Réigiún Babhlála Ghaeltacht Mhúscraí.

Is iad buachaillí fé 10, fé 12 agus fé 14 atá roghnaithe dos na fóirne i dteannta cailíní fé 12, fé 14 agus fé 16.

B'iad na buachaillí Seán Ó Laoire, Conor Ó Críodáin agus Conchubar Ó Murchú, agus na cailíní Marie Ní Loingsigh, Ríona Ní Ghríofa agus Aoife de Róiste a bhuaigh na babhtaí cáilíochta d'fhoireann na Gaeltachta, babhtaí inar ghlac 80 babhlálaí bóthair páirt iontu gach Domhnach le mí anuas.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Dún na nGall

Clubtheach nua do Chumann Gailf Chloch Cheann Fhaola

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Contae Dhún na nGall cead do Chumann Gailf Chloch Cheann Fhaola clubtheach nua a thógáil ag Baile Chonaill, An Fál Carrach.

Tugadh cead an dá fhoirgneamh tréigthe atá ar an suíomh a leagadh. Is le hÚdarás na Gaeltachta an suíomh. Ní raibh aighneachtaí ar bith in éadan an iarratais, ach a mhalairt.

Scríobh Pádraig Mac A' Bhiocaire, Cathaoirleach Choiste Bainistíochta Phobalscoil Chloch Cheann Fhaola, litir chuig an Chomhairle a rá gur thug an Coiste Bainistíochta lán tacaíochta don chlubtheach úr.

"Le fírinne, is áis iontach don cheantar é an Cumann Gailf sa mhéid is go mbaineann foireann gailf na scoile úsáid as do cheachtanna agus gurb ann a bhíonn na cluichí baile s'aige," a scríobh Mac A'Bhiocaire.

Mar choinníoll leis an chead pleanála, chuir an Chomhairle iachall ar an Chlub Teach Bhaile Chonaill a chaomhnú.

Ardú ar an ráta gadaíochta i dTír Chonaill

Eoin Mc Garvey

TÁ rabhadh á thabhairt ag na Gardaí do dhaoine i dTír Chonaill bheith cúramach agus cinntiú go bhfuil a gcuid tithe, carranna agus tancanna ola faoi ghlas go hairithe má tá siad le bheith as baile ar feadh seal.

Tá ardú tagtha ar an líon na dtithe ar briseadh isteach iontu, ola a goideadh agus earraí a goideadh ó

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

ULAIDH
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

charranna le roinnt míonna anuas sa chontae. Is tithe nach bhfuil duine iontu is mó atá buailte agus seans nach bhfuil lucht an tí as baile ach ar feadh cúpla uair an chlog, rud a bheireann le fios go bhfuil robálaithe ag coinneáil súile ar thithe.

Le roinnt blianta bíonn go leor cásanna fá ola á ghoid ó thithe príobháideach, tithe saoire, foirgnimh ghnó agus fiú scoileanna go hairithe ag an am seo den bhliain. Faoi láthair tá costas de thar €800 ag baint le 1,000 lítear ola don teas lárnach agus is cinnte gur ábhar luachmhar atá ann. Goideadh go leor ola fá cheantar na Rosann le bliain agus bhí málaí guail agus tancanna gáis a ngoid ó thithe chomh maith.

Le tamall tá drochnós ag go leor daoine anois stádas s'acu a fhógairt ar Facebook ag tabhairt le fios go bhfuil siad i ndiaidh bualadh isteach in áit áirithe, imithe ar saoire agus leithéid, agus is cinnte gur eolas iontach atá anseo do dhaoine a bheadh ag iarraidh briseadh isteach i dtithe má bhíonn siad ag coinneáil súil ar Facebook chomh maith.

Sa chontae le gairid bhris beirt fhear isteach i dteach agus ghoid suim airgid. Ba é úinéir an tí a tháinig orthu agus é ag filleadh 'na bhaile. Bhí na fir feistithe mar fhir oibre agus d'éalaigh siad sula raibh seans ag fear an tí mórán eolais a fháil a bheadh cuidiúil do na Gardaí.

Óstáin Ghaoth Dobhair san fhaopach

Anton Mac Cába

D'FHÓGAIR An Chúirt, óstán atá lonnaithe i nGaoth Dobhair, caillteanas €361,212 sna cuntais is déanaí don bhliain 2010. Bhí sin de réir doiciméid a comhdaíodh leis an Oifig Um Chlárú Cuideachtaí. Ba laghdú é ó caillteanas €371,513 sa bhliain roimhe.

Is iad stiúrthóirí an chomhlachta ná Patrick Joseph agus Patricia Doherty a bhfuil seoltaí acu beirt ar an Bhun Beag. Tá an bheirt stiúrthóir ina sciarshealbhóirí, mar aon le Philomena agus Hugh Martin Doherty. Is tógálaí agus forbróir réadmhaoine aitheanta é Patrick Joseph Doherty.

Ní hé An Chúirt an t-aon óstán i nGaoth Dobhair a fuair drochscéala le tamall. Fógraíodh go bhfuil an Ard-Chúirt chun éisteacht le hachainí leis an chomhlacht Hotel Gweedore a fhoirceannadh.

Is le Hotel Gweedore Óstán Radharc na Mara, nó an 'Seaview'. Is ar iarratas Terence Ponsonby as Leitir Ceanainn an t-achainí. Is iad stiúrthóirí Gweedore Hotel ná Charles agus Phyllis Boyle a bhfuil seoltaí ar an Bhun Beag acu.

Ard Mhacha

Oscailt oifigiúil 'Cult Úr'

Katie McGreal

D'OSCAIL an tAire Cultúir ó thuaidh Carál Ní Chuilín siopa nua Gaeilge, Cult Úr, san ionad siopadóireachta ar Shráid Thomáis i gCathair Ard Mhacha go hoifigiúil le déanaí.

Is í an eagraíocht áitiúil Ghaeilge, CAIRDE Teo, a thosaigh an siopa i mí Dheireadh Fómhair chun leibhéal infheictheachta na teanga a ardú sa cheantar.

Tá neart táirgí Gaeilge ar fáil sa siopa, leabhair Ghaeilge, cártaí le beannachtaí i nGaeilge, dlúthdhioscaí Gaeilge, léarscáileanna na hÉireann i nGaeilge, málaí scoile agus boscaí lóin le teachtaireachtaí Gaeilge orthu chomh maith le neart stuif eile.

Bhí Colm Ó Baoill, oifigeach sinsearach le Foras na Gaeilge, an Comhairleoir Cathy Uí Raifeartaigh agus an Comhalta Tionóil, Cathal Ó Baoighealláin, i láthair ag an oscailt. D'fhreastail slua mór de pháistí agus daoine óga, príomhoidí agus múinteoirí ó Bhunscoil Chnoc Chaitríona, Scoil Ghramadaí Naomh Pádraig, Bunscoil Naomh Maolmhadóg agus ón Aonad Gaeilge i gColáiste Chaitríona air freisin.

Sheinn Píobairí Ard Mhacha ar an lá agus thaifead Comharchumann na nOibrithe Cruthaitheacha an oscailt ionas gur féidir leo é a úsáid mar chuid de ghearrscannán ar an Ghaeilge in Ard Mhacha atá ar bun acu faoi láthair.

Tá ag éirí "go hiontach" leis an siopa, a deir Seán Ó Maoilsté, Oifigeach Forbartha Gaeilge le CAIRDE Teo.

"Tá daoine iontach tógtha leis an tionscnamh seo," a deir sé, "Tá ag éirí níos fearr leis ná a cheap muid go n-éiríodh."

Cuid den slua leis an Aire Cultúir, Carál Ní Chuilín a d'oscail an siopa úr Gaeilge, Cult Úr, in Ard Mhacha go hoifigiúil le linn a cuairte ar an gceantar.

Dúnmharú go fóill gan réiteach sna Rosaibh

Eoin Mc Garvey

NÍL clann fir as ceantar an Chlocháin Léith i dTír Chonaill a dúnmharaíodh seacht mbliana ó shin níos faide chun tosaigh anois ná a bhí an lá a maraíodh é go brúidiúil ag a theach cónaithe i Mín na Croise.

Maraíodh Shaun Duffy, 36, ina theach i Mín na Croise taobh amuigh den Chlochán Liath ar 29 Eanáir 2005 nuair a bhris duine nó daoine isteach sa teach agus dhúnmharaigh go brúidiúil é. Scaoileadh le crosbhogha é, sádh é agus rinneadh ionsaí fíochmhar air.

In ainneoin go raibh dianfhiosrúchán ar bun ag na Gardaí agus cuireadh agallamh ar na céadta daoine, níor gabhadh aon duine as bás Duffy.

Ta sé tugtha le fios ag an teaghlach an tseachtain seo nach bhfuil a dhath cloiste acu ó na Gardaí ó bhí an coiste cróinéara ann thar bhliain go leith ó shin.

Bhí aithne leitheadach ar Shaun Duffy ar fud an iarthuaiscirt, áit a raibh sé bainteach le roinnt cineálacha gnó agus tuigtear gur fhiosraigh na Gardaí an seans gur de bharr cúrsaí gnó a maraíodh é.

Shaun Duffy

Fear mór láidir a bhí ann a bhí in ann é féin a chosaint agus dá bharr seo meastar go raibh níos mó ná duine amháin sa teach an oíche a maraíodh é.

Thug a dheirfiúr Karena Tooms le fios an tseachtain seo gur mheas sí ón chead lá nach ndéanfadh na Gardaí dul chun cinn ar bith sa chás agus tá an teaghlach anois ag iarraidh go dtabharfaidh na Gardaí an cás d'fhoireann bleachtairí ó aonad na bhfuarchásanna le freagraí a fháil.

Thug sí le fios go bhfuil siad iontach mí-shásta leis na Gardaí ó thaobh an cháis de agus dúirt go ndearna na Gardaí iarracht bac a chur uirthi bheith ag labhairt leis na meáin de bharr go raibh sí i gcónaí ag labhairt amach go hoscailte. Dúirt sé chomh maith go bhfuil an chuma air gur chuir na Gardaí níos mó acmhainní isteach i bhfiosrúchán bhás Denis Donaldson ná a chuir siad isteach i gcás Shaun.

Bhí go leor ráflaí ag an am fá cén fáth a maraíodh Shaun Duffy ach go dtí an lá atá inniu ann is cinnte nach bhfuil dul chun cinn ar bith déanta.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail 2012 - Bunábhair chomhrá

Caitheamh Aimsire

Cén caitheamh aimsire atá agat?
Tá a lán caitheamh aimsire agam. Is maith liom féachaint ar an teilifís agus éisteacht leis an raidió.

Cad iad na cláir is mó a thaitníonn leat?
Is breá liom breathnú ar 'Ros na Rún', ar 'Fair City' agus ar chláir spóirt. Is maith liom scannáin freisin. Bhí an scannán 'One Flew Over the Cuckoo's Nest' ar siúl oíche Dé hAoine seo caite is bhí sé ar fheabhas, dar liom. Is maith liom Jack Nicholson mar aisteoir, ar aon nós.

Cad faoin gceol?
Ceol! D'fhéadfainn a bheith anseo go dtí a sé a chlog ag caint faoi cheol, a dhuine uasail! Taitníonn gach sórt ceoil liom - rac-cheol, popcheol, snagcheol, ceol traidisiúnta, ceol tíre agus ceol gaelach. Is é an grúpa is fearr liom ná *U2* gan dabht ar bith. Tá siad go hiontach.

An raibh tú riamh ag ceolchoirm?
Bhí mé ag ceolchoirm uair amháin. Bhí ceolchoirm ag *Snow Patrol* san O2. Chuaigh mé ann le mo chairde is bhain mé an-taitneamh go deo as, caithfidh mé a rá. Níor thaitin an ceol go rómhór liom, ach nach cuma faoin gceol! Bhí an chraic go hiontach agus bhí áthas an domhain ar gach éinne.

Cúrsaí Spóirt

An gcuireann tú spéis sa spórt?
Cuirim spéis an domhain sa spórt. Taitníonn gach cineál spóirt liom cé is móite den dornálaíocht. Is aoibhinn liom peil ghaelach, sacar, iománaíocht, camógaíocht, haca, cispheil, leadóg agus snúcar. Bhuail mé le *Ronnie O' Sullivan* an bhliain seo caite i mBaile Átha Cliath! Is duine iontach é, dar liom.

An nglacann tú féin páirt i gcúrsaí spóirt?
Glacaim, cinnte. Mar a dúirt mé cheana, imrím ar fhoireann sacair na scoile agus táim mar chaptaen ar an bhfoireann sin. Imrím leadóg agus snúcar le mo chairde ag an deireadh seachtaine agus táim ar fhoireann iománaíochta i mo pharóiste féin. Is breá liom an iománaíocht. Ceapaim gur cluiche iontach é.

Agus cé hiad na laochra spóirt atá agat?
Tá an-mheas go deo agam ar Henry Sheflin agus ar Bernard Brogan. Tá an-mheas agam ar Robbie Keane, ar Rory McElroy agus ar Roger Federer freisin. Tá an-chuid laochra spóirt agam gan aon agó.

Laethanta Saoire

Conas a chaitheann tú na laethanta saoire de ghnáth?
De ghnáth, téim go Tír Chonaill le mo mhuintir. Tá teach saoire ag m'aintín sna Dúnaibh agus bíonn cead againn fanacht ann ar feadh tamaill le linn mhí Iúil. An bhliain seo caite bhí post páirtaimseartha agam in óstán beag sna Dúnaibh. Bhí samhradh iontach agam.

An raibh tú riamh thar lear?
Bhí mé thar lear go minic. Bhí mé sa Fhrainc trí nó ceithre huaire. Chuaigh mé ar thuras scoile go Euro Disney agus chaith mé féin is mo mhuintir seachtain iomlán i bPáras dhá bhliain ó shin. Bhí mé sa Bhriotáin uair amháin ag campáil le m'athair freisin. Bhí mé i Sasana go minic agus thug mé cuairt ar an Róimh nuair a bhí mé fós sa bhunscoil. Ba bhreá liom dul go dtí an Astráil uair éigin - nuair a bheidh an Ardteist déanta agam, b'fhéidir!

Tar éis na hArdteistiméireachta

Cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh an Ardteist déanta agat?
Bhuel, faoi láthair tá sé i gceist agam dul chuig an ollscoil. Ba mhaith liom céim a bhaint amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sé i gceist agam staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an Stair. Is iad sin an dá ábhar is fearr liom ar scoil. Muna bhfaighidh mé go leor pointí, tá sé i gceist agam bliain saor a thógáil agus dul ar mo chamchuairt timpeall an domhain. Nílim cinnte, le bheith dáiríre. B'fhéidir go bhfaighidh mé post san óstán sin sna Dúnaibh!

Prós Ainmnithe - Oisín i dTír na nÓg

Déan cur síos gairid ar dhá cheann de na tréithe béaloidis atá le fáil sa scéal *Oisín i dTír na nÓg*.
Tá roinnt mhaith tréithe béaloidis le fáil sa scéal seo. Is iad na cinn is mó a sheasann amach ná (i) gaisce agus (ii) áibhéil.

(i) Gaisce
Seo a leanas roinnt samplaí de ghaisce atá sa scéal:
(a) Nuair a tháinig Oisín ar an trí chéad fear a bhí ag iarraidh cloch mhór a thocailt i nGleann na Smól tháinig sé i gcabhair orthu. D'éirigh leis an chloch a bhogadh agus a chaitheamh uaidh go héasca. Ba shampla mhaith de ghaisce é sin.
(b) Bhí clú agus cáil ar Oisín mar ghaiscíoch láidir, cróga agus bhí ar a chumas naimhde na bhFiann a chloí agus a threascairt le linn troda.
(c) Rinne Oisín gníomh mór gaisce nuair a d'éirigh leis Fómhar Builleach a chloí agus an ceann a bhaint de.

(i) Áibhéil
Seo a leanas roinnt samplaí den áibhéil atá sa scéal:
(a) Tá sé dochreidte agus áibhéileach go bhféadfadh capall eitilt go Tír na nÓg.
(b) Is deacair a chreidiúint freisin go bhféadfadh fear amháin carraig mhór a thocailt ón talamh agus a chaitheamh uaidh 'seacht bpéirse as a háit' agus é fós ar mhuin chapaill!
(c) Ar an ábhar céanna, tá áiféis ag baint leis an gcomhrac trí lá a bhí ag Oisín le Fómhar Builleach.
(d) Áit áibhéileach í Tír na nÓg - 'Is í an tír is aoibhne faoin ghrian. Tá a crainn ag cromadh le toradh is bláth agus is fairsing inti mil is fíon. Gheobhaidh tú gach ní inti dá bhfaca súil. Ní fheicfidh tú meath ná éag . . .'. Ba bhreá liomsa cónaí i dtír mar sin gan seifteanna déine, gan cúlú eacnamaíochta, gan ghalair mharfacha!

Podchraoltaí do bhéaltriail na hArdteistiméireachta 2012

Éist le podchraoltaí do scrúdú na hArdteistiméireachta ag www.oideachas.gaelsceal.ie nó www.gaelsceal.ie. Éist le hógánach ag freagairt ceisteanna faoi chaitheamh aimsire, faoi chúrsaí spóirt, faoi laethanta saoire agus faoi phleananna tar éis na hArdteistiméireachta.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Prós Liteartha - giota as 'Glantachán Earraigh'

1. Gheit an pictiúr beannaithe frámabhriste ar stuaic na fuinneoige. Lig sé scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Chuir mé díocas na hurnaí ar fhir agus ar mhná ar fónamh. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
2. Chrap an trumpa teangabhriste é féin isteach sa gcual mangarae faoi íochtar an drisiúir. Lig sé scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Bhain fir agus mná ar fónamh ceol asam. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
3. Lioc an chuilt línéadaigh chiumhaisbhriste í féin sa trunc sa seomra thiar. Lig sí scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Is fúm a síneadh fir agus mná ar fónamh os cionn cláir. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
4. Chreath an ráca déadbhriste sa trunc sa seomra thiar. Lig sé scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Is liom a cíoradh gruaig fear agus bean ar fónamh faoi chóir na cille. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
5. Phreab an phluideog chombhriste sa trunc sa seomra thiar. Lig sí scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Is ionam a tugadh fir agus mná ar fónamh chun an phobail dhá mbaisteadh. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
6. Stromp an cliabhán taobh-bhriste i gcúinne an tseomra thiar. Lig sé scread.
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Bogadh fir agus mná ar fónamh ionam. Ná lig mé a chaitheamh amach."
7. Shioc seanbhean anáilbhriste chroíbhriste an tí sa gclúid. Lig sí scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Thug mé fir agus mná ar fónamh ar an saol. Ná tabhair cead do bhean nuaphósta an tí seo mé a chaitheamh amach."

- **Máirtín Ó Cadhain**

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) Cén leas a rinne an trumpa teangabhriste? **(Alt 2)**
(ii) Cén scread a lig an ráca déadbhriste? **(Alt 4)**
(iii) Feicimid go bhfuil athru tagtha in **Alt 7**. Cén t-athrú é sin?

B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) Luaigh **dhá** thréith, dar leat, a bhaineann leis an bpíosa scríbhneoireachta atá sa sliocht as 'Glantachán Earraigh'. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais ón téacs a léiríonn an tréith sin.
(ii) Déan cur síos **gairid** ar an úsáid a bhaineann an t-údar as **athrá *nó*** as **ciall mheafarach** sa sliocht.
(iii) Ar thaitin an sliocht seo leat? Is leor **dhá** chúis a lua i do fhreagra.

Trialacha Teanga Comhthéacsúla

Tá tú ar do laethanta saoire cois farraige agus tá tú ag caint faoin saoire sin. Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

(i) Táimid ag fanacht __ dteach ósta cois na farraige.
(ii) Tá radharc iontach ó fhuinneog mo sheomra _____ ar an trá.
(iii) Gach lá téim ag ____ san fharraige.
(iv) Is maith liomsa eitpheil a _____ ar an trá.
(v) Gach lá bíonn an ghrian ag _____ na gcloch.
(a) briseadh (b) téamh (c) lasadh (d) scoilteadh.

www.oideachas.gaelsceal.ie

Léamhthuiscint

Téigh chuig suíomh oideachais Gaelscéal chun cleachtaí léamhthuisceana a fháil bunaithe ar ailt nuachta a bhí in Gaelscéal. Tá cleachtaí léamhthuisceana ann atá feiliúnach don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach.

Cúinne na Gramadaí - An tAinmfhocal sa Chéad Díochlaonadh

- **Tá na hainmfhocail go léir sa Chéad Díochlaonadh firinscneach.**
- **Críochnaíonn siad ar chonsan leathan.**
- **Caolaítear iad sa Tuiseal Ginideach, Uimhir Uatha.**

Sampla 1: an bád
Uatha
Ainmneach: Chonaic mé *an bád* sa chuan.
Tabharthach: Tá seolta bána *ar* an *mbád*.
Ginideach: Bhí criú an *bháid* ar meisce aréir

Iolra
Ainmneach: Chonaic mé *na báid* sa chuan.
Tabharthach: Tá seolta bána *ar na báid*.
Ginideach: Bhí criúanna *na mbád* ar meisce aréir.

Sampla 2: an t-éan
Uatha
Ainmneach: Bhí an *t-éan* ag canadh ar an gcrann.
Tabharthach: Tá dath dubh *ar an éan*.
Ginideach: Briseadh sciathán *an éin* inné.

Iolra
Ainmneach: Bhí *na héin* ag canadh ar na crainn.
Tabharthach: Tá dath dubh *ar na héin*.
Ginideach: Briseadh sciatháin *na n-éan* inné.

N.B. Cuirtear 't' roimh 's' sa Chéad Díochlaonadh, Tuiseal Ginideach, Uimhir Uatha; mar shampla: teach an tsagairt; bun an tséipéil; deireadh an tsamhraidh.

Cleachtaí
Scríobh amach na habairtí seo a leanas gan na lúibíní:
(i) Bhí eagla ar an (asal) roimh an mbuachaill.
(ii) Tá teach ag an múinteoir ar thaobh (an bóthar).
(iii) Tá cónaí ar Sheán i gCarraig (na fir).
(iv) Bhí (na éin) ag canadh ar an gcraobh.
(v) Cheannaigh mé (an úll) i siopa (an ospidéal).
(vi) Bhí sceitimíní áthais ar na (fir).
(vii) Ní dhearna mé obair bhaile i rith (an samhradh).
(viii) Is maith liom (an earrach) in Éirinn.
(ix) Tá teach (an sagart) trasna (an bóthar) ón mbanc.
(x) Stop (an otharcharr) os comhair (an séipéal).

CnaG 16 **Freagraí**
(i) teas . . . fuacht (ii) fhad (iii) laghad (iv) bhoichte (v) Gile na gile (vi) bhochtaineacht (vii) ciúnas.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – DAONLATHAS

Cad is daonlathas ann?

Is éard is daonlathas ann ná córas rialtais faoina bhfuil cead aighnis ag daoine. Is faoi mhuintir na tíre atá sé an cinneadh a dhéanamh faoi thodhchaí na hÉireann agus faoi na luachanna atá ag ár sochaí. Déantar é seo i rith toghcháin. Is féidir le gach duine atá os cionn 18 bliain d'aois vóta a chaitheamh. Déanann daoine vóta a chaitheamh dá rogha polaiteoir ar mhaith leo go ndéanfadh sé nó sí ionadaíocht orthu.

Reáchtáiltear an tAontas Eorpach go daonlathach. Tá Éire ina ball den Aontas Eorpach. Tá cead aighnis ag Éirinn faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an AE.

Tá daonlathas ann freisin ag leibhéal áitiúil trí údaráis áitiúla. Ciallaíonn daonlathas go bhfuil tionchar ag daoine fásta ar thodhchaí na hÉireann agus na hEorpa. Mar sin de, mar shaoránaigh, tá sé mar fhreagracht orainn a bheith ar an eolas faoi chúrsaí polaitíochta.

Tuigtear gur thosaigh an daonlathas in Aithin na Gréige sa bhliain 508 RC. Scaip an daonlathas ina dhiaidh sin chuig tíortha eile.

Cineálacha difriúla rialtais

Is é an daonlathas an cineál rialtais atá i bhfeidhm in Éirinn ach tá tíortha eile ann ina bhfuil cineálacha difriúla rialtais.

Cineálacha eile rialtais

Monarcacht
Is monarcacht é nuair a rialaíonn rí agus banríon an tír. Bhí an cineál seo coitianta go dtí gur thóg an daonlathas a áit sa chuid is mó den domhan. Faoi láthair, tá 44 náisiún sa domhan ina bhfuil rí agus banríon ina gceannas ar an tír. Tá monarcacht absalóideach i bhfeidhm sa Bhrúiné, in Óman, san Chatar, san Araib Shádach, sa tSuasalainn agus i gCathair na Vatacáine.

Uathlathas
Is corás rialtais é seo faoina mbíonn an chumhacht ar fad ag duine amháin. Ceapann an duine sin é/í féin mar cheannaire ar an rialtas. Tharla uathlathas sna 1930í agus 1940í sa Ghearmáin. Cheap Adolf Hitler é féin mar cheannaire ar an stát. D'fhulaing muintir na tíre, agus go leor daoine eile, de bharr nach raibh aon chearta acu.

Ainrialtacht
Is ionann ainrialtacht agus gan aon rialtas ar thír. Ní bhíonn aon dlíthe ann. Sa domhan nua-aimseartha níl an ainrialtacht i bhfeidhm i dtír ar bith.

Deachtóireacht Mhíleata
Tá cineál eile deachtóireachta ann freisin. Nuair is deachtóireacht mhíleata an cineál rialtais atá i dtír, ciallaíonn sé go bhfuil an chumhacht ar fad sa tír ag an arm. Ní bhíonn toghcháin sa tír. Tá deachtóireacht mhíleata i bhfeidhm sa Chóiré Thuaidh, i bhFidsí, sa Nigéir, san Éigipt agus an Maenamar . Déantar cearta na ndaoine a shárú i dtíortha ina mbíonn deachtóireacht mhíleata i bhfeidhm.

Cheap Adolf Hitler é féin mar cheannaire ar an stát

Dialathas
Bíonn dialathas i bhfeidhm nuair a ritear stáit de réir treoir agus creideamh nó dlíthe . Feidhmíonn an Araib Shádach mar dhialathas faoin Rí Abdullah. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a chuid dlíthe ar fad bunaithe ar dhlíthe Ioslamacha. Is é an Córán a fheidhmíonn mar bhunreacht acu.

GLUAIS

Monarcacht - Monarchy
monarcacht absalóideach - absolute monarchy
Uathlathas - Autocracy
Ainrialtacht - Anarchy
Deachtóireacht mhíleata - Military dictatorship
Dialathas - Theocracy
Daonlathas - Democracy
Sochaí - Society
Toghchán - Election

OSPS – MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ

Seo a leanas cur síos ar chuid de na drugaí is coitianta a mbaintear mí-úsáid astu

Alcól

Tá alcól ar cheann de na drugaí is coitianta a mbaineann déagóirí úsáid as. Tá éifeachtaí dainséaracha ag baint le déagóirí a bheith ag ól alcóil. Laghdaíonn alcól cumas déagóirí chun aird a thabhairt. Déagóirí a bhíonn ag ól go trom, is minice nach gcríochnaíonn siadsan a gcuid oideachais ná le déagóirí nach n-ólann. Dá óige a thosaíonn tú ag ól is ea is mó seans go mbeidh fadhb alcóil go fad-téarmach agat.
Éifeachtaí Gearrthéarmacha
Póit, drochbhreithiúnas
Éifeachtaí Fadtéarmacha
Timpistí, damáiste don chroí, don ae agus don inchinn, ródháileoga (overdoses)

Toitíní

Tá toitíní freisin ar cheann de na drugaí is coitianta a mbaineann déagóirí úsáid astu. Caitheann déagóirí toitíní go minic de bharr piarbhrú. Deirtear gur ina ndéagóirí a bhí 80% de dhaoine a chaitheann tobac, nuair a thosaigh siad.
Éifeachtaí Gearrthéarmacha
Brú fola ardaithe
Éifeachtaí Fadtéarmacha
Galar croí, ailse, broincíteas, bás

Cannabas

Tá seans níos mó ag daoine a thosaíonn ag úsáid cannabais mar dhéagóirí galair inchinne a fhorbairt, fadhbanna a bheith acu i gcaidreamh, agus teip sa chóras oideachais. Is minic gurb é an chúis go dtógann daoine é ná go n-athraíonn sé a ngiúmar.
Éifeachtaí Gearrthéarmacha
Easpa spreagtha, easpa suime san obair scoile nó obair eile, athrú giúmair
Éifeachtaí Fadtéarmacha
Titim amach as an gcóras oideachais nó oibre, fuinneamh íseal agus gan aon spreagadh

Cócaon

Is substaint é cócaon a ghineann andúil go éasca. Is substaint dhainséarach é cócaon a mbíonn éifeacht mhór aige ar cheimiceáin na hinchinne.
Éifeachtaí Gearrthéarmacha
Paranóia, imní agus iompar síocóiseach
Éifeachtaí Fadtéarmacha
Cliseadh croí, damáiste don tsrón agus don inchinn, bás

Eacstais

Is druga contúirteach í an eacstais. Is iomaí éifeacht a bhíonn ag eacstais ar dhaoine agus athraíonn an éifeacht ó dhuine go duine . Go minic mothaíonn daoine a thógann eacstais go leor fuinnimh ar dtús agus ansin tagann antuirse orthu.
Éifeachtaí Gearrthéarmacha
Teas, allas, preabarnach agus fuinneamh
Éifeachtaí Fadtéarmacha
Easpa suime i rudaí, baol titim as a seasamh, ag cur amach, fuileadán ag pléascadh, bás

Hearóin

Daoine a úsáideann hearóin is féidir leo fulaingt ó athrú giúmair agus is féidir leo iompar ar bhealach atá mall . Go minic goideann andúilithe hearóine airgead chun hearóin a cheannacht.
Éifeachtaí Gearrthéarmacha
Is féidir gan aon phian a mhothú, gineann sé andúil go héasca
Éifeachtaí Fadtéarmacha
Teaghlaigh briste suas, fiacha ollmhóra, ródháileoga, bás.

Caitheann déagóirí toitíní go minic de bharr piarbhrú

GLUAIS

Mí-úsáid drugaí - Drug abuse
Cumas - ability
Éifeachtaí gearrthéarmacha - short-term effects
Póit - Hangover
Drochbhreithiúnas - Bad judgement
Toitíní - Cigarettes
Cannabas - Cannabis
Cócaon - Cocaine
Eacstais - Ecstasy
Hearóin - Heroin

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal AR SCOIL

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Samplaí de liosta briathra

Ní dheachaigh, Chaill, Bhí, D'ól, Rinne, Thaitin, Cuireadh, Chonaic, Chaith, Ní bhfuair, An raibh, Thosaigh, Ní dhearna, D'fhoghlaim, Thit, Phós, D'ith, Cheap, Bhraith, Tháinig, Níor thug, Níor cheannaigh

Sampla de ghreille

Briathra Rialta	Briathra Neamhrialta	Ceisteach/Dearfach/ Diúltach -Pointí Breise

Inné – Anuraidh – Seo caite

An Fhoirm Cheisteach
- An raibh tú?
- An ndeachaigh tú?
- An ndearna tú?
- An ndúirt tú?
- An bhfaca tú?
- An bhfuair tú?
- Ar chuala tú?
- Ar ith tú?
- Ar rug tú ar...?
- Ar tháinig tú...?
- Ar thug tú...?

Freagra Dearfach
- Bhí
- Chuaigh
- Rinne
- Dúirt
- Chonaic
- Fuair
- Chuala
- D'ith
- Rug x ar...
- Tháinig
- Thug

Freagra Diúltach
- Ní raibh
- Ní dheachaigh
- Ní dhearna
- Ní dúirt
- Ní fhaca
- Ní bhfuair
- Níor chuala
- Níor ith
- Níor rug x...ar
- Níor tháinig
- Níor thug

- **An féidir aon phatrún a thabhairt faoi deara sna briathra thuas?**
- **Conas a dhéanann tú an fhoirm cheisteach leis na briathra rialta san Aimsir Chaite Neamhrialta?**
- **Cad a úsáidtear chun an fhoirm dhiúltach a léiriú san Aimsir Chaite Neamhrialta?**
- **Meas tú an bhfuil na rialacha do Bhriathra Rialta san Aimsir Chaite ar eolas agaibh...**

Lá Fhéile Bríde - 1 Feabhra

Féachaigí ar an bhfiseán gearr seo sa rang faoi Lá Fhéile Bríde.

Is féidir an iliomad ceacht a bhunú ar ábhar an fhíseáin seo

http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/1150/gaeilge/

Sraith Pictiúr 8

Cluiche Nua Ríomhaireachta: Taitneamh agus Trioblóid

FOCLÓIR

1. Ina aonar
2. Fonn oibre
3. Téacs
4. Cluiche ríomhaireachta
5. Thapaigh sé an deis
6. Sáite sa chluiche
7. Gafa leis an gcluiche
8. An t-am
9. Glaoch óna Mham
10. Fearg
11. Obair bhaile
12. Staidéar
13. Brón
14. Aiféala
15. Faoi bhrú

CEISTEANNA

1. Meas tú cén saghas giúmair a bhí ar an mbuachaill seo ag tús na sraithe?
2. An síleann tú go raibh aiféala air ag an deireadh?
3. Cén sórt cluiche a bhí ann?

NATHANNA & FRÁSAÍ

- Is léir go bhfuair an cathú an lámh in uachtar ar an mbuachaill seo
- Ní raibh mórán suime ag an mbuachaill seo ina chuid oibre!
- Bhí na buachaillí gafa leis an gcluiche nua
- Shleamhnaigh an t-am thart go sciobtha
- Ní mó ná sásta a bhí a thuismitheoirí
- Chuir a thuismitheoirí iachall air a chuid oibre a dhéanamh sa deireadh
- Déarfainn go raibh an buachaill bocht faoi bhrú agus gur theastaigh sos beag uaidh ó staidéar, strus agus scrúduithe! Caithfidh mé a rá go dtuigim a chás!
- Tagann gaois an tseanfhocail chun cuimhne: deirtear go minic 'An té nach mbeireann ar a ghnó beireann a ghnó air!' agus is fíor dó sa chás seo gan amhras ar bith

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Sraith Pictiúr 9

Imreoir Gortaithe

NÍ FÉIDIR CAD ANOIS A RÁ... AGUS ANOIS???

Cuir an scéal seo san ord ceart, tosaigh le pictiúr 1

A. Faraor, bhí ar an imreoir gortaithe dul chuig an ospidéal. Tugadh an t-imreoir isteach chuig an Roinn Timpistí agus Éigeandála ar a trí a chlog. D'fhan an bainisteoir ina chuideachta. Déarfainn go raibh an t-imreoir bocht faiteach agus imníoch ag an bpointe sin. Bhí cuma imníoch ar a aghaidh.

B. Ar deireadh, bhí an t-imreoir bocht in ísle brí ag labhairt lena chara faoina chruachás. Déarfainn go raibh sé buartha faoina áit ar an bhfoireann. Ní bheidh sé ar ais ar an bpáirc imeartha go ceann cúig mhí.

C. Lá an chluiche mhóir a bhí ann. Bhí an aimsir go breá. Dé réir cosúlachta bhí an cluiche faoi lán seoil. Bhí an staid dubh le daoine. Déarfainn go raibh atmaisféar iontach san áit. Bhí dianchoimhlint ar pháirc an imeartha.

D. Faoi dheireadh, cuireadh cóir leighis ar an imreoir gortaithe. Thaispeáin an dochtúir an x-ghathú dó. Dúirt an dochtúir gur bhris sé a chos go dona. Bhí cuma dhíomách bhrónach ar an imreoir mar dúirt an dochtúir go mbeadh air sos fada a ghlacadh ón spórt. Fágadh an t-imreoir gortaithe ar an sínteán ag fanacht ar feadh breis is dhá uair an chloig. Ar a cúig a chlog, thosaigh an bainisteoir ag cailleadh foighne agus thosaigh sé ag clamhsán. Ní chuireann sé seo ionadh ormsa toisc staid na n-ospidéal in Éirinn i láthair na huaire. Fágtar óg is aosta ag feitheamh in ospidéil ó cheann ceann na tíre lá i ndiaidh lae. Is náireach an scéal é!

E. Go tobann, leagadh duine de na himreoirí go talamh. Tháinig an bainisteoir agus an fhoireann leighis i gcabhair air. Is léir go raibh an t-imreoir gortaithe go dona mar cuireadh fios ar shínteán.

Mar shampla: A= pictíur 1

A	B	C	D	E	F

Sraith 9 san ord ceart

A. Lá an chluiche mhóir a bhí ann. Bhí an aimsir go breá. Dé réir cosúlachta bhí an cluiche faoi lán seoil. Bhí an staid dubh le daoine. Déarfainn go raibh atmaisféar iontach san áit. Bhí dianchoimhlint ar pháirc an imeartha.

B. Go tobann, leagadh duine de na himreoirí go talamh. Tháinig an bainisteoir agus an fhoireann leighis i gcabhair air. Is léir go raibh an t-imreoir gortaithe go dona mar cuireadh fios ar shínteán.

C. Faraor, bhí ar an imreoir gortaithe dul chuig an ospidéal. Tugadh an t-imreoir isteach chuig an Roinn Timpistí agus Éigeandála ar a trí a chlog. D'fhan an bainis teoir ina chuideachta. Déarfainn go raibh an t-imreoir bocht faiteach agus imníoch ag an bpointe sin. Bhí cuma imníoch ar a aghaidh.

D. Fágadh an t-imreoir gortaithe ar an sínteán ag fanacht ar feadh breis is dhá uair an chloig. Ar a cúig a chlog, thosaigh an bainisteoir ag cailleadh foighne agus thosaigh sé ag clamhsán. Ní chuireann sé seo ionadh ormsa toisc staid na n-ospidéal in Éirinn i láthair na huaire. Fágtar óg is aosta ag feitheamh in ospidéil ó cheann ceann na tíre lá i ndiaidh lae. Is náireach an scéal é!

E. Faoi dheireadh, cuireadh cóir leighis ar an imreoir gortaithe. Thaispeáin an dochtúir an x-ghathú dó. Dúirt an dochtúir gur bhris sé a chos go dona. Bhí cuma dhíomách bhrónach ar an imreoir mar dúirt an dochtúir go mbeadh air sos fada a ghlacadh ón spórt.

F. Ar deireadh, bhí an t-imreoir bocht in ísle brí ag labhairt lena chara faoina chruachás. Déarfainn go raibh sé buartha faoina áit ar an bhfoireann. Ní bheidh sé ar ais ar an bpáirc imeartha go ceann cúig mhí.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhairle Gairmthreorach

Iarratasóirí Neamhchaighdeánacha

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach

IARRATASÓIRÍ aibí agus iad siúd ag a bhfuil cailíochtaí seachas torthaí na hArdteiste 1985-2012 agus/nó cáilíochtaí FETAC Leibhéal 5/6 2002-2012, tugtar iarratasóirí "neamhchaighdeánacha" (non-standard) orthu. Dá bhrí sin caithfidh na hiarratasóirí seo a bheith cinnte go léann siad leathanach 10, 11 agus 12 de lámhleabhar an CAO chun an t-eolas iomlán a fháil. Má tá d'iarratas déanta i gceart cabhróidh sé leis an CAO é a phróiseáil go sciobtha agus go héifeachtach.

Daoine a d'fhreastail ar institiúid 3ú leibhéal, nó atá ag freastal ar institiúid 3ú leibhéal, mar shampla, Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta nó Coláistí Oideachais eile

Má bhíonn ort leathanach 3 agus 4 den fhoirm iarratais a líonadh, bí cinnte go dtugann tú an t-eolas uilig don CAO. Mar shampla, má d'fhreastail tú ar institiúid tríú leibhéal cheana féin, ní mór duit é sin a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais agus caithfidh tú "TÁ " a chur isteach ar leathanach 2 den fhoirm. Tá an t-eolas seo riachtanach is cuma mura ndearna tú na scrúduithe. Mura gcuireann tú an t-eolas seo ar fáil, ansin d'fhéadfaí d'iarratas a chur ar ceal. Tá seans ann, mura leantar na treoracha ar fad atá leagtha síos, go gcuirfear d'iarratas ar fionraí agus go seolfar an t-iarratas ar ais chugat chun é a chur ina cheart. Sa gcás seo beidh ort táille bhreise €10 a íoc chun an t-iarratas a sheoladh isteach arís. D'fhéadfadh an mhoill sin cur as do d'iarratas freisin.

Breathnaigh ar na Ranna Speisialta atá liostaithe i gCuid B den fhoirm iarratais agus marcáil cibé ceann a bhaineann leatsa. Líon isteach an t-eolas atá iarrtha ort. Mura bhfuil do dhóthain spáis i gcuid B leis an eolas ar fad a chur síos, is féidir leat leathanach breise a úsáid. Cuir d'ainm agus do sheoladh ar an leathanach breise sin. Bí cinnte go léann tú faoi na scrúduithe a bheas á ndéanamh agat i samhradh 2012 (leathanach 10 den lámhleabhar).

Maidir le gach scrúdú atá críochnaithe agat, caithfidh tú teastais a chur ar aghaidh chuig an CAO leis na cáilíochtaí atá fáighte agat (Cuid B den fhoirm iarratais.) Ní mór go mbeadh na tras-scríbhinní teastais a chuireann tú ar fáil sa teanga bhunaidh agus dátaí, ábhair, agus torthaí ar na teastais sin.

Ní ceart doiciméid bhunaidh a sheoladh chuig an CAO (ach amháin i gcás Leighis do Chéimithe nuair is gá tras-scríbhinní bunaidh ar na torthaí i ngach bliain a sheoladh chucu). Glacadh said le fótachóipeanna atá deimhnithe le stampa na scoile de ghnáth. Ní chuirfidh an CAO doiciméid bhunaidh ar ais chugat.

Is gá aistriúchán deimhnithe Béarla a sheoladh i gcás cáilíochtaí nár eisíodh i mBéarla ná i nGaeilge, chomh maith le fótachóipeanna deimhnithe de na doiciméid iad féin. Más ainm eile, seachas an t-ainm atá anois ort, atá ar do cháipéisíocht, i.e. gur athraigh tú d'ainm trí phósadh nó gníomhas aonpháirtí, ní mór duit cóip dheimhnithe de do theastas pósta nó an gníomhas aonpháirtí a chur ar fáil.

Más féidir ar chor ar bith, déan d'iarratas ar líne mar tá sé níos éasca agus níos sciobtha. Chomh maith leis sin tabharfaidh sé leideanna duit agus tú ag líonadh isteach an eolais, sa gcaoi is nach ndéanfaidh tú dearmad ar aon rud. Tá leagan amach na foirme iarratais ar líne difriúil leis an bhfoirm pháipéir. Ná seol aon cháipéisí go díreach chuig aon institiuid iad féin ag an bpointe seo muna n-iarrtar ort é.

Má tá tú ag iarraidh admháil a bheith agat gur shroich na doiciméid an CAO go slán sábháilte, seol isteach cárta poist, agus stampa air, in éineacht leis na doiciméid. Ná déan dearmad d'ainm agus do sheoladh a chur ar an gcárta poist. Más taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann atá tú, ní gá stampa a chur ar an gcárta poist. Má dhéanann tú d'iarratas ar líne sabháil nó priontáil amach an t-eolas uilig mar is é seo d'fhianaise go ndearna tú an t-iarratas ar líne.

Caithfidh na hiarratasóirí seo a bheith cinnte go léann siad leathanach 10,11 agus 12 de lámhleabhar an CAO chun an t-eolas iomlán a fháil

Ranna speisialta eile atá le líonadh i gcuid B don fhoirm

GCE/GCSE
Cuir isteach scrúduithe GCE/GCSE ó Bhoird eile faoi Roinn B (scrúduithe eile ar fhágáil na scoile duit). Cliceáil an bosca sin má chríochnaigh tú scrúdú iomlán GCE Leibhéal A agus Leibhéal AS.

GCSE/Leibhéal O. (Ó 1990 go dtí an bhliain reatha). Tá na scrúduithe ó na Boird Scrúduithe i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain amháin san áireamh, mar shampla, CCEA, AEB, AQA, EDEXCEL, OCR, UCLES, & WJEC.

Scrúduithe fagála scoile eile, mar shampla, an Ardteist Fheidhmeach.
Más gnáthiarratasóir thú atá ag déanamh na hArdteiste den chéad uair i mbliana (2012) agus mura bhfuil aon suim agat ins na cúrsaí teoranta, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh anois ach go leor taighde a dhéanamh ar na cúrsaí uilig a bhfuil tú ag cuimhniú orthu agus ar ndóigh neart staidéir freisin.

Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis :

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!
Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó www.oideachas.gaelsceal.ie .

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelsceal.ie nó 091-897766.

BEATHA

Cérbh í Naomh Bríd?

Katie McGreal

DEIRTEAR gur rugadh Naomh Bríd i bFochaird, cóngarach do Dhún Dealgan, i 450 AD agus bhí sé soiléir ó bhí sí an-óg go raibh suim aici i mbeatha reiligiúnach. Bhí sí ina cara mór le Naomh Pádraig agus ghlac sí a céad mhóideanna nuair a bhí sí an-óg.

Deirtear go bhfuair sí cead ó Naomh Mel d'Ard Mhacha a hord rialta féin a bhunú agus í féin a chur mar mháthairab air nuair a bhí sí ina bean rialta.

Thart ar an mbliain 470 AD, bhunaigh sí ministir agus clochair, ministir dhúbailte i gCill Dara, mar atá air sa lá atá inniu ann. Bhí Bríd ina máthairab ann agus b'in an chéad mhainistir den chineál sin in Éirinn.

Tugadh an t-ainm Cill Dara ar an áit agus ar an mainistir toisc gur thóg Bríd a seomra nó cill féin faoi chrann darach.

B'ionad foghlama agus spioradáltachta a bhí ann agus d'fhás cathair Chill Dara timpeall air.

Bhunaigh Bríd scoil ealaíne san áit freisin agus mhaisigh siad neart lámhscríbhinní, an ceann is cáiliúla ná 'The Book of Kildare'. Chuaigh an leabhar sin ar iarraidh trí chéad ó shin nuair a rinne na Sasanaigh ionradh ar Éirinn.

Fuair Bríd bás i gCill Dara ar 1 Feabhra 525 AD, Lá Fhéile Bríde sa lá atá inniu ann. Chuireadar sa reilig i nDún Pádraig sa Dún í, áit ina bhfuil Naomh Pádraig agus Naomh Columba freisin. Roinneann sí an t-ainm 'Pátrún na hÉireann' le Naomh Pádraig.

Dar le Edward C. Sellner ina leabhar 'Wisdom of the Celtic Saints', is í Bríd an bancheannaire is cáiliúla ó thús na heaglaise Críostaí Ceiltí.

Scéalta draíochta

TÁ neart scéalta béaloidis agus draíochta ag baint le Naomh Bríd. Deirtear go raibh neart cumhachtaí aici agus go raibh sí in ann an méid ime, bagúin nó bainne a bhí ann a mhéadú. Deirtear freisin go raibh smacht aici ar an aimsir.

An scéal is mó a thaitníonn liom ná an scéal faoi bhrat Bhríde. D'iarr sí ar Rí Chúige Laighean talamh a thabhairt di i gcomhair mainistreach agus dúirt sé go raibh cead aici pé talamh a chlúdódh a brat a thógáil. Nuair a leag Bríd an brat ar an talamh thosaigh sé ag fás agus ag fás go dtí gur chlúdaigh sé píosa ollmhór den talamh, píosa a bhí mór go leor le mainistir a thógáil.

Lá Fhéile Bríde

DÉANTAR ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde ar an gcéad lá de mhí Feabhra, tús an earraigh sa ré Ceilteacha .

Blianta ó shin, dhéanadh cailíní agus mná nach raibh pósta bábóg bheag as arbhar agus thugaidís 'brideog' orthu, in onóir Bhríde. Chuiridís sliogáin, cloch agus ribíní mar mhaisiúcháin orthu. Dhéanaidís leaba dóibh freisin.

Ar oíche Lá Fhéile Bríde, thagadh na cailíní agus mná nach raibh pósta le chéile i dteach amháin sa cheantar agus d'fhanaidís ina ndúiseacht ar feadh na hoíche ar fad. Le linn na hoíche, thagadh fir óga an cheantair go dtí an teach agus bhíodh orthu cead isteach sa teach a fháil agus, nuair a bhídís istigh, bhíodh orthu meas a léiriú do na mná agus na bábóga.

An lá dár gcionn, shiúladh na cailíní agus mná tríd an gceantar nó baile leis na brídeoga agus chuireadh muintir na háite fáilte rompu.

Deirtear go siúlann Bríd ar an domhan ar oíche a féile agus, má fhágann tú píosa éadaigh taobh amuigh, go gcuirfidh sí beannachtaí air.

Cros Bhríde

Katie McGreal

NUAIR a bhí ceann fine págánach ó Chill Dara ag fáil bháis, le linn shaol Naomh Bríd, d'iarr na Críostaithe sa teach ar Bhríd teacht agus labhairt leis faoi Chríost. Ach, nuair a tháinig Bríd, bhí an ceann fine as a mheabhair leis an tinneas agus bhí an chuma air nach mbeadh Bríd in ann labhairt leis ar chor ar bith. Ach, shuigh sí in aice leis an leaba agus rinne sí iarracht labhairt leis. Nuair nár oibrigh sé sin, phioc sí suas roinnt luachra a bhí caite ar an urlár, mar ba gnách in aon teach ag an am sin, agus d'fhigh sí cros as an luachair. D'fhiafraigh an fear tinn di céard a bhí ann. Nuair a bhí sí ag míniú na croise do, thosaigh sé ag socrú síos, d'éist sé léi agus chuir sé neart ceisteanna uirthi faoin gcros agus faoi Chríost. Nuair a bhí an chros críochnaithe ag Bríd, d'iompaigh an ceann fine ina Chríostaí agus bhaistigh Bríd é sula bhfuair sé bás.

Ó shin, glaoimid 'Cros Bhríde' ar an gcros sin a dhéantar as luachair agus crochtar í sa teach chun muintir an tí a chosaint ó thine agus ó aon olc i rith na bliana. Deirtear gur cheart an luachair a bhaint roimh éirí na gréine ar Lá Fhéile Bríde agus ba chleachtadh a bhí ann dul á baint ar an lá deiridh d'Eanáir.

Is cuimhin liom sa bhunscoil, thart ar an am seo den bhliain, thóg an múinteoir luachair amach agus thaispeáin sí dúinn conas Cros Bhríde a dhéanamh. Mar sin, tá sé sin ar cheann de na traidisiúin de chuid Lá Fhéile Bríde is gaire de mo chroí.



GABHAIM MOLTA BRÍDE

Gabhaim Molta Bríde
Ionmhain ile hÉirinn
Ionmhain le gach tír í
Molaimis go léir í.

Lóchrann geal na Laighneach
'Soilsiú eadh na tíre,
Ceann ar Oghaibh Éireann,
Ceann na mban ar mine.

Tig an geimhreadh dian dubh,
'Gearradh le-na ghéire,
Ach ar Lá 'Ie Bríde
Gar dúinn earrach Éireann.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Ag stiúradh an Madhouse

Labhraíonn **Katie McGreal** le **Luke McManus**, stiúrthóir teilifíse, scannán agus fógraí teilifíse den scoth

THÁINIG mé ar an sraith tidirlín '*Psych Ward*' ar YouTube trí thimpiste agus tá sé thar cionn ar fad! Luke McManus a bhí ina stiúrthóir agus scríbhneoir ar an tsraith agus toisc go raibh sé chomh hiontach sin, bhí ionadh orm a chloisteáil go bhfuil níos mó taithí aige ag stiúradh cláir faisnéise ná drámaí teilifíse.

"Is é mo phaisean drámaí teilifíse a stiúradh," a deir Luke, cé nár thosaigh sé á stiúradh go dtí le blianta beaga anuas. Tá sé soiléir ón dá rud a chonaic mé go bhfuil bua agus tallann ar leith aige ó thaobh drámaí a stiúradh agus a scríobh.

Tá ceithre chlár sa tsraith '*Psych Ward*' agus tá 7 nó 8 nóiméad i ngach ceann. Tá an caighdeán stiúrthóireachta agus aisteoireachta go hiontach ann agus tá an scríbhneoireacht ar fheabhas ar fad. Éiríonn leis deireadh '*cliff-hanger*' a chruthú ag deireadh gach cláir, bíonn an lucht féachana i gcónaí ag iarraidh níos mó a fháil amach ag deireadh gach cláir, rud atá rí-thábhachtach i ndráma den chineál seo agus a chuireann go mór le caighdeán na sraithe. Ag deireadh na sraithe, cruthaítear neart ceisteanna agus cuireann an stíl sin go mór leis an tsraith.

D'éirigh le Luke an tríú háit sa chomórtas Storyland a aimsiú leis an tsraith seo in 2009. Is scéal faoi shíciatraí sóisir, an Dochtúir Danny O'Hagan (Hugh O'Conor), atá ann. Oibríonn Danny meitheal oíche in ospidéal i mBaile Átha Cliath agus buaileann sé le neart daoine éagsúla i rith na hoíche.

Ina dhiaidh sin, chonaic mé an gearrscannán a scríobh agus a stiúir Luke anuraidh, '*The Opening*', atá ar fáil ar a leathanach YouTube freisin. Níl ach ceithre nóiméad sa scannán ina iomláine ach éiríonn go hiontach leis scéal agus atmaisféar maith a chruthú. Déantar gach rud an-tapa.

Buaileann ceithre leannán le chéile sa scannán agus tá sé soiléir go bhfuil ceimic de shaghas éigin idir bheirt acu. Insítear an scéal trí chúlsplancacha, téimid siar ar rudaí a tharla san am atá thart.

Mar an gcéanna leis an tsraith '*Psych Ward*', éiríonn le Luke agus na haisteoirí roinnt ceisteanna a ardú taobh istigh de chúpla nóiméad agus ní fhaighimid aon fhreagra orthu, fiú ag an deireadh. Tagann deireadh leis an scannán agus tá an lucht féachana fós ag smaoineamh faoin scéal agus ag iarraidh fáil amach céard a tharlóidh do na carachtair.

Fuair Luke '*Best First Short*' an bhliain roimhe sin, 2008, ag Féile Scannán na Gaillimhe lena ghearrscannán '*Danger High Voltage*'. Ní fhaca mé an scannán iomlán ach tá réamhbhlaiseadh ar fáil ar YouTube agus tá cuma iontach air! Cruthaíonn sé íomhá de scannán bríomhar agus tapa. Is scéal faoi bheirt a bhuaileann le chéile ag an bhféile ceoil Electric Picnic é. D'éirigh leis ainmniúchán a fháil do 'Scannán na Féile' ag an bhFéile Gearrscannán i Londain in 2009 leis an scannán sin freisin.

Sular bheartaigh Luke go raibh paisean éigin aige i ndrámaí teilifíse, d'oibrigh sé ar '*Gráinne Seoige's Modern Life*' do RTÉ a dó chomh maith leis na sraitheanna '*Room to Improve*' agus '*Recipe for Success*'. D'oibrigh sé ar '*Crimecall*' agus '*Eco Eye*' ar RTÉ a haon agus rinne sé fógra víreasach do Bud Light agus ceann eile don teilifís do '*Heineken Cup Preview Show*'.

Luke McManus

Tá taithí léiriúcháin, eagarthóireachta agus scríbhneoireachta aige chomh maith leis an taithí ar stiúradh atá aige.

Bhunaigh Luke a chomhlacht léirithe scannán féin ar Bhóthar Ghráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath darb ainm *Madhouse Films* agus tá tuilleadh eolais faoin gcomhlacht agus faoi Luke é féin ar fáil ar an suíomh www.madhousefilms.ie.

Éist le

Dave Fanning

RTÉ 2fm: Fanning on Saturday
Bíonn aíonna éagsúla ag Dave Fanning gach Satharn le caint ar chúrsaí faisin, meáchain agus aon ábhair eile atá i mbéal an phobail. Gach Satharn @ 10rn.

Raidió na Life: Spórt 106
Tugann Cóilín Ó Dubhthaigh an t-eolas is déanaí ar gach cineál spóirt in Éirinn ar an gclár seo trí shaineolaithe thar lear agus trí shaineolaithe anseo in Éirinn. Labhraíonn sé ar chúrsaí CLG, rugbaí, sacair agus neart eile. Gach Máirt @ 7in.

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Cuisle na nEalaíon
Cuirfidh Cathal Póirtéir an tsraith ealaíne nua seo i láthair. Sa chéad chlár, labhróidh sé leis an gcóragrafaí agus damhsóir as an Rinn ó dhúchas, Fearghus Ó Conchúir. Tá taispeántais damhsa tugtha ag Fearghus ar fud an domhain, ó Bhaile Átha Cliath go Béising. Dé Domhnaigh @ 10.30rn.

Cathal Póirtéir

Féach ar:

RTÉ a haon: Mrs Brown's Boys
Sa chlár deireanach den tsraith, téann Agnes agus Hillary amach i gcomhair béile ionas go mbeadh siad níos cairdiúla lena chéile agus oibríonn sé...i ndiaidh neart alcóil. Dé Sathairn @ 9.10in.

RTÉ a dó: From Boom to Maternity
Fiosraíonn Maia Dunphy cúrsaí leanaí, máithreachais agus tuismíochta le linn an chláir seo le fáil amach cén fáth go bhfuil an ráta beireatais in Éirinn i ndiaidh ardú ollmhór a dhéanamh le linn an chúlaithe eacnamaíochta is measa a bhí againn riamh. Dé Luain @ 9.30in.

TG4: Seó Spóirt

Tá Dara agus a chuid aíonna ar ais le sraith nua don bhliain úr. Labhrófar faoi na chéad chluichí sa tSraith Náisiúnta Peile i gCraobh na Sé Náisiún. Gach Aoine @ 8.30in.

NUACHT Litríochta

Léirmheas le Pól Mac Cana

'Dúlra Oileáin Árann'

le Con Ó Ruairc
Cois Lífe
€20

'ÁIT faoi leith is ea Oileáin Árann. Baineann éagsúlacht leis an áit sceirdiúil charraigeach seo, suite leath bealaigh ar chósta thiar na hÉireann agus ar imeall thiar thuaidh na hEorpa. Deirtear gur mó atá scríofa faoi Oileáin Árann ná faoi aon áit eile in Éirinn agus ní hiontas ar bith é sin.'

Is é seo mar a thosnaíonn Con Ó Ruairc a shaothar luachmhar gleoite ar an dúlra in Oileáin Árann, agus is féidir a rá go n-éiríonn go fíormhaith leis an leithleachas seo a chur in iúl don léitheoir.

Is é an chéad rud atá le rá faoin leabhar seo, ná go bhfuil sé thar a bheith tarraingteach. Is ard-ealaín é mar shaothar ann féin. Tá an leabhar leagtha amach go deas simplí ach go hiontach gairmiúil, agus tá sé lán grianghraf daite, léarscáileanna agus léaráidí, a thugann tuiscint bhreá duit de scéal na n-oileán. I ndiaidh duit an leabhar a léamh agus a bheith ag breathnú ar na pictiúir istigh ann, mhothófá go raibh tú i ndiaidh fíor-chuairt a thabhairt ar na hoileáin féin.

Is léir gur duine é Con a bhfuil antaithí aige ar an chumarsáid, ar bharr a chuid saineolais a bhaineann leis an chomhshaol agus leis an timpeallacht. Tá scéal an-sonrach le hinsint aige faoi Oileáin Árann, agus tá coincheapa atá casta go leor le míniú aige. Ach cuireann sé na teachtaireachtaí atá aige os do chomhair sa leabhar seo gan aon stró i dteanga atá breá simplí ach atá fileata ag an am chéanna. Tá téarmaí teicniúla in úsáid aige sa leabhar mar is gá leis na coincheapa eolaíochta a mhíniú, ach mar chuidiú don léitheoir tugtar gluais ag deireadh an leabhair fúthu siúd, chomh maith le haistriúchán ar ainmneacha na bplandaí agus na n-ainmhithe go Béarla. Cuireann na píosaí filíochta agus ráitis éagsúla stairiúla atá fite fuaite tríd an téacs go mór leis an leabhar. Mar sin, is saothar é seo a thaitneoidh leis an eolaí agus le duine na litríochta araon.

Cuireann an Ruairceach síos ar gach gné den timpeallacht sna hoileáin ar dhóigh loighciúil chórasach. Roinneann sé na gnéithe ina gcaibidlí ar leith: Geolaíocht; Aeráid; Flóra (.i. na plandaí); Fána (.i. na hainmhithe); Cois Cladaigh; agus An Córas Feirmeoireachta. Tá pictiúir istigh sa leabhar ar an chuid is mó de na háiteanna, de na foirmíochtaí geolaíocha, agus de na speicis phlandaí agus ainmhithe a dtráchtann sé orthu sa téacs. Is mór an cuidiú é seo – agus is iontach an modh teagaisc é – don léitheoir. Is turas treoraithe thart ar na hoileáin atá i gceist ag an údar, leis an fhírinne a dhéanamh. Agus turas an-taitneamhach is ea é.





Cuireann Ó Ruairc ainmneacha áitiúla ar an dúlra ar fáil dúinn chomh maith leis na hainmneacha caighdeánacha. Cuireann sé seo go mór le caomhnú shaibhreas na teanga, mar is maith is eol don údar féin is léir, agus is ceacht é seo atá leagtha síos aige dúinn anseo gur cheart go mbeadh sé seo déanta sna ceantair eile Ghaeltachta lenár saibhreas teanga a chosaint, amhail a mhaítear ár saibhreas bithéagsúlachta a chosaint. Chuige seo chomh maith, tugann sé aguisín dúinn den alt le Pádraig Mac Piarais darb ainm '*Names of birds and plants in Aran*' (1899).

Tá úsáidí na bplandaí mar chóir leighis luaite sa leabhar chomh maith ó am go chéile. Aithnítear go forleathan agus ina lán tíortha go bhfuil an t-eolas dúchasach ar na córacha leighis ag imeacht leo go gasta as siocair go mbíonn an chuid is mó againn inniu ag brath ar na drugaí ó na comhlachtaí móra cógaisíochta. Tá tábhacht leis an eolas dúchasach a chaomhnú agus ní amháin ar chúinsí béaloidis, ach toisc go mbíonn noda ann don leigheas sa todhchaí, agus is fiú iad in amanna mar leigheasanna atá saor in aisce do na gearáin bheaga.

Is é an chéad rud atá le rá faoin leabhar seo, ná go bhfuil sé thar a bheith tarraingteach. Is ard-ealaín é mar shaothar ann féin. Tá an leabhar leagtha amach go deas simplí ach go hiontach gairmiúil, agus tá sé lán grianghraf daite, léarscáileanna agus léaráidí, a thugann tuiscint bhreá duit de scéal na n-oileán. I ndiaidh duit an leabhar a léamh agus a bheith ag breathnú ar na pictiúir istigh ann, mhothófá go raibh tú i ndiaidh fíor-chuairt a thabhairt ar na hoileáin féin.

Ar bharr an eolais ar leigheas sna plandaí, cuireann sé seanchas agus béaloideas ar fáil dúinn faoi na speicis. Is deas an meascán seo idir an tuiscint ársa dhúchasach ar an dúlra agus eolas nua eolaíochta na haoise seo. Agus ag trácht ar thuiscint an duine, déanann Ó Ruairc cur síos téagartha ar stair an chine dhaonna ar na hoileáin. Tráchtann sé ar an tionchar a bhíodh ag timpeallacht na n-oileán ar a bpobal, agus ar an tionchar a bhíodh ag an phobal ar thimpeallacht na n-oileán. Tá an caidreamh atá idir pobal na n-oileán agus a oileáin sa lá atá inniu ann faoi chaibidil ag an Ruairceach fosta. Cuireann Con ina luí orainn gur caidreamh leanúnach atá i gceist agus go mbeidh todhchaí dhúchas is dhúlra na n-oileán ag brath ar chinntí an phobail inniu.

Tá ceachtanna eile faoin timpeallacht léirithe ag Con chomh maith. Ní dhéanann sé aon seanmóireacht linn, ach tá bealach éifeachtach aige le fíricí na saincheisteanna a ardú linn, agus fágann sé mar ábhar machnaimh againn iad.

Is leabhar tábhachtach é seo le tuiscint a fháil ar ár ndúchas agus ar ár ndúlra trínár dteanga féin. Is éifeachtaí an leabhar seo as a bheith i nGaeilge. Ó thaobh an duine a bhfuil spéis aige sa dúlra in Éirinn, mholfainn féin go mór dó greim a fháil ar an leabhar seo agus ionsúitear an saineolas isteach.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

Crosfhocal 01.02.2012



NODANNA

TRASNA

1 Cos na bó? (4)
3 Comórtas idir dhá fhoireann (7)
7 Buicéad mór ina ndéantaí im as bainne (8)
9 Marú, ár, slad (7)
11 Úll, oráiste, pluma srl (6)
13 Comhfhreagras ar pháipéar (5)
15 Ní féidir iomáin a dhéanamh gan é seo agus sliotar (5)
16 Moltar gan seo a dhéanamh nó a bhriseadh (3)
17 An chéad saoránach i mbaile nó i gcathair (5)
18 Uirlis lena nglantar an t-urlár (5)
21 Teilg as do lámh (5)
25 Dath adhmaid, nó dath móna (4)
26 Tá 'fráma' an choirp déanta as seo (5)
27 Peann, nó peann luaidhe a úsáid (7)

SÍOS

1 Buail le do chos (3)
2 Buíon ceoltóirí (5)
4 Áit a mbeadh na síoga ina gcónaí in Éirinn tráth (4)
5 Duine atá mór leat... nó do mhadra b'fhéidir (4)
6 Capall (4)
8 Téann tú síos ar seo le paidir a rá (5)
10 Faire do dhuine roimh an tsochraid (7)
11 Greim docht láidir (5)
12 Cuir as do chuimhne (7)
13 Bóithrín (4)
14 Dath atá ar an sionnach de ghnáth (3)
17 Ainmhí feirme as a bhfaighimid bagún (3)
19 An rud atá ceart (4)
20 Gan béasa; díreach (4)
22 Aithníonn daoine thú as seo (4)
23 Ina chodladh, gan bheocht (4)
24 Deireadh saol an duine (3)

Crosfhocal
25.01.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Emer Ní Aodha
Co na hIarmhí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 6.02.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid Mhargadh, Gaillimhe.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Saol na Teilifíse – cén chaoi ar bhris mé isteach ann?

Róisín Horsom ó 'Crew's Restaurant' ar chlár TG4 'Féilte' in éineacht le Síle

BHÍ mé trí bliana déag d'aois nuair a craoladh TnaG den chéad uair ar Oíche Shamhna na bliana 1996. Is cuimhin liom go raibh mo mhuintir thiar ag an stáisiún agus bhí éad orm go raibh siad ann, i lár an aonaigh ag ceiliúradh go raibh cainéal teilifíse ag craoladh cláracha i nGaeilge faoi dheireadh. An fáth is mó a raibh éad orm ná go raibh taispeántas mór "*fireworks*" i mBaile na hAbhann an oíche sin agus thabharfainn rud ar bith a bheith ann.

An mhaidin dár gcionn, ba é 'Teilifís na Gaeilge' a bhí faoi chaibidil an lá ar fad ag an scoil, agus b'shin an uair a dúirt mo mhúinteoir Gaeilge liom go mbeinn ag obair ar TnaG lá éigin.

Thosaigh mé ag gáire agus ní mórán suime a chuir mé sa ráiteas ag an am, ach nach aici a bhí an ceart!

Is cosúil gur mó aithne a bhí ag an Máistreás Nic an Iomaire orm ná mar a bhí agam orm féin.

Ag deireadh na bliana 2001, chuala mé go raibh TG4 ag lorg láithreoirí nua leanúnachais. B'shin an post a bhí ag Aoife Ní Thuairisg, spéirbhean TG4!

Gan aon cháilíochtaí, chuir mé isteach ar an bpost. Bhí mé óg ag an am agus ní raibh tada le cailleadh agam.

Rinne mé triail scáileáin agus cuireadh faoi agallamh mé. Bhí mé níos neirbhísí faoin agallamh ná faoin triail scáileáin ach glacadh liom.

Ach ní hé sin le rá nach mbím neirbhíseach go fóill, mar bím, gach lá sula dtéim ar an aer. Go deimhin, ceann de na chéad cheachtanna a d'fhoghlaim mise riamh ná an lá nach mbeidh tú neirbhíseach ag dul ar an aer, sin an lá ar cheart duit a bheith ag cuartú jab eile!

Thraenáil TG4 isteach mé agus rinne mé mo chéad Aimsir ar an teilifís i mí an Mhárta 2002. Cé gur beag a cheap mé ag an am go raibh mo ghairm faighte agam, tá mé ansin go fóill.

Cé go bhfuil go leor oibre i gceist in earnáil na teilifíse, bíonn go leor spraoi i gceist freisin. Tá mise tar éis neart cláir éagsúla a dhéanamh le deich mbliana anuas agus bainim an sult céanna as anois is a bhain mé an chéad lá riamh.

Tá deiseanna iontacha faighte agam ag obair leis an stáisiún. Ceann de na rudaí is mó atá foghlamtha agamsa sa ngairm seo ná éisteacht le daoine a bhfuil an t-eolas acu agus a bheith sásta rudaí nua a fhoghlaim i gcónaí. Caithfidh tú a bheith ag cur le do thaithí agus le do chuid eolais an t-am ar fad.

Ach ní hé sin le rá nach mbím neirbhíseach go fóill, mar bím, gach lá sula dtéim ar an aer. Go deimhin, ceann de na chéad cheachtanna a d'fhoghlaim mise riamh ná an lá nach mbeidh tú neirbhíseach ag dul ar an aer, sin an lá ar cheart duit a bheith ag cuartú jab eile!

Faoi láthair tá TG4 ag lorg Láithreoir/Taighdeoir nua. Má cheapann tusa, mar a cheap mise an lá úd in 2001, gurb í seo an ghairm atá uait, tabhair faoi! Tá gach eolas le fáil ag www.tg4.ie.

CLG

Foireann Mickey Hart iomaíoch i gcónaí

Mickey Harte, bainisteoir Thír Eoghain [PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

Baile Átha Cliath - Is cinnte go mbeidh Pat Gilroy ag tnúth le mí Feabhra nuair a bheas na himreoirí uilig, nach mór, a ghnóthaigh craobh na hÉireann ar ais ag imirt dó. Is beag cosúlacht a bhí idir foireann Gilroy a chaill i gcoinne Chill Dara agus an fhoireann a bheidh sé ag súil le cur chun na páirce sa tsraith.

Laois - Dar le bainisteoir Laoise, Enda McNulty, cuirfear an bua in aghaidh Loch Garman (1-06 go 1-15) go cúl a gcinn sula dtabharfaidh siad aghaidh ar Mhaigh Eo sa chéad bhabhta de Roinn a hAon.

Maigh Eo - Cé nach bhfuil an tsraith tosaithe go fóill, a bhuíochas ar an mbua 1-14 le 0-4 in aghaidh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, beidh Maigh Eo ag tabhairt aghaidh ar Nua-Eabhrac ag deireadh na bliana i gcraobh an FBD.

Corcaigh - Deir an bainisteoir Conor Counihan go bhfoghlaimeodh an fhoireann níos mó dá mba rud é nár bhuaigh siad i gcoinne Bhaile Átha Cliath i gcluiche ceannais na sraithe anuraidh. Bhí foireann Counihan ocht bpointe chun deiridh sular thángadar ar ais chun an cluiche a bhuachaint.

Dún na nGall - Tar éis do bhainisteoir an chontae Jim McGuinness fáilte a chur ar ais roimh Adrian Hanlon, a díbríodh ón fhoireann an bhliain seo caite de thoradh sárú smachta, dúirt McGuinness go bhféadfadh an rud céanna tarlú i cás an iarAll-Star Kevin Cassidy.

An Dún - Ní bheidh Paul McComiskey ar fáil don chéad leath den tsraith de thoradh gortú droma. Chaill McComiskey an bhliain 2009 ina hiomláine mar gheall ar dhiosca tnáite (*collapsed disc*) ina dhroim agus cé gur fhill sé in 2010, tá sé i mbun athshlánú i láthair na huaire.

Gaillimh - Tá sé ráite ag bainisteoir na Gallaimhe, Alan Mulholland, nach bhfuil a fhios aige an mbeidh an tosach cumasach Michael Meehan ar fáil dó sna blianta atá le teacht agus é ag troid i gcoinne gortú loingeáin (cartilage). D'fhéadfadh buille tubaisteach eile bheith i ndán do Mulholland agus Pádraic Joyce ag machnamh faoina thodhchaí leis an bhfoireann idirchontae.

Tír Eoghain - Léirigh peileadóirí Thír Eoghain go bhfuil foireann Mickey Harte fós iomaíoch nuair a bhain siad Corn McKenna amach, 1-14 go 2-8 i gcoinne Dhoire. Is foinse inspreagtha é sin do Harte tar éis gur éirigh Kevin Hughes as an imirt. Ba eisean an séú himreoir as foireann 2003 a d'éirigh as ó dheireadh Chraobhchomórtas na hÉireann an bhliain seo caite: an captaen Brian Dooher, Enda McGinley, Philip Jordan, Brian McGuigan agus Ciaran Gourley.

Cill Dara - Beidh Kieran McGeeney ag tnúth gur féidir leis an mbua ar Bhaile Átha Cliath i gCraobh na nGairmscoileanna Cill Dara a stiúradh i dtreo ardú céime ó Roinn a 2 den tsraith. Scóráil Wayne Fitzpatrick 2-7 as 2-11 sa chluiche.

Fear Manach - Tá foireann Fhear Manach neartaithe tar éis do Shane McCabe a chúl a thabhairt le foireann sacair Phort an Dúnáin chun imirt ar son Peter Canavan i mbliana i Roinn a Ceathair. Rinne captaen na foirne Ryan McCluskey an cinneadh céanna roimhe nuair a d'fhág sé Dún Geanainn.

Timpeall na Cruinne

le Cillian Ó Conchúir

Luadh ag Coiste Cróinéara **Gary Speed** ar an Luan nár chinntigh an fhianaise gur d'aon ghnó, ná gur tré thimpiste, a maraíodh Speed. Dúirt bean chéile Speed go raibh sé ag déanamh teangmhála tré théacs léi roinnt laethanta sular básaíodh é inar labhair sé faoi sholas na beatha a mhúchadh ach gur thréig sé an tuairim de bharr a chlainne.

Tá **Rory McIlroy** ag iarraidh an pionós dhá stróc a chur taobh thiar de tar éis dó comórtas in Abú Daibí a chailleadh dá bharr. Dar le McIlroy, níl aon mhaitheas le bheith ag smaoineamh ar an méid a tharla toisc nach féidir aon cheo a athrú. Ach, d'fhéadfadh cúrsaí bheith i bhfad níos measa. Féach ar Tiger Woods. Bhí cathaoir aige ag uimhir a haon sa rangú domhanda, bhí sé ann chomh fada sin. Ach thit an Tíogar agus níl sé ach tar éis filleadh isteach sa chéad 20 sa rangú ag uimhir 17.

I La Liga na Spáinne, thit **Barcelona** seacht bpointe chun deiridh ar **Real Madrid** le comhscór i gcoinne Villarreal. Ba é sin an dara comhscór atá faighte ag Los Cules i mí Eanair, tar éis do Espanyol comhscór a ghnóthú ina n-aghaidh. Sa Ghearmáin tá pointe amháin idir Bayern Munchen, Borussia Dortmund, Schalke 04 agus Borussia Munchengladbach ag barr an tábla.
San Iodáil, tá **Juventus** pointe chun tosaigh ar **AC Milan**. Tá gníomhaireacht náisiúnta frith-dhópála na Gearmáine le himscrúdú a dhéanamh ar 28 lúthchleasaí le fáil amach an bhfuair siad aistriú fola ó dhochtúir atá i lár scannal dópála. D'oibrigh an Dr Andreas Franke ag ionad traenála de chuid Chónaidhm Spóirt Oilimpeacha na Gearmáine do lúthchleasaithe ar an leibhéal is airde.

Tugann Giants Nua-Eabhrac agus New England Patriots aghaidh ar chéile i **Super Bowl 46** an Domhnach seo. An tseachtain seo in Indianapolis bhí margadh lasmuigh den staid ina mbeidh an Super Bowl ar siúl agus thug foireann iománíochta Indianapolis deis do Mheiriceánaigh blaiseadh den iomáint a fháil.

Bhí **Katie Taylor** i mbun campa traenála in Georgia le seachtain anuas. Tá an dornálaí i mbun traenála faoi láthair agus í ag druidim leis an aon chomórtas cáilithe amháin dos na Cluichí Oilimpeacha, is é sin an Chraobh Dhomhanda sa tSín i mí Bealtaine. De bharr an champa ní bheidh Taylor mar churadh na hÉireann toisc nach raibh sé oiriúnach di agus an campa in Georgia faoi lán tseoil.

Beidh ar **Alberto Contador** fanacht ar feadh seachtain sa bhreis go dtí go bhfaighidh sé amach an gcuirfear ar fionraí é ar feadh dhá bhliain agus an mbainfear an Tour de France a bhuaigh sé in 2010 de. Scaoil an Chúirt Eadrána Spóirt ráiteas á rá go mbeadh an cinneadh á fhoilsiú ar an séú lá de mhí Feabhra.

Tá an réalta óg rothaíochta **Marcel Kittel**, an t-iarchuradh Oilimpeach 800 méadar Nils Schumann agus an léimí fada ó Iamáice James Beckford ina measc.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 1 Feabhra, 2012

Ar an gclaí

"Anois teacht an Earraigh beidh an lá dul chun síneadh is tar éis na féile Bríde ardóidh mé mo sheol"

"ANOIS teacht an Earraigh beidh an lá dul chun síneadh is tar éis na féile Bríde ardóidh mé mo sheol" a scríobh Ó Raifteirí an file cúpla céad bliain ó shin.

Bhuel tá Lá Fhéile Bríde tagtha agus tá sé in am ag na foirne peile na seolta a ardú gan mórán moille.

Tosnaíonn an tsraith náisiúnta an deireadh seachtaine seo agus sinn go léir ag súil leis.

Tugann na cluichí sraithe seans dos na bainisteoirí cinneadh a dhéanamh ar imreoirí nua agus meascáin dhifriúla de shean agus óg a thriail sna cluichí seo .

Dar ndóigh tá thart ar chúig mhí fós ag na foirne bainistíochta teacht ar an meascán ceart mar is ag lár mhí Iúil a thosnaíonn an chraobh i gceart.

Mar sin féin bíonn gach contae ag déanamh a ndíchill agus gach imreoir ag iarraidh taispeáint don bhainistíocht go bhfuil sé maith go leor do theas an chatha nuair nach bhfuil aon líon slándála ann níos déanaí sa bhliain.

Tá sprioc amháin ag gach imreoir atá ag imirt ag an leibhéal seo agus sin chun bheith gléasta amach i ndathanna an chontae agus é seasta i lár Pháirc an Chrócaigh ar an tríú Domhnach de mhí Mheán Fómhair agus Uachtarán an Chumainn, Liam Ó Néill, ag bronnadh an choirn airgid ar chaptaen a fhoirne.

Faraor, pé brionglóidí atá ag imreoirí na tíre, is beag seans atá ag a bhformhór i láthair na huaire mar is deacair féachaint thar an ngnáth leathdhosaen, bunaithe ar an méid a chonaiceamar le bliain nó dhó .

Tá ardmholadh ag dul don CLG faoin bhfógraíocht atá á déanamh acu don tSraith Náisiúnta sna meáin i láthair na huaire.

Tá sé bríomhar, nua-aimseartha agus an scéal á scaipeadh acu go bhfuil an séasúr sraithe ag tosnú an deireadh seachtaine seo.

Caithfidh an CLG céanna bheith i lár an aonaigh leis an margaíocht agus leis an bhfógraíocht, go háirithe i mbliana, agus iad in iomaíocht le Corn Heineken, Corn na hEorpa sa sacar agus na cluichí Oilimpeacha.

Beimid ag coimeád súil ghéar i mbliana ar Dhún na nGall a tháinig aniar aduaidh orainn go léir anuraidh.

An gcuirfidh 'syndrome an dara séasúr' isteach orthu? Bhíodar anghar do bharr an tsléibhe anuraidh ach caithfidh siad tosnú amach ag an mbun arís (cosúil le gach foireann eile) ach an difríocht i mbliana ná go mbeidh gach foireann eile ag iarraidh iad a chosc freisin.

22 Eanáir 2012: Paul Mannion, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, i mbun imeartha le Robbie Lowe, Liatroim, Sraith FBD Insurance, babhta a 3. Bhain Liatroim, 1-11 i gcoinne 0-7. [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Tá i bhfad níos mó eolais ag na foirne eile orthu anois ach thaispeáin Jim McGuinness anuraidh (agus i gcaitheamh na Nollag) gur bainisteoir cumasach é ach beidh air rud beag eile a thabhairt go dtí an bord i mbliana, rud a thabharfaidh an turas ar fad iad.

Feicfimid conas tá acu an Satharn beag seo nuair a rachaidh siad go Páirc Esler chun tabhairt faoin fhoireann bhaile, An Dún, faoi shoilse.

Beidh bainisteoir Mhaigh Eo, James Horan, agus a fhoireann ag iarraidh cur leis an dtaispeántas iontach a thugadar chun bata agus bóthar a thabhairt do Chorcaigh anuraidh.

Faraor níor thaispeánadar an cur chuige céanna i gcoinne Chiarraí sa chéad chluiche eile.

Tá ardmholadh ag dul don CLG faoin bhfógraíocht atá á déanamh acu don tSraith Náisiúnta sna meáin i láthair na huaire. Tá sé bríomhar, nua-aimseartha agus an scéal á scaipeadh acu go bhfuil an séasúr sraithe ag tosnú an deireadh seachtaine seo.

Ach tá siad ar ais ar an mbóthar agus Corn Shraith an FBD buaite acu an Satharn seo caite. Thug an Réalta Uile-Éireann Andy Moran le fios go bhfuil sé ar ais i mbarr a shláinte i ndiaidh an drochghortaithe a chuir isteach air anuraidh.

Tá mórán ráite agus scríte thar na blianta faoin mhí-ádh atá ar fhoirne Mhaigh Eo le seasca séasúr anuas. Tá sé dochreidte nach bhfuil Corn Sam Mhic Uidhir buaite acu ón bhliain 1951.

Taistealóidh siad go Port Laoise ar an Satharn agus iad ag súil leis na pointí a thógaint leo.

Ach is dócha go bhfuil lár stáitse an deireadh seachtaine ag dul don choimhlint idir seaimpíní na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus na tánaistí, Ciarraí.

Níl ach pointí sraithe agus cearta maímh le buachaint sa chluiche an uair seo ach fós beidh teannas eatarthu faoi shoilse geala Pháirc an Chrócaigh.

Pé cúigear déag a théann chun páirce don dá fhoireann, tabharfaidh siad céad fán gcéad agus ba cheart go mbeadh ardchluiche againn.

Ar an Domhnach déanfaidh seaimpíní na sraithe, Corcaigh, an turas fada go hArd Mhacha. Tá foireann an Deiscirt fós gan beirt des na tosaithe is fearr sa tír, iad san Daniel Goulding agus Ciarán Sheehan.

Tá Colm O'Neill ,a bhí gortaithe anuraidh, ar ais ag imirt agus é ag taispeáint gur ardtosaí é sna cluichí i gCorn Mhic Craith ach is cosúil go bhfuil sé gortaithe arís.

Pé rud é, ní buaitear aon chluiche go héasca ó thuaidh agus gan dabht beidh sé dian ar Chorcaigh na pointí a thabhairt leo.

I roinn a dó beidh coimhlintí fíochmhara freisin. Beidh Cill Dara, Tír Eoghain, An Mhí, Muineachán, Doire, Gaillimh, Lú agus an Iarmhí ag iarraidh an t-ardú céime a dhéanamh.

Mar sin amach linn go dtí cluiche éigin ar an deireadh seachtaine agus dathanna ár gcontae dúchais orainn agus muid ag tosnú an turais fhada go Páirc an Chrócaigh i Meán Fómhair.

Beir Bua.

Beidh sé deacair ar Éirinn an Fhrainc a chloí

Amharcann **Cillian Ó Conchúir** chun tosaigh ar Chraobh na Sé Náisiún

Éire

Imreoir Cinniúnach: Jonathan Sexton - Tá sé tar éis Cúige Laighean a stiúradh i dtreo dhá Chorn Heineken le trí bliana anuas. Is é seo an t-am do Sexton an beart leanúnach a dhéanamh ar an ardán idirnáisiúnta. Más féidir leis an rithim chéanna a bhaint amach san imirt idirnáisiúnta, d'fhéadfadh sé na cúlaithe a chur ar an ionsaí. Beidh air caidreamh níos fearr a chruthú idir é féin agus Conor Murray i lár páirce áfach. Tá sé feicthe cheana gur baineadh é chun Ronan O'Gara a thabhairt chun páirce ag pointí cinniúnacha i gcluichí. Ach ní bheidh O'Gara ann go deo. Caithfidh sé seasamh ina aonar.

Tallann don todhchaí: Conor Murray - Tá mórcheisteanna fós le freagairt ag Murray tar éis an taispeántais a thug sé i gCorn an Domhain agus i mbliana le Cúige Mumhan; bhí amhras faoi le linn roinnt cluichí. Tá muinín ag Kidney as agus le Tomás O'Leary curtha chun bealaigh aige, is idir é féin agus Reddan an geansaí tosaigh a thabhairt leo don chomórtas. An cheist is mó faoi Murray ná an luas atá aige mórthimpeall na clibirte agus na rucanna. Tá an dainséar ann go mbéarfaí air sula dtugann sé an liathróid uaidh. Is deis í an comórtas seo dó geansaí uimhir a naoi a dhaingniú dó féin.

Sprioc don chomórtas: Beidh Declan Kidney agus na himreoirí uilig ag iarraidh an Corn Domhanda a chur go cúl a gcinn agus bua a fháil ar an Bhreatain Bheag sa chéad seachtain. Ní féidir le haon tosach a bheith lag, agus iad ag tabhairt aghaidh ar an Fhrainc an tseachtain ina dhiaidh sin sa Stade de France. Ceist bhliantúil atá ann faoi na himreoirí ar imeall na foirne tosaigh. Le Luke Fitzgerald ag teacht ar ais chuige féin arís agus Fergus McFadden, Keith Earls, Eoin O'Malley agus Dave Kearney ag fanacht lena ndeis, is cinnte go bhfuil na hógánaigh ann. Ceist eile ná an dtabharfar deis dóibh nó an mbeidh eagla ar Kidney roimh an iomarca athrú.

Tuairim Gaelscéal: Coróin thriarach agus craobhchomórtas atá i ndán d'fhoireann na hÉireann. D'fhéadfadh Kidney agus foireann na hÉireann críochnú le coróin thriarach ar a laghad faoi dheireadh an chomórtais. Beidh sé deacair orthu an Fhrainc a chloí as baile agus gan Brian O'Driscoll sna cúlaithe. Tá cúlaithe Mumhan agus Laighean spleodrach ach an cheist is mó a bheas le freagairt ná an féidir leo teacht le chéile i ngeansaí na hÉireann. Más féidir beidh an dara Grand Slam le buachaint in Twickenham ar Lá Fhéile Pádraig i mbliana.

An Fhrainc

Imreoir Cinniúnach: Thierry Dusautoir - Léirigh sé é féin mar imreoir den chéad scoth le linn Chorn an Domhain. Beidh bainisteoir nua na Fraince, Philippe Saint-Andre, ag tnúth gur féidir le captaen na foirne an fhoireann a ardú. Beidh imreoir IRB na bliana lárnach in aon seans atá ag Saint-Andre an bua a fháil ar Éirinn. Más féidir leis an spreagadh céanna a thabhairt is a thug sé i gCraobh an Domhain, beidh Grand Slam eile ag an Fhrainc.

Tallann don todhchaí: Wesley Fofana - Tá cúlaí láir Clermont Auvergne tar éis séasúr iontach a bheith aige. Tá trí úd faighte aige i gCorn Heineken go dtí seo. Tá gach seans ann go dtosóidh sé taobh le himreoir Clermonteile, Aurelien Rougerie. Sa mhéid sin, tá éacht déanta ag Fofana, nuair a chuimhnítear gur fágadh Florian Fritz ar lár agus go bhfuil ceithre chúlaí de chuid Toulouse, Yann David, Maxime Médard, Vincent Clerc agus Clément Poitrenaud san fhoireann.

Sprioc don chomórtas: Leis an máistir craicéailte, Marc Lièvremont, imithe, is faoi Philippe Saint-André an Fhrainc a aontú. In ainneoin nach mbeidh sé sin éasca, is cosúil go mbeidh imreoirí na Fraince ag iarraidh an bród a chur ar ais sa gheansaí tar éis réimeas Lièvremont. Tá roinnt athruithe déanta aige cheana féin le teacht ar ais Clément Poitrenaud, a fágadh ar lár don Chorn Domhanda, Lionel Beauxis (nár imir leis an fhoireann idirnáisiúnta le trí bliana), an frapa Vincent Debaty, nár imir ó 2006, agus Yann David a d'imir don Fhrainc in 2009.

Tuairim Gaelscéal: Dara háit - Is cuma nach bhfuil Brian O'Driscoll ann chun cosaint na Fraince a ghearradh. Ní bheidh tús brionglóideach ag Saint-André cé go bhfuil seans ann go ndéanfar slad in aghaidh Shasana sa Stade de France.

An Bhreatain Bheag

Imreoir Cinniúnach: Sam Warburton - Beidh Sam Warburton ag tnúth lena imirt idirnáisiúnta a chur ar bhóthar an leasa tar éis dó bheith curtha den pháirc sa Chorn Domhanda. Is é seo deis Warburton a thallann a léiriú, cé nach bhfuil se ach 23. Le leithéidí Rhys Priestland agus Jamie Roberts in easnamh de bharr gortuithe, beidh tulleadh brú ar Warburton é féin.

Tallann don todhchaí: Harry Robinson - Bíonn gearghá le himreoirí óga den scoth a chur chun páirce don Bhreatain Bheag gach cúpla bliain. Anuraidh d'éirigh Shane Williams, Dan Lydiate, Alun Wyn Jones, Luke Charteris agus Lloyd Burns as. I Robinson, tá oidhre Williams. Níl imreoir Caerdydd ach 18 bliain d'aois agus cheana féin labhraítear faoi mar an chéad Shane Williams eile. Is dócha go mbeidh roinnt ama air sula mbriseann sé isteach san fhoireann.

Sprioc don chomórtas: Beidh siad ag iarraidh ceannairí na foirne, atá fágtha ar lár go dtí seo, a fháil ar ais gan mhoill. Léirigh bainisteoir na foirne Warren Gatland é féin mar fhear teilifíse seachas bainisteoir rugbaí nuair a roghnaigh sé Gavin Henson, té a bhfuil níos mó cláracha Strictly Come Dancing déanta aige ná cluichí rugbaí. Mura mbíonn Roberts srl ar ais, beidh sé i bhfad níos fusa ar Éirinn.

Tuairim Gaelscéal: Tá cailliúint i ndán dóibh tar éis an bua a fháil in aghaidh na hÉireann sa Chorn Domhanda. Gan na himreoirí uilig a thóg chuig na babhtaí leathcheannais iad, beidh sé deacair orthu dul in iomaíocht le hÉirinn agus leis an Fhrainc. Seans go mbeidh a ndóthain acu chun buachan ar Shasana.

Albain

Imreoir Cinniúnach: Is drochchailliúint amach is amach iad Joe Ansbro (dhá sheachtain) agus Kelly Brown (ní bheidh sé ag imirt ar feadh an chuid eile den séasúr) d'Albain. In éagmais na beirte sin agus Chris Paterson atá tar éis éirí as, is faoi Ross Ford, mar chaptaen na foirne, a bheidh sé iad a choimeád slán ó bhun an tábla.

Tallann don todhchaí: Greig Laidlaw - Gan Chris Paterson, beidh Andy Robinson ag iarraidh an folús a d'fhág sé ina dhiaidh a líonadh. Cé go bhfuil gach seans ann gurb é Dan Parks a roghnóidh Robinson, tá roinnt in Albain ag iarraidh leas a bhaint as Laidlaw agus Sasana ag teacht chun Murrayfield ar an Satharn do Chorn Calcutta. Leis an chúlaí láir Joe Ansbro gortaithe, rachaidh sé deacair orthu seansanna a chruthú.

Sprioc don chomórtas: Más féidir leo an bua a fháil i gCorn Calcutta in aghaidh Shasana, beidh deis ag Robinson tógáil air sin. Léirigh siad iad féin go maith sa Chorn Domhanda agus más féidir leo roinnt taispeántais mhaithe a chur le chéile, beidh sé deacair dul ina gcoinne.

Tuairim Gaelscéal: Gan Corn Calcutta buaite acu ó 2008, táimid uilig ag guí gur féidir leo mórchailliúint na bliana a bhronnadh ar Shasana chun an ceathrú háit a ghnothú ar deireadh.

Sasana

Imreoir Cinniúnach: Owen Farrell - Tar éis dó a chéad tosach a fháil le Saracens ag aois 17, tá an-dul chun cinn déanta ag an fhear óg seo ón lá sin i leith agus ba eisean an difríocht idir na foirne i gCraobh Phríomhroinn Shasana anuraidh in aghaidh Leicester. Le Johnny Wilkinson éirithe as agus Toby Flood gortaithe is cinnte go mbeidh cumas cicéala Farrell ina bhuntáiste d'fhoireann Stuart Lancaster.

Tallann don todhchaí: Dúirt iarbhainisteoir na All-Blacks Graham Henry gurb iad (Sasana) curaidh an domhain ó thaobh cur amú tallainne de. Tar éis iompar na foirne ag an Chorn Domhanda agus le Delon Armitage gafa ag na póilíní ag an deireadh seachtaine, is dócha go bhfuil roinnt fírinne ann. Ach le leithéidí Farrell agus Chris Robshaw, atá ina chaptaen in ainneoin nach bhfuil ach cluiche amháin imeartha aige do Shasana go dtí seo, tá siad ag iarraidh an taoide a chasadh i gcoinne staire atá lán de dhrochshamplaí.

Sprioc don chomórtas: Tar éis Corn Domhanda tubaisteach, chaith an bainisteoir gearrthéarmach, Stuart Lancaster, naoi n-uair an chloig ag labhairt le himreoirí ina n-aonar ina chéad lá sa phost. Is comórtas atógála atá anseo dó agus do Shasana. Beidh orthu an-chuid oibre a chur isteach chun an bua a fháil i gcoinne na hAlban agus na hIodáile as baile sa chéad dá sheachtain. Muna féidir sin a dhéanamh, is iad focla Henry is lú a bheidh ag cur as do Lancaster.

Tuairim Gaelscéal: Cúigiú háit - Níl seans dá laghad ag Sasana dul in iomaíocht don chomórtas. Is é seo an deis is fearr a bheas ag Albain agus ag an Iodáil an ceann is fearr a fháil ar Shasana. Gach bliain baineann toradh amháin geit as lucht féachana rugbaí. I mbliana is é deis Shasana titim as baile i gcoinne na hAlban nó sa Róimh in aghaidh na hIodáile.

An Iodáil

Imreoir Cinniúnach: Sergio Parisse - Ní ghlaoitear 'foireann imreora amháin' ar an Azzuri gan chúis. Dá mbeadh Parisse ag imirt d'aon fhoireann eile i gCraobh na Sé Náisiún, bheadh imreoir IRB na bliana faighte aige. Ina ainneoin sin, déanann sé a sheacht ndícheall seachtain i ndiaidh seachtaine, bliain i ndiaidh bliana.

Tallann don todhchaí: Tá gantanas mór tallainne san Iodáil agus níor chabhraigh Cumann Rugbaí na hIodáile (CRI) ná an t-iarbhainisteoir Nick Mallet le cúrsaí. Tá CRI tar éis srian a chur ar líon na n-imreoirí eachtrannacha gur féidir imirt do Aironi agus Treviso agus is beag cuardach a dhein Mallet lasmuigh de na himreoirí a bhí aige. Ba chuma nuair a ghnóthaigh siad bua ar an Fhrainc, ach ní tharlóidh sé sin arís go ceann tamall fada.

Sprioc don chomórtas: Más féidir le foireann Jacques Brunel bua a fháil sa bhaile i mbliana, beidh muintir na hIodáile sásta leis sin. Níl na himreoirí ann chun foireann fhíorláidir a fhorbairt, agus léirítear sin sna himreoirí a mbíonn an brú orthu an gníomh a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana.

Tuairim Gaelscéal: An séú háit a bheas acu arís i mbliana. In ainneoin go ndeireann bainisteoir nua an Azzuri go mbeidh siad i lár an aonaigh ó thaobh an comórtas a thabhairt leo faoi cheann dhá bhliain, tá sé deacair sin a fheiscint. Cé go bhfuil Aironi ag teacht ar aghaidh go maith i gCorn Heineken agus sa Pro12, níl na himreoirí acu. Ach tá siad lán de chroí agus an deis is fearr atá acu ná bua a fháil sa bhaile i gcoinne Shasana nó na hAlban.

Praiseach déanta de Roinn 1 cheanna féin

Daithí Mac Tighearnáin

FÓGRAÍODH an struchtúr do Roinn a hAon 2012 i rith na seachtaine agus, creid nó ná creid, liosta iomlán de chluichí na bliana 2012, ainneoin nach ndéanfar cinneadh maidir le ceadúnais na gclub go 5 Feabhra. Is ait an mac an saol seo, ach, mar is eol dúinn, ní thagann ciall le Cumann Peile na hÉireann (an FAI) i gcónaí.

Mar bharr ar an donas, cé go raibh aon chlub déag sa Roinn anuraidh agus cé gur aistarraing Gaillimh Aontaithe a n-iarratas, chinn siad roinn d'ocht gclub a reachtáil agus droim láimhe glan a thabhairt d'iarratais Chóstóirí Chóbh agus Dineamónna Thrá Lí . Ach dúirt an FAI go mbeadh a n-iarratais beo arís mura bhfaigheadh clubanna ó na hocht gclub úd ceadúnais. Dúirt ionadaithe ón dá chlub Mhuimhneacha sin nach bhfuair siad aon teagmháil ón FAI maidir lena n-iarratais, roimh an bhfógra poiblí seo. Más fíor é seo, seo easpa measa arís ó 'fheidhmeannaigh thábhachtacha' (atá 'ag saothrú' tuarastail ollmhóra) ar chlubanna, stiúrthóirí, cóitseálaithe, imreoirí, srl a mhaireann ó lámh go béal ar son na cúise.

Cé nach raibh club sraithe i leath de na 26 contae dhá bhliain ó shin agus ainneoin na heaspa ratha a bhí ar shacar na Gaillimhe le club sinsearach amháin, thug an FAI ceadúnais sraithe do thrí chlub i gcathair na Gaillimhe - Gaillimh Aontaithe, Radharc na Mara (Mervue) Aontaithe agus Bóthar na Trá Devon i gcathair ina raibh lucht leanúna spóirt báite in iománaíocht, peil Ghaelach agus rugbaí cheana féin. Iontas na n-iontas, d'fhógair an FAI roimh an Nollaig go raibh siad chun bata agus bóthar a thabhairt do chlub amháin díobh siúd as an tSraith do 2012. Rinne Gaillimh Aontaithe an cinneadh sin dóibh.

Iontas na n-iontas, d'fhógair an FAI roimh an Nollaig go raibh siad chun bata agus bóthar a thabhairt do chlub amháin díobh siúd as an tSraith do 2012. Rinne Gaillimh Aontaithe an cinneadh sin dóibh.

Ón 11 chlub a bhí i Roinn 1 in 2011, bhain trí chlub ardú céime amach agus díchláilíodh Gaillimh Aontaithe as an bpríomhroinn, rud a d'fhág naoi gclub i Roinn 1. Agus Gaillimh Aontaithe as an áireamh anois, imreoidh na hocht gclub a leanas i Roinn 1 má fhaigheann siad a gceadúnais: Luimneach, Port Láirge Aontaithe, Baile an Longfoirt, Baile Átha Luain, Cláirseacha na Finne, Ógánaigh Loch Garman, Radharc na Mara Aontaithe agus Bóthar na Trá Devon (a imreoidh i bPáirc Thír Oileáin (Terryland Park) in 2012). Imreoidh na clubanna in aghaidh a chéile faoi cheathair sa tSraith, sin 28 cluiche an fhoireann san iomlán. Tosóidh an séasúr nua ar 2 Márta.



DÍOMA : Ní bheidh Gaillimh Aontaithe ag imirt i mbliana - an mbeidh siad ar ais ar an pháirc choíche?

[PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Deireadh le Gaillimh Aontaithe?

I RITH na seachtaine, d'fhógair stiúrthóirí Ghaillimh Aontaithe gur éirigh an grúpa Iontaobhas Thacóirí Ghaillimh Aontaithe (a rith an club dóibh in 2011) as a ndualgaisí (de bharr easaontas leanúnach) agus nach raibh an dara rogha ag na stiúrthoirí céanna ach Gaillimh Aontaithe a tharraingt amach as Roinn 1 do 2012.

D'fhógair an tIontabhas úd go raibh rún acu club nua a bhunú, d'fhonn iad a bheith i Roinn 1 in 2013. D'fhógair an FAI go mbeadh plé leanúnach ar siúl i gcaitheamh 2012 maidir le todhcaí shacair na Gaillimhe.